
# IORRAS AITHNEACH 97

*Cuntas ar cheantar Chill Chiaráin agus Charna*



*Mí na Nollag 1997*

*Luach £2.50*

Raidió na Gaeltachta
25
ar fud na tíre

Gach lá 0800 - 1930

92-94 agus 102.7 FM/VHF

**Fón: 091-506677**

# EAGARFHOCAL

'Tá mo theachín'sa ar an ardán......agus tá a dhá cheann sa ngaoth', a dúradh san amhrán fadó. Is iomaí sin teach sa bpobal seo a bhfuil a dhá cheann sa ngaoth. Ach nuair a lagann doineann an Gheimhridh nach breá an t-amharc atá as na títhe sin siar i dtreo an Atlantaigh agus amach i dtreo na gcnoc. Tá súil againn sa gCéad seo atá romhainn amach gur ag muintir Iorras Aithneach is mó a bheas an radharc sin ar na cuanta agus ar na cnoic ach is mairg a bheadh siúráilte de sin. Tá an saol ag athrú.

Tá lucht na hEorpa ag díriú a gcuid súile ar Chonamara le fada. Is breá leo an ciúnas agus an suaimhneas. Tá na háiteacha ina bhfuil cónaí orthu féin plodaithe: tá tionscail agus tráchtáil ar an orlach ann. Gheobhfar spás, scíth agus aer glan i gConamara. Rud maith é sin sa méid agus go gcuireann sé le tionscal na turasóireachta anseo. Ach tá títhe agus gabhaltais go leor ceannaithe ag lucht na hEorpa - agus daoine as tíortha eile - i gConamara anois. Tá a n-aghaidh acu ar an taobh seo de Chonamara le blianta beaga anuas.

Sé nádúr na tráchtála agus an díolacháin go mbeifear ar thóir an phraghas is airde ar thíthe agus ar thalamh: caithfear glacadh leis sin. Ach sa taobh seo tíre ní hacmhainn do mhuintir na háite an ceann is fearr a fháil ar dhaoine as tíortha eile i dtaobh ceannacht títhe nó talamh, formhór an ama. Níl an t-airgead mór acu. Tá an rud céanna feicithe againn amach taobh an Chlocháin, Bhaile Ac'Conghaile agus Chloch na Rón. Níl mórán de mhuintir na háite fágtha i gcuid de na bailte fearainn sa taobh sin tíre - turasóirí sa samhradh agus dorchadas sa ngeimhreadh. An bhfuil an pobal seo ag dul an treo céanna?

Thriáil Comhairle Pobail Iorras Aithneach áird na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán a tharraingt ar an gceist seo cupla bliain ó shin. Bhí siad ag iarraidh go dtacófaí le daoine a choinneodh seantíthe agus a chuirfeadh caoi orthu. Ar ndóigh ní fhéadfaí iompú thart d'aon léim amháin ansin agus na títhe sin a dhíol le heachtrannagh. Níor ghlac an Roinn leis an moladh. An bhfuil aon bhealach eile againn lena dheimhniú go mbeidh títhe ag daoine óga? D'fhéadfadh sé go mbeadh.

Tá moladh i gcuid eile den Irisleabhar seo go ndéanfaí smaoineamh ar bhealaí a gcuirfí píosa cimín sléibhe ar fáil do dhaoine óga a bheadh ag iarraidh títhe a thógáil air. Dá mbeadh tacaíocht ann ó áisíneacht Stáit eicínt, d'fhéadfaí na seirbhísí a chur ar na suíomhanna ar dtús. Bheadh roinnt le n-íoc ach ní bheadh sé i ngar don phraghas ollmhór atá ar shuíomhanna in áiteacha anois. B'fhiú smaoineamh a dhéanamh ar an bplean sin. Ar ndóigh tá scéimeanna na Comhairle Contae ar cheann de na bealaí is éifeachtaí atá ann le títhe a chur ar fáil freisin.
Cén fáth nach bhféadfadh siad sin a bheith ann ...agus suíomhanna a bheith ar fáil le ceannacht ar phraghas réasúnach in áit eicínt eile freisin?

**Buíochas le Comharchumann Chonamara Thiar.**

Glacann Coiste na hIrise buíochas ar leith le Comharchumann Chonamara Thiar, agus le Bainisteoir an Chomharchumainn, as ucht an chúnamh a thug siad dúinn ag ullmhú na hirise seo i mbliana. Glacann muid buíochas freisin le Údarás na Gaeltachta as ucht na n-áiseanna a chuireann siad ar fáil don ghluaiseacht fhorbartha pobail anseo i gcaitheamh na bliana.

**CLÚDACH.**

**In uachtar - Cailíní Charna théis dóibh Comórtas Sraithe an Chontae a bheith buaite acu ar an bhFáirche.**
***Líne tosaigh (ó chlé)*** *- Caitríona Ní Chualáin, Déirdre Ní Chatháin, Sorcha Ní Chathasaigh, Áine Máire Ní Chlochartaigh, Treasa Uí Chartúir, Pauline Ní Chaonaigh, Laura Ní Chlochartaigh, Michelle Ní Chuaig, Mairéad Ní Fhlatharta, Fiona Ní Loideáin, Gearóidin Nic Táibhís.*
***Líne cúil (ó chlé)*** *- Máire Ní Chaonaigh, Bairbre Nic an Iomaire, Déirdre Ní Ghuairim, Sinéad Ní Shúilleabháin, Dolores Ní Chaonaigh, Siobhán Ní Chaonaigh, Valeria Ní Chaonaigh, Treasa Nic Táibhís, Gráinne Uí Chualáin, Marian Ní Fhallúin, Lorraine Nic Craith, Máire Uí Fhlatharta.*

**In íochtar.........Carna/an Caiseal, buaiteoirí na Sraith Peile sa ngrád sóisir "A" i nGaillimh i 1997. Tógadh an pictiúr seo le linn dóibh a bheith ar cuairt go Londain.**
***Líne cúil (ó chlé)*** *- Tomás Ó Briain, Beartle Ó Cathasaigh, T.J. Ó Conaire, Antoine Ó Conghaile, Seán Ó Mainnín, Nollaig Ó Niaidh, Pól Ó Féinnidh, Rónán Ó Cualáin, Conchubhar Ó Cadhain, Diarmaid Ó Duinnshléibhe agus Seán Ó Cathasaigh.*
***Líne tosaigh (ó chlé)*** *- Rónán Ó Dubhda, Seán Ó Fátharta, Séamas Ó Clochartaigh, Ciarán Ó Tuathail, Pádraig Ó Caonaigh, Seán Mac an Iomaire, Séamas Ó Suilleabháin, Val Ó Féinnidh, Rónán Mac Craith, Seán Ó Flatharta, Colm Ó hUaithnín agus Séamas Ó Catháin.*

## Coiste "Iorras Aithneach '97"

*Seo iad baill Choiste Irisleabhar Iorras Aithneach don bhliain 1997:*
Máire Uí Chuinneáin;
Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin;
Éamon Ó Domhnaill;
Áine Máire Ní Fhlatharta;
Seosamh Ó Cuaig;
Máirtín Ó Catháin - Eagarthóir.

**Staitisticí Daonra.**
Bairbre Uí Neachtain, Máire Uí Bhulguidhir, Ciarán Ó Maoláin, Micheál Breathnach, Tomás Ó hIarnáin, Máire Ní Fhéinnidh, Peige agus Maitias Ó Coirbín, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Alison Ní Chadhain, Susan Uí Chatháin.

**Uimhreacha sna Scoileanna.**
Máire Uí Bhulguidhir;
Roibeárd Ó hÉilí.

**Bás/Breith/Pósadh.**
Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin.

**Fostaíocht sa gceantar.**
Máire Uí Chuinneáin

**An Aimsir.**
Ciarán Ó Maoláin.

**Fógraíocht.**
Áine Máire Ní Fhlatharta

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna

Díonta • Ballaí

Pluiméireacht • Pláistéireacht

Sreangú agus Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag: uimhir ghutháin 095-32331 agus facs 095-32532**

# Bun-sheirbhísí an Phobail.

## Bóithre - Cá ndeachaigh airgead dhroichead Flannery?

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ar fheabhsú na mbóithre, níl an cath seo buaite fós......agus is cath é. Tá roinnt mhaith blianta caite ag na gluaiseachtaí pobail anseo ag troid chás na mbóithre. Fós féin tá fíor-dhroch bhail ar phíosaí móra den phríomh bhóthar sa gceantar, an R.340.

Is é an chaoi a bhfuil an t-airgead atá á chaitheamh ar an mbóthar seo ag laghdú i gcónaí i gcomórtas leis an airgead a caitheadh air i 1994. Tabharfaidh muid na figiúiri níos faide síos ach is díol mór spéise......agus cantail....an t-airgead a caitheadh i mbliana ar an R.340.

£300,000 a ceadaíodh don bhóthar ar dtús. Ceadaíodh £250,000 le haghaidh dhroichead Flannery. Bhí muide sa bparóiste seo ag rá i gcónaí gur cheart go mbeadh ciste airgid dá chuid féin ag droichead Flannery. Níor cheart go mbeadh an bóthar thíos leis an airgead a bhíothas a chaitheamh ar an droichead. Ach bhí an bóthar R.340 thíos leis. Throid toscaireacht de chuid 'Fhóram an Phobail' an cás seo go láidir i gcruinniú a bhí acu le Innealtóir cheantar Chasla, John Flesk, agus an tInnealtóir sinsireach do bhóithre sa taobh seo tíre, Michael Dolly. Bhí an cruinniú sin ann i mí Lúnasa seo caite.

Mhínigh an tUasal Dolly nach raibh an Chomhairle Contae ag fáil aon phingin breise le caoi a chur ar dhroichid agus go gcaithfí glacadh leis go raibh an t-airgead a bhíothas a chaitheadh ar an bhFlannery ina chuid d'airgead an R.340. Ach bhí na hInnealtóirí ag ceapadh nach bhféadfaí aon obair a dhéanamh ar an bhFlannery i 1997, mar nach raibh na socruithe uilig i dtaobh cúrsaí conraitheora déanta. Meabhraíodh aríst do na hInnealtóirí go raibh iarratas curtha isteach againn ag iarraidh go gcaithfí an t-airgead a bhí tugtha le haghaidh an Flannery ar an mbóthar gar go láthair, mura bhféadfaí an t-airgead a chaitheamh ar an droichead.

Chuir an Chomhairle Contae iarratas go dtí an Roinn Comhshaoil i mBaile Átha Cliath ag iarraidh cead le £250,000 a aistriú ón droichead go dtí an bóthar R.340. Chuir muide tuilleadh litreacha chun bealaigh ag iarraidh go gcaithfí an t-airgead sin idir Cill Chiaráin agus Carna, ó tharla an bóthar sin a bheith an-dona.

Ceadaíodh £100,000 don bhóthar sin agus níor facthas an chuid eile den airgead sa taobh seo tíre ar chor ar bith. Tá ceist le freagairt, nár freagraíodh i gceart agus muid ag cur an Irisleabhair i dtoll a chéile. Seo í an cheist....

**Cá ndeachaigh airgead dhroichead Flannery?**
Is cosúil go bhfuil scéal eicínt thart gur caitheadh £150,000 de sa taobh ó thuaidh de Chonamara níos túisce sa mbliain! Is deacair ciall ná réasún a bhaint as an míniú sin. Dá mbeadh sin amhlaidh is ar éigin go gcuirfeadh Comhairle Contae na Gaillimhe iarratas go Baile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair ag iarraidh go gcaithfí £250,000 ar an R.340, as ciste dhroichead Flannery. Mura mbeadh fanta ann ach £100,000 cheapfá gur iarratas ar an méid sin a chuirfí go Baile Átha Cliath. Ghlacfadh duine leis go mbeadh a fhios ag Comhairle Contae na Gaillimhe cé mhéid airgid a bheadh caite acu agus cé mhéid airgid a bheadh fanta acu!

Mura bhfaightear míniú níos fearr ar an scéal níl le tuiscint againne sa bpobal seo ach gur cuireadh cuid den airgead seo ag obair in áit eicínt eile i gConamara. Is aisteach an rud é seo freisin, ó tharla gur tugadh le tuiscint dúinne go gcaithfí airgead dhroichead Flannery a chomhaireamh mar chuid den chaiteachas ar an R.340. Mar a deir an Béarla 'it gets curiouser and curiouser'. Níl aon fhreagra fós ar an gceist.....


*Crann Leitir Peidhbream*

**Cá ndeachaigh airgead dhroichead Flannery?**
Ach tá a fhios againn an méid seo:

Tá an chuid is lú de á chaitheamh ar an mbóthar idir Carna agus Cill Chiaráin. Déanfaidh sé leas ach teastaíonn airgead an-mhór i 1998 leis an obair sin a chríochnú agus le dhul in éadan fíor-dhroch phíosaí eile ar an R340.

**Airgead caite ar an R.340 le cheithre bliana anuas.**

| | |
|---|---|
| 1994 | £550,000. |
| 1995 | £225,000. |
| 1996 | £300,000. |
| 1997 | £400,000 |

Cuimhnigh go bhfuil an bóthar as Ros Muc anoir, agus amach thimpeall chomh fada leis an Sraith Salach, i gceist ansin uilig. Má táthar dháiríre faoin mbóthar seo níor mhór an t-airgead sin a dhúbailt an chéad bhliain eile....agus coinneáil leis na figiúirí dúbailte sin sna blianta ina dhiaidh sin.

Mar atá le feiceáil go soiléir sna figiúiri thuas, tá an caiteachas laghdaithe go mór ó 1994....agus níl an boilsciú curtha san áireamh ansin ach an oiread.

## Bóithre Bailte

D'fhógair an tAire Stáit, Éamon Ó Cuív, na deontais seo leanas mar chuid de scéim na mBóithre Bailte i mí na Samhna.

Bóthar Loch an Óir i gCill Chiaráin ó Tígh Chonaire go Caladh bhFuínse Uachtair £20,000.

An bóthar go Tígh Bharrett i Muighinis i gCarna £4,000.

An bóthar go dtí Tígh Chiaráin Uí Cheannabháin san Aird Mhóir £3,000.

Bóthar in Áill na Brún ó Tígh Jack Hynes go Tígh Frank Seoige £8,000.

An bóthar go Teach Sheáin Uí Chualáin i Leitir Ard i gCarna £5,000.

An bóthar go dtí Tígh Cheoinín i Muighros £5,000; an bóthar go Tígh Ghuairim i Muighros £5,000; an bóthar i Ros Dugáin i Loch Con Aortha £6,000; agus £6,000 le caitheamh ar bhóthar Chéibh an Phortaigh i Muighros.

Tá £2,500 le caitheamh ar an mbóthar ó thuaidh ó Dhroichead Flannery ag Tígh John Phaitín Johney Ó Súilleabháin; £2,000 le caitheamh ar an mbóthar ó Ghlinsce go Barr a'Chalaidh agus £5,000 eile ar an mbóthar soir ó Tígh Chadhain go dtí an Chéibh i nGlinsce.

## Reiligeacha

Bhí an obair fheabhsúcháin a rinneadh de bharr an bhrú a chuir Comhairle Pobail Iorras Aithneach ar na húdaráis ar cheann de na nithe ab fhiúntaí a tháinig as an obair phobail sa taobh seo tíre le blianta beaga anuas.

• Cuireadh geataí nua ar reiligeacha Mhuighinse agus Mhuighrois;

• Cuireadh balla cosanta ar thaobh na farraige de reilig Mhuighrois;

• Cuireadh beagan breise spáis páirceála carranna ag reilig Mhuighrois.

Ba mhór ab fhiú an méid sin ach tá údar gearáin ag daoine i gcónaí. Tá na reiligeacha imithe i bhfiántas. Sí reilig Mhuighrois is measa. Shocraigh Comhairle Contae na Gaillimhe go dtabharfaidís £200 le roinnt oibre a dhéanamh ar ch'aon reilig. Ach. ní hionann reiligeacha anseo agus reiligeacha in oirthear na Gaillimhe. áit a bhfuil an talamh níos réidhe agus níos coithroime. Is beag an lear a dhéanfadh £200 i gceachtar den dá reilig atá i gceist againne. Cibé scéal é, déanfaidh Éamon Ó Domhnaill, Bainisteoir Chomharchumann Chonamara Thiar, socrú faoin obair a bheas le déanamh.

**Reilig Mhuighrois le méadú.**

Tá scéala fáighte ag Comhairle Pobail Iorras Aithneach, agus ag an bhFóram do Phobal Iorras Aithneach, go bhfuil reilig Mhuighrois le méadú. Tá socrú déanta faoi cheannacht píosa talúna agus bhí cúrsaí pleanála le réiteach nuair a chuir an Chomhairle Contae scéala chugainn go deireanach. Is mór is fiú an socrú seo agus tá airgead curtha de leataobh i meastacháin caiteachais Chomhairle Contae na Gaillimhe le haghaidh na hoibre.

**Córas Teileafóin Soghluaiste.**

Bhí Comhairle Pobail Iorras Aithneach ar an gcéad ghrúpa pobail in iarthar Chonamara a leag béim go poiblí ar thábhacht an chórais teileafóin soghluaiste.

Bhí cuid mhaith cúiseanna leis sin:

• B'fhacthas dóibh go mbeadh sé riachtanach i dtaobh cúrsaí gnó agus tionsclaíochta ar na saolta seo;

• B'fhacthas dóibh go bhféadfadh an-leas a bheith ag baint leis i dtaobh cúrsaí slándála i gceantar mar seo;

• B'fhacthas dóibh go bhféadfadh an-leas a bheith ag baint leis i dtaobh cúrsaí dochtúra agus timpistí ar muir nó ar tír.


Tá an crann cumarsáide lén aghaidh feistithe amach anois i Leitir Peidhbream agus táthar ag súil go mbeidh an córas ag obair gan mórán moille.

## Uisce - Scannall amach agus amach.

Má chonaic aon nduine 'tiger Ceilteach' le gairid, ba chóir comhairle a chur air a dhul go hIorras Aithneach. Níor facthas thart anseo é fós. Go deimhin thiocfadh dath dearg san éadan ar an 'tiger' dá gcasfadh a chosán i dtreo na háite seo é. Bheadh sé chomh dóigh céanna go gcaillfí leis an tart é!

Gan bhuíochas den stróiceadh atá déanta ag an 'tiger' in áiteacha eile, níl seirbhís cheart uisce ag an bpobal seo fós.

Níl soláthar poiblí ar bith ag an gceantar ó thuaidh de Mhuighros. Go deimhin teastaíonn forbairt agus leathnú ar an gcóras uilig. Tá Plean le haghaidh na hoibre sin seolta ag



Office of the Minister
Oifig an Aire

DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT

20 October, 1997.

Mr. Padraic McCormack, T.D.,
Dail Eireann,
Dublin 2.

Dear Padraic,

I refer further to your representations on behalf of Ms. Aine Maire Ni Fhlatharta, Runai, Comhairle Pobail Iorras Aithneach regarding the Carna/Kilkerrin Regional Water Supply Scheme.

Carna Kilkiernan is one of the schemes included in an ambitious project to service all of Connemara from a single source located on the shores of Lough Corrib. An application for cohesion funding for the Connemara Environment Project was submitted to the European Commission in June 1995. The Carna Kilkiernan scheme has not, however, been prioritised for investment under Stage 1 of the cohesion application.

A Preliminary Report for the Carna/Kilkeerin Water Scheme is with my Department.

Having regard to the existing level of commitments under the Water and Sewerage Services Investment Programme, I cannot say when it may be possible to approve this scheme.

Yours sincerely,

Noel Dempsey, T.D.,
Minister for the Environment
and Local Government.

Printed on recycled paper

Comhairle Contae na Gaillimhe go dtí an Roinn Comhshaoil i mBaile Átha Cliath le 8 mbliana anuas. Níl aon bhlas ag tarlú.

**Caith súil ar an litir seo thall.....**
Ciallaíonn an litir sin nach bhfuil aon bhlas á dhéanamh. Ní bheadh mná feasa na haimsire a caitheadh féin in ann breithiúnas a thabhairt ar an scéal......ná 'tiger' ach an oiread.

**Céard atá le déanamh?**
Coinneoidh an 'Fóram do Phobal Charna' ag treabhadh leo. Tharraing siad anuas an cheist ag cruinniú le hionadaithe de chuid Údarás na Gaeltachta sa bhFómhar. Gheall siadsan go gcuirfeadh siad féin ceisteanna faoin gcóras uisce.

Sé a thús agus a dheireadh ná nach dtarlóidh aon bhlas nó go socróidh polaiteoir eicínt a bhfuil cumhacht aige gur cheart airgead a chaitheamh ar fhorbairt na scéime - mar a déanadh i gCois Fharraige, mar shampla. Caithfimid an cheist a chur.....

**An bhfuil cumhacht ag na polaiteoirí atá ceaptha a bheith mór leis an bpobal seo?????????????**


# LÁMH CHÚNTA Ó AIB



Téann díograis agus comhoibriú le chéile chun comhleas pobail a chothú. Glacann AIB go hiomlán leis seo agus táimid toilteanach ár gcion a dhéanamh i do phobal.

Mar cheann de phríomh institiúidí airgeadais na hÉireann, tuigimid an tábhacht atá le cabhrú le daoine chun na cuspóirí atá acu a chomhlíonadh agus chun na cuspóirí seo a thabhairt chun críche tá raon cuimsitheach de sheirbhísí agus de tháirgí á chur ar fáil againn. Mar teastaíonn lámh chúnta ó gach duine ó am go ham.

**An Clochán 095-21129/21120**

AIB
Banc


*Gineann tú an bhuaic ionainn*

# COMHAIRLE POBAIL IORRAS AITHNEACH, 1997

*Seo iad na baill agus na rúnaithe a thug seirbhís don Chomhairle Pobail i 1997.*



Eibhlín Ní Mhaoláin
(Cathaoirleach)



Tomás Ó hIarnáin
(Rúnaí)




Ciarán Ó Maoláin
(Leas Chathaoirleach)




Máirtín Ó Catháin
Comhairleoir




Máire Uí Chuinneáin
(Cisteoir)



An Dochtúr
Micheál Ó Cathasaigh



An Ceannfort
Maitias Mac Donnchadha



Micheál Breathnach



Susan Uí Chatháin



Máire Uí Mhaoilchiaráin



Roibeárd P. Ó hÉilí



Ann Marie Ní Fhlatharta



Máire Uí Thuathail




Bairbre Uí Mhaoilchiaráin



Gearóid Ó Cosgordha



Alison Ní Chadhain



Ciarán Mac Donnchadha



Coilín Ó Cualáin




Marie Ní Loideáin



Máire Áine Ní Neachtain



Micheál Ó Maoláin



Séamus Breathnach

**'Sí an aidhm atá ag Comhairle Pobail Iorras Aithneach ná an paróiste a chur chun cinn ar bhonn eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha.**



*Mairéad Mhic Oireachtaigh - tá níos mó ná a cion déanta aici in imeachtaí forbartha pobail i gCarna le roinnt mhaith blianta.*




*Baill de Choiste Forbartha ar a mbealach go dtí an Bhreatain Bheag i 1991. Turas ón mbaile ar feadh cupla lá ....ón obair dhian a déanadh na blianta sin ar mhaithe le forbairt an phobail.*

# Éisc Uí Fhlatharta Teo.

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-32208 Fax: 095-32504

FEILMÉIREACHT ÉISC

*An Bradán 7 An Breac Geal*

STIÚRTHÓIRÍ:
DARA BEAG Ó FLATHARTA, LIAM Ó FLATHARTA



## ar léigh tú foinse na seachtaine seo?

Má tá spéis agat sintiús a shocrú le FOINSE, níl gá ach an fhoirm iarratais thíos a líonadh agus í a sheoladh chuig: **FOINSE, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe (091 - 595520; faics 595524)**

Ainm: ..............................................................................................
Seoladh: ..........................................................................................
......................................................................................................
......................................................................................................
Uimhir Ghutháin: ..............................
Costas sintiúis bhliana (postas san áireamh): Éire: £45 An Eoraip: £58
Eile: £125 (US$190)
**Ba mhaith liom -------------- cóip de FOINSE a ordú gach seachtain ar feadh tréimhse bliana ag luach iomlan £ ------------**

Siniú: ..............................................................
Íocaíocht déanta le seic ---- le hordú airgid ---- le cárta chreidmheasa: ----
Uimhir an chárta chreidmheasa -- -- -- -- -- -- -- -- -- -- -- --
Dáta deiridh: -- -- -- --
Is féidir éileamh a dhéanamh ar an gcostas CBL (VAT) ach d'uimhir thagartha a luadh anseo:

# *Obair fhorbartha sa gceantar i gcaitheamh na bliana*

Seo sracfhéachaint ar chuid den obair a raibh láimh ag Comhairle Pobail Iorras Aithneach inti i gcaitheamh na bliana. Bunaíodh an 'Fóram do Phobal Charna' deireanach sa mbliain agus bhí a lorg sin, go feiceálach, ar obair fhorbartha sa bparóiste ina dhiaidh sin.

**An Ghairmscoil:** Thosaigh an obair ar fhorbairt na Gairmscoile i mbliana. Tá an obair sin ionann agus a bheith críochnaithe agus muid ag réiteach Irisleabhar na bliana seo. 'Ionad Oideachais agus Cultúir' atá Ollscoil na Gaillimhe a thabhairt uirthi agus beidh cúrsaí tríú léibhéal inti sa gcéad scoilbhliain eile. Fáiltíonn muid uilig roimh Ollscoil na Gaillimhe san Ionad nua, agus tá súil againn go mbeidh rath ar a gcuid oibre ann.

**Ionad Fiontraíochta:** Dúradh le toscaireacht ón bhFóram do Phobal Charna (Seosamh Ó Cuaig, Tomás Ó Nídh, Máirtín Ó Catháin, Máire Ní Uaithnín agus Ciarán Ó Maoláin) a chas le lucht Údarás na Gaeltachta (Máirtín Ó Conghaile agus Tadhg Ó Conghaile) i mí Dheireadh Fómhair go mbeadh an tÚdarás ag cur iarratais ar chead pleanála don Ionad Fiontraíochta chuig an gComhairle Contae go gairid ina dhiaidh sin. Deimhníodh freisin go raibh rún ag an Údarás an obair a thosnú i 1998. Tá an t-iarratas ar chead pleanála istigh anois. Dul chun cinn an-mhór é seo.

**Bóithre:** Níl mórán seachtain ar bith dá dtéann thart nach bhfuil an cath faoi chás na mbóithre dá throid. Mar a tuairiscítear ar leathanach eile den Irisleabhar seo, níl lucht forbartha sa bparóiste ag fáil aon mheabhair ar an gcuid is mó d'airgead dhroichead Flannery do 1997. Caitheadh £100,000 as, ceart go leor, ar an mbóthar as Caladh bhFuínse soir i dtreo na hAirde Móire agus na Bántraí Airde. Ach bhí £250,000 ceaptha a bheith sa gciste sin.

Cibé scéal é caitheadh £400,000 ar an R.340 i 1997. Sin é an bóthar as Ros Muc go Carna agus amach i dtreo Shraith Salach. Ba cheart go mbeadh a dhá oiread sin á chaitheamh ar an R.340. Ina dhiaidh sin féin, murach muid a bheith ag míniú an chruacháis seo as éadan, ní dóigh go mbeadh an méid sin féin faighte. Tháinig pingin mhaith as ciste a fógraíodh sa bhFómhar do bhóithre bailte agus beidh bail mhaith go leor ar chuid mhór de na bóithre bailte, de bharr airgead na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.

**'Blue Flag' do Thrá Chaladh bhFuínse:** Tá an cheist seo coinnithe dúisithe i gcaitheamh na bliana. Chuathas doimhin go maith sa scéal ag cruinniú a bhí ag an bhFóram do Phobal Charna le hInnealtóirí Chomhairle Contae na Gaillimhe sa bhFómhar. Tá an Chomhairle Contae ag rá nach hacmhainn dóibh an obair a thabharfadh stádas 'Blue Flag' do Chaladh bhFuínse a dhéanamh. Táthar ag rá leosan go raibh airgead ann d'áiteacha eile.

Tá an stádas 'Designated' coinnithe ag Caladh bhFuínse agus caithfear coinneáil leis an bhfeachtas crua a bheas ag teastáil má tá seans ar bith againn ar an 'mBlue Flag' go brách.

**Soláthar Uisce:** Tá tuairisc faoi seo san alt faoi bhun-sheirbhísí an phobail. Tá brú á chur as éadan ar pholaiteoirí faoi seo. Tá an t-ábhar seo thar a bheith tromchúiseach. Más féidir borradh a chur faoi fhorbairt thart anseo d'fhéadfadh sé a bheith ina chás práinne i dtaobh cúrsaí uisce.

**Gaelic Seafoods:** Is deacair do ghluaiseachtaí pobail mórán a dhéanamh faoi chúrsaí ina bhfuil comhlachtaí á ndíol agus á gceannacht. Ach tá tábhacht mhór don phobal in imeacht Ghaelic Seafoods agus i dteacht comhlachta eile. Phléigh an Fóram é seo le lucht an Údaráis sa bhFómhar.

Socraíodh go mba cheart go bhféadfadh an Fóram a bheith ar an eolas agus a dtuairimí a thabhairt faoin gceangal idir an gnó agus an pobal ach a gceannófar an comhlacht.

## Coistí eile a d'eascair as obair na Comhairle Pobail

**Coiste na Staire:** Tá Coiste na Staire i mbun scéime ina scríobhfar stair an phobail le céad bliain anuas. Táthar ag súil go bhfoilseófar an saothar seo thart ar bhliain an 2,000. Saothar trom oibre atá anseo ach is saothar fíor-thábhachtach é freisin ar bhealaí go leor. As obair Chomhairle Pobail Iorras Aithneach a tháinig an Coiste ach níl aon cheangal idir an Chomhairle Pobail agus Coiste na Staire anois.

**Coiste na nAosach:** Tá obair ar mhaithe le seirbhísí dóibh siúd atá ag teannadh amach sna blianta déanta ag an gCoiste seo le roinnt blianta anuas. Mar atá raite go minic cheana, tá an Coiste seo ag iarraidh go mbeadh Teach Banaltrais do dhaoine aosta i gCarna. Mar atá mínithe go minic cheana freisin, tá sé fíor-dheacair dul chun cinn a dhéanamh ar an gceist seo. Mar a dúirt an Coiste cheana, tá suíomh geallta ag Comhairle Contae na Gaillimhe ach níl ansin ach rúinne beag de thús na hoibre. Tá an obair ag leanacht ar aghaidh.

**Ó sheachtain go seachtain coinníonn an ghluaiseacht fhorbartha pobail leis na hiarrachtaí seo uilig, agus go leor eile, le súil agus go mbeidh caighdeáin seirbhísí, cúrsaí fostaíochta agus cúrsaí an tsaoil uilig buille beag níos fearr sa bpobal seo. Bíonn sé i bhfad sula bhfeictear na torthaí ach murach gur coinníodh leis ar feadh na mblianta ní bheadh cuid de na forbairtí atá ann anois tarlaithe ach an oiread.**

## An Fóram do Phobal Iorras Aithneach.

Is deis é an Fóram do Phobal Iorras Aithneach le tuilleadh borradh a chur faoi chúrsaí forbartha pobail sa gceantar seo. Níl aon cheangal láidir ann ó thaobh ballraíochta, ná ó thaobh rialacha. San am céanna tugann sé le chéile daoine as eagraíochtaí éagsúla a bhfuil go leor taithí acu.

Ní chuireann an Fóram do Phobal Iorras Aithneach deireadh le grúpa ar bith eile. Go dtí seo bhí cruinnithe ag an bhFóram le Comhairle Contae na Gaillimhe agus le hÚdarás na Gaeltachta. D'éirigh thar cionn leis na cruinnithe sin. Bhí daoine éagsúla, a raibh taithí acu ar na hábhair a bhí i gceist, ag na cruinnithe sin.

Ceapadh gur cheart struchtúr Cathoirleachta a leagan amach agus déanadh é sin sa bhFómhar. Seo iad na daoine atá ar Choiste na gCathaoirleach sa bhFóram - Seosamh O Cuaig, Tomás Ó Nídh. Máire Ní Uaithnín. Ciarán Ó Maoláin agus Máirtín Ó Cathaín. Duine eicínt acu siúd a bheas ina C(h)athaoirleach ar chruinnithe, nó i gceannas ar thoscaireachtaí.

Rinneadh socrú tábhachtach eile freisin nuair a bunaíodh Coiste na gCathaoirleach - bunaíodh ceangal foirmeálta le Comharchumann Chonamara Thiar agus beidh Bainisteoir an Chomharchumainn. Éamon Ó Domhnaill, ag feidhmiú don Fhóram ar bhonn leanúnach.

Tá súil againn uilig gur chun tairbhe an phobail a rachfaidh an Fóram do Phobal Iorras Aithneach.


# ISLAND FERRIES TEO.


Cladhnach, An Cheathrú Rua 091-72273
& Plás Victoria, Gaillimh 091-61767
Facs: 091-62069

*Aran Seabird • Aran Express*

Ag seoladh as Ros a' Mhíl ar a laghad dhá uair sa ló
go
OILEÁIN ÁRANN
i 40 nóiméad

*Ceangail speisialta bus idir Gaillimh agus Ros a' Mhíl*

Gach eolas agus ticéid ar fáil ag an oifig i:
**Plás Victoria, Gaillimh**
nó ar an gcéibh i:
**Ros a' Mhíl**



**An Breathnach agus Ó Cuív.**

*Pat Walsh as Carna. Ceannaire Cheardchumann na nOibrithe Tógála i mBoston (ar chlé) agus an tAire Stáit Éamonn Ó Cuív ar dheis. Tógadh an pictiúr ar an Teach Dóite i mí Lúnasa an oíche ar déanadh ceiliúradh ar cheapadh Éamoinn Úí Chuív ina Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán. Bhí Pat Walsh ar saoire as Meiriceá.*



**Marty Walsh agus Martin McGuinness**

*Bronnann an Feisire nua-thofa do Pharlaimint Stát Mhassachussetts, Marty Walsh, (mac dearthára le Pat Walsh) cáipéis fháiltithe ar Mhartin McGuinness, Feisire Parlaiminte Shinn Féin go Westminister, ag ócáid in Áras Stáit Mhassachussetts ar Beacon Hill i mBoston. Toghadh Marty Walsh i Márta na bliana seo.*

# TOGHCHÁIN 1997

Bhí Olltoghchán sa tír seo ar an 6ú lá de Mheitheamh, 1997.

Mar seo a leanas a caitheadh na bhótaí sa bpobal seo, agus sa dá phobal is gaire dúinn.

Ba é Frank Fahey (F.F.) a fuair an bhóta ab airde i dToghcheantar Ghaillimh Thiar. Toghadh é féin agus Éamon Ó Cuív (F.F.) ar an gcéad chomhaireamh. Toghadh Pádraig McCormack (F.G.), Bobby Molloy (P.D.) agus Michael D. Higgins (Lucht Oibre) ina ndiaidh siúd.

* 1341 bhóta a caitheadh sa gceantar seo i 1997.

* 1181 bhóta a caitheadh san Olltoghchán i 1992.

**Nóta**

| | | |
|---|---|---|
| F.F. | = | Fianna Fáil |
| F.G. | = | Fine Gael |
| L. Oibre | = | Lucht Oibre |
| P.D. | = | An Páirtí Daonlathach |
| S.F. | = | Sinn Féin |
| Glas | = | An Páirtí Glas |
| N.S. | = | Neamhspleách |

**Buíochas**
Ár mbuíochas do Mháirín Ní Ghadhra (Raidió na Gaeltachta) agus do Sheán Ó Cuirreáin (Raidió na Gaeltachta) as ucht na bhfigiúirí seo. Figiúirí "tally" iad seo a thóg lucht na bpáirtithe nuair a bhí na bhótaí á gcomhaireamh.

**OLLTOGHCHÁN 1997**

| | Loch Con Aortha | An Aird Mhóir | Carna | Glinsce | An Aird Thiar | An Gort Mór | An Turlach Beag | An Caiseal | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A. Ming (N.S.) | 1 | 0 | 3 | 0 | 2 | 1 | 0 | 4 | 11 |
| Bainín Ó Foighil (F.G.) | 3 | 10 | 9 | 0 | 15 | 1 | 3 | 4 | 45 |
| Cox (F.F) | 0 | 9 | 5 | 0 | 9 | 0 | 2 | 5 | 30 |
| Ó Cuív (F.F.) | 98 | 324 | 100 | 31 | 138 | 45 | 74 | 88 | 898 |
| Downes (N.S.) | 1 | 1 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 6 |
| Egan, (S.F.) | 2 | 4 | 2 | 0 | 5 | 3 | 4 | 4 | 24 |
| Fahey (F.F) | 1 | 11 | 7 | 7 | 6 | 9 | 13 | 7 | 61 |
| Fitzpatrick (Glas) | 0 | 4 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 4 | 9 |
| Higgins (L. Oibre) | 3 | 12 | 6 | 2 | 4 | 12 | 9 | 2 | 50 |
| McCormack (F.G.) | 3 | 12 | 18 | 3 | 12 | 4 | 2 | 31 | 85 |
| Molloy (P.D.) | 7 | 13 | 9 | 4 | 10 | 4 | 4 | 13 | 64 |
| Ní Dhomhnaill (N.S.) | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 5 |
| O'Malley (F.G.) | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 |
| Ó Neachtain (F.F.) | 4 | 22 | 6 | 7 | 4 | 0 | 3 | 3 | 49 |
| Iomlán sna boscaí | 124 | 424 | 168 | 56 | 206 | 79 | 117 | 167 | 1341 |

**TOGHCHÁN NA hUACHTARÁNACHTA 31/10/1997**

| | Loch Con Aortha | An Aird Mhóir | Carna | An Aird Thiar | Glinsce | An Gort Mór | An Turlach Beag | An Caiseal | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bannotti (F.G.) | 10 | 23 | 33 | 26 | 4 | 7 | 4 | 25 | 132 |
| McAleese (F.F.) | 43 | 91 | 77 | 56 | 37 | 40 | 37 | 69 | 450 |
| Nally (N.S.) | 3 | 4 | 1 | 8 | 1 | 2 | 0 | 3 | 22 |
| Roche (Eite Chlé) | 4 | 10 | 2 | 2 | 0 | 1 | 5 | 7 | 31 |
| Scallon (Dana) (N.S.) | 8 | 16 | 6 | 6 | 5 | 4 | 7 | 14 | 66 |
| Iomlán sna boscaí | 68 | 144 | 119 | 98 | 47 | 54 | 53 | 118 | 701 |

Ba í iarrthóir Fhianna Fáil, Mary McAleese, a bhuaigh an toghchán. Sí Mary McAleese an t-ochtú Uachtarán ar Éirinn.

701 bhóta a caitheadh sa toghchán sa gceantar seo.

843 bhóta a caitheadh nuair a toghadh Máire Mhic Róibín i 1990.

# Daonra an Phobail

Tógadh an cuntas seo ar dhaonra an phobail i dtús Mhí na Nollag, 1997. Tá na bailte liostáilte anseo díreach mar a bhí siad le roinnt blianta anuas i bhfoilseacháin eile.

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 74 |
| Coill Sáile | 91 |
| Loch Con Aortha | 94 |
| Cill Chiaráin (An Sráidbhaile) | 157 |
| Áill na Brún | 63 |
| Bántrach Ard | 42 |
| An Aird Mhóir | 181 |
| Caladh bhFuínse | 96 |
| Roisín na Mainíoch | 118 |

MUIGHINIS

| | |
|---|---|
| Cartúr | 37 |
| Feithearnach | 66 |
| An Meall Rua | 40 |
| Roisín a'Chalaidh | 5 |
| An Crumpán | 49 |

CARNA

| | |
|---|---|
| Ón gClochar go dtí an tÓstán | 129 |
| Leitir Deiscirt | 40 |
| An Coillín | 39 |
| An Aird Thoir | 64 |
| An Aird Thiar | 62 |
| An Más | 32 |
| An Leathmhás | 2 |
| Duibhithir | 60 |
| Mughros (agus chomh fada leis an scoil) | 81 |
| Leitir Ard, Damhros agus chomh fada le Scoil Mhuighrois | 108 |
| Glinsce | 66 |
| Caladh an Chnoic | 10 |
| Gabhla | 47 |

**Daonra iomlán an pharóiste 1853**
*(sin 17 níos lú ná anuraidh)*

**Nóta faoin daonra:** 1818 an daonra a bhí sa bparóiste nuair a thóg muid an chéad chomhaireamh 7 mbliana ó shoin.


**An Biúró Gnó**

**TREASA DUNDASS**

Coill Sáile, Cill Chiaráin
Teil 7 Facs: 095-33457

Próiseáil Focal • Bainistíocht
Sonraí Cuntais
Facs • Comhfhreagras •
Fótachóipeáil

**Gruaigeadóir Charna**

**Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.**
**Fón: 32277**

**GRUAGAIRE FIR AGUS MNÁ**

***Uaireanta Oscailte***
5 lá na seachtaine
10.00 a.m.-6.00 p.m.

**Ann Dowd**

# I nGáirdín Dé.

*Na daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 1/12/1996 - 1/12/1997.*

| Ainm | Seoladh | Dáta. |
|---|---|---|
| Nóra Ní Chonghaile | An Más | 14 Nollaig, 1996. |
| Seán Ó Niaidh | Áill na Brún | 20 Nollaig, 1996. |
| Pádraig De Búrca | An Aird Mhóir | 27 Nollaig, 1996. |
| Micheál Ó Ceannabháin | An Aird Mhóir | 27 Nollaig, 1996. |
| Mac Dara De Búrca | Merseyside, Sasana | 9 Eanáir, 1997. |
| Máire Mhic Con Rí | An Aird Thiar | 10 Eanáir, 1997. |
| Pádraig Ó Catháin | Glinsce | 18 Eanáir, 1997. |
| Cáit Bean Uí Ghionnáin | Caladh bhFuínse | 23 Eanáir, 1997. |
| Pádraig Ó Catháin | Muighros | 25 Eanáir, 1997. |
| Tomás Ó Neachtain | Roisín na Mainíoch | 29 Eanáir, 1997. |
| Cóilín Ó Cualáin | Duibhithir agus Londain | 30 Eanáir, 1997. |
| Risteárd De Búrca | Duibhithir | 4 Feabhra,1997. |
| Seán Seoighe | Muighinis agus Quincy, Mass | 8 Feabhra, 1997 |
| Seán Ó Cualáin | Muighros | 14 Feabhra, 1997. |
| Áine Ní Ghríofa | Muighinis | 16 Feabhra, 1997. |
| Marcas Ó Cualáin | Caladh bhFuínse/Chicago | 11 Márta, 1997. |
| Micheál Ó Ceannabháin. | Áill na Brún | 17 Márta, 1997. |
| Marcas Ó Clochartaigh | Loch Con Aortha | 3 Aibreán, 1997. |
| Seán Ó Cosgordha | Gabhla | 4 Aibreán, 1997. |
| Máire Uí Eidhin | Áill na Brún | 9 Aibreán, 1997. |
| Carmel Caitlín Ní Ghaora | Muighinis | 10 Aibreán, 1997. |
| Pádraig Bairéad | Leitir Ard | 10 Bealtaine, 1997. |
| Dara Ó Cualáin | Loch Con Aortha | 12 Bealtaine, 1997. |
| Colm Ó Ceallaigh | Coill Sáile | 15 Bealtaine, 1997. |
| Máire Bean Uí Loideáin | Roisín na Mainíoch | 18 Bealtaine, 1997. |
| Micheál Mac Donncha | Roisín na Mainíoch | 19 Bealtaine, 1997. |
| Seán Ó Conghaile | An Aird Mhóir | 30 Bealtaine, 1997. |
| Dudley Guairim | Leitir Ard | 6 Meitheamh, 1997. |
| Roibeárd Seoighe | Muighros | 14 Meitheamh,1997. |
| Seán Ó Cualáin | Muighinis | 16 Meitheamh, 1997. |
| Pádraig Mac Giolla Máirtín | An Aird Thiar | 17 Meitheamh, 1997. |
| Máirín Bairbre Ní Dhomhnaill | An Aird Mhóir | 20 Meitheamh, 1997. |
| Martina Áine Ní Dhomhnaill | An Aird Mhóir | 20 Meitheamh, 1997. |
| Regina Nic Dhonnchadha | An Aird Mhóir | 18 Iúil, 1997. |
| Seán Ó Briain | Loch Con Aortha | 12 Iúil, 1997. |
| Seán Ó Cathasaigh | An Más | 24 Iúil, 1997. |
| Pádraig Breathnach | Roisín na Mainíoch/Londain | 25 Iúil, 1997. |
| Máire Uí Uaithnín | An Más/Gaillimh | 12 Lúnasa, 1997 |
| Bríd Bean Uí Uaithnín | Muighinis | 22 Meán Fómhair, 1997. |
| Máirtín Éinniú | An Aird Thiar | 28 Meán Fómhair, 1997. |
| Pádraig Ó Conghaile | Duibhithir | 24 Deireadh Fómhair, 1997. |
| Cáit Mhic Giolla Pádraig | Caladh bhFuínse | 29 Deireadh Fómhair, 1997. |
| Bríd Bhreathnach | An Aird Mhóir | 30 Deireadh Fómhair, 1997. |
| Pádraig Ó Máille | Doire Iorrais | 3 Samhain, 1997. |
| Pádraig Mac Giolla Pádraig | Caladh bhFuínse | 21 Samhain, 1997. |

# Sonas Oraibh.

**Lánúineacha a phós sa bpobal idir 31/10/1996 - 31/10/1997.**

*Naoko Nakayama* (An tSeapáin) agus *Seosamh Nollaig Ó Guairim* (Roisín na Mainíoch)
**7 Nollaig, 1996.**

*Bairbre Ní Mhadaoin* (Cill Chiaráin) agus *Tomás Ó Briain* (Ceatharlach)
**26 Iúil, 1997.**

*Máire Ní Dhubháin* (Caladh bhFuínse) agus *George Nash* (Béal an Átha, Maigh Eo).
**16 Lúnasa, 1997.**

# *Líon na ndaltaí i mbunscoileanna an cheantair*

| | |
|---|---|
| Carna | 47. |
| Cill Chiaráin | 66. |
| Muighinis | 29. |
| An Aird Thiar | 49. |
| An Aird Mhóir | 77. |
| Muighros | 18. |
| Scoil Phobail Charna | 190. |

# GASÚIR A BAISTEADH SA BPOBAL IDIR 1/8/1996 - 31/7/1997

| | |
|---|---|
| 26 Lúnasa 1996 | Donal Johannes Ó Súilleabháin, an Ghearmáin (Baisteadh i gCill Chiaráin) |
| 19 Meán Fómhair 1996 | Micheál Máirtín Ó Gaora, Carna |
| 23 Meán Fómhair 1996 | Sinéad Bríd Seoighe, An Bántrach Ard ) Cúpla |
| 23 Meán Fómhair 1996 | Pádraic Gearóid Seoighe, An Bántrach Ard ) |
| 13 Meán Fómhair 1996 | Clíona Máirín Ní Dhonncha, An Aird Mhóir |
| 24 Meán Fómhair 1996 | Tomás Seosamh Ó Loideáin, Roisín na Mainíoch |
| 19 Meán Fómhair 1996 | Éanna Ó Coileáin, Muighinis |
| 2 Deireadh Fómhair 1996 | Bernard Breathnach, Roisín na Mainíoch |
| 3 Deireadh Fómhair 1996 | Damian Máirtín Ó Súilleabháin, Loch Con Aortha |
| 22 Deireadh Fómhair 1996 | Méabh Sorcha Ní Ghaora, Carna |
| 8 Deireadh Fómhair 1996 | Michelle Barbara Ní Dhonncha, Cill Chiaráin |
| 15 Deireadh Fómhair 1996 | Seosamh Ó Cuirrín, Muighros |
| 12 Samhain 1996 | Simon Peadar Mac Donnchadha, An Aird Mhóir |
| 26 Samhain 1996 | Liam De Priondargáis, Muighros agus an Ghearmáin |
| 31 Nollaig 1996 | Ronán Ó Flatharta, Glinsce |
| 7 Eanáir 1997 | Amy Bridget Nic an Iomaire, Coill Sáile |
| 10 Eanáir 1997 | Eric Brian Mac Craith, Cill Chiaráin |
| 19 Eanáir 1997 | Micheál Máirtín Ó Súilleabháin, Loch Con Aortha |
| 26 Eanáir 1997 | Seosamh Yoshitomi Ó Guairim, An Aird Thiar |
| 15 Aibreán 1997 | Éadaoin Bríd Ní Fhearáin, Dubhithir |
| 15 Aibreán 1997 | Mairéad Máire Ní Neachtain, Loch Con Aortha |
| 2 Aibreán 1997 | Yvonne Louise Ní Cheannabháin, Muighros |
| 16 Bealtaine 1997 | Shane Anthony Mac Cormaic, Muighros |
| 27 Iúil 1997 | Aisling Marie Ní Cheannabháin, Leitir Deiscirt |

# ACM *ROOFING*

Carna, Conamara.
Fón: 095 - 32251 Facs: 095 - 32341
Mobile: 088 596868

*Saineolaithe ar Chúrsaí Díonta*

Tá ACM i mbun oibre le ós cionn 20 bliain i gCarna.

Tá margadh maith againn freisin in Earraí Iarainn,
Ráillí, Frámaí, Clós Ceansú Beithígh, Geataí.

An Braon Anuas? Glaoigh Orainn
Áras gan Ceann? Glaoigh Orainn
Fráma Cruach Foirgnimh? Glaoigh Orainn

# Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**An príomh chomhlacht margaíochta**
**don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhgháirdeachas leis an gComhairle Pobail as a bhfuil déanta acu.*

# AN AIMSIR.

*Tógadh an cuntas seo in Ionad Ollscoil na Gaillimhe i gCarna.*

## *An Bháisteach.*

| | |
|---|---|
| Eanáir | 31.5 millitmetre |
| Feabhra | 182.8mm. |
| Márta | 54.4 mm. |
| Aibreán | 24.8 mm. |
| Bealtaine | 88.7 mm. |
| Meitheamh | 92.6 mm. |
| Iúil | 87.8 mm. |
| Lúnasa | 163.1mm. |
| Meán Fómhair agus Deireadh Fomhair | 123.8mm. |
| Samhain | 138.1 mm. |

An lá ba fliche ar an 27/8/1997. 28.4 mm.

An lá ba teocha 26.6 celsius ar an 1/6/1997.

***Nóta faoin aimsir.***

Bliain thirim go maith a bhí inti, cé gur deacair glacadh leis sin nuair a thagann sé ina ghleáradh báistí. Chaith sé thart ar 50 mm. níos mó báistí i 1996 ná a chaith sé i 1997.

# FOINSÍ OIBRE SA bPOBAL.

| Ionad | Lán-Aim. | Páirt-Aim. |
|---|---|---|
| I.S.P.G. , Cill Chiaráin | 10 | |
| Gaelic Seafoods | 23 | 27 |
| (19 den dream páirt-aim. ag obair formhór na bliana). | | |
| Emerald Fisheries | 10 | 10 |
| Transmara Teoranta | 9 | 4 |
| Éisc Uí Fhlatharta | 4 | 3 |
| Arramara Teoranta | 13 | 3 |
| A.C.M. Teoranta | 6 | 0 |
| Saotharlann Mara UCG i Muighinis | 9 | 2 |
| Carna Lighting | 5 | 0 |
| Cill Chiaráin Éisc | 0 | 35 |
| (Tá go leor acu seo ag obair formhór na bliana uilig). | | |
| Nivectron | 8 | 0 |
| Comharchumann Chonamara Thiar | 5 | 0 |
| An Comharchumann Sliogéisc | 2 | 1 |
| (Bíonn thart ar 180 iascaire amuigh ar shéasur na n-oistrí agus 70 - 80 ar shéasúr na muiríní). | | |
| Taighde Mara Teoranta | 2 | 0 |
| Muir Áis | 5 | 0 |
| Áiseanna Mara Teoranta | 0 | 3 |
| **SEIRBHÍSÍ POIBLÍ.** | | |
| Múinteoirí | 29 | 5 |
| Seirbhísí Leighis agus Sóisialta | 6 | 1 |
| Oibrithe Comhairle Contae | 5 | 0 |
| Oifigigh Poist agus Fir an Phosta | 5 | 0 |
| Gardaí | 2 | 0 |
| **SEIRBHÍSÍ EILE.** | | |
| Siopaí tithe ósta/óstáin | 33 | 14 |
| Obair thógála/réiteach suíomhanna tithe, srl | 30 | 21 |
| (Tá go leor den dream páirt-aim., ag obair formhór na bliana uilig). | | |
| Seirbhísí oifige | 4 | 0 |
| Scéim oiliúna ríomhairí, srl, in Áras Charna | 20 faoi oiliúint agus múinteoir. | |
| **CINEÁLACHA EILE OIBRE.** | | |
| Féinfhostaithe agus obair eile (tiománaí bus, srl) | Thart ar 27 | |
| Ag dul chuig postanna taobh amuigh den phobal ag obair chuile lá.....Telecom, srl. | Thart ar 30 | |

*(Tá sé deacair a bheith cruinn go hiomlán leis na figiúirí seo mar go n-athraíonn siad anois agus arist).*

# Tigh Pheacocke

Maam Cross
Fón: 091-82306/82374/82375

## DAMHSAÍ NA NOLLAG

| | |
|---|---|
| Dé Aoine, 19/12/'97: | **Dioscó Mór** |
| Dé Máirt, 23/12/'97: | **Bog the Donkey Dioscó** |
| Dé hAoine, 26/12/'97: | **Dioscó** |
| Dé Sathairn, 27/12/'97: | **Hot Buffet agus Finnegans Wake** |
| Dé Sathairn, 27/12/'97: | **Cóisir do Ghasúir** |
| Dé Domhnaigh, 28/12/'97: | **Mad Cap ( ex Silent Mikes) agus Dioscó** |
| Dé Céadaoin, 31/12/'97: | **DIOSCÓ cinnbhliana** |
| Dé Aoine, 2/1/'98: | **Big Generator agus Dioscó Mór** |
| Dé Sathairn, 3/1/'98: | **Na Piarsaigh GAA function** |

Beidh busanna ag dul chuig cuid mhór de na himeachtaí seo as Carna (an bóthar ó dheas) agus as Cloch na Rón soir bealach Shraith Salach.

Eolas faoi bhus ó Mrs. Rainey 091- 572478 agus eolas faoi bhus Charna ó Sheán Breathnach 095-33541.

## Margadh an Tigh Dhóite

**Maam Cross Mart Ltd.**
**Fón: 091-82306/82254**

Níl bhuailfidh tú an praghas a gheobhas tú ar bheithigh agus ar chaoire ag margadh Mhaam Cross.

*Is féidir deis iompair a chur ar fáil freisin.*

# SPÓIRT

**Bliain mhaith a bhí inti do chúrsaí spóirt i gceantar Iorras Aithneach. Chruthaigh lucht Chumann Lúthchleas Gael go maith agus tháinig cineálacha eile spóirt chun cinn freisin.**


- **Bhuaigh peileadóirí Charna/an Chaisil Craobh an Chontae agus bhain siad stádas idirmhéanach amach.**
- **Bhuaigh peileadóirí ban an pharóiste Comórtas Sraithe an Chontae.**
- **Bunaíodh Cumann Lúthchleasaíochta Iorras Aithneach;**
- **Bunaíodh Cumann Karate faoi stiúir Mháirtín Uí Shúilleabháin in Ionad Pobail Chill Chiaráin.**

**Cloífidh muid leis na himeachtaí sin sa gcuid seo d'Irisleabhar na bliana seo.**

## Duaiseanna contae ag buíon Karate Chill Chiaráin.

D'éirigh go maith le buíon Karate Chill Chiaráin, a bunaíodh i mbliana, ag Craobhacha Chontae na Gaillimhe. Seo iad an dream a bhuaigh duaiseanna:

*(ó chlé) - Seán Mac Donnchadha, Sarah Beth Ní Mhaoláin, Mary Teresa Ní Mhaoláin, Seosamh Mac an Iomaire, Seán Ó Súilleabháin, Peadar Ó Súilleabháin agus Peter Ó Súilleabháin.*





***Cultacha na ceirde** - Ceathrar de bhuíon Karate Chill Chiaráin - Seán Mac Donnchadha, Peadar Mac Donnchadha, Mary Teresa Ní Mhaoláin agus Sarah Beth Ní Mhaoláin.*

Tá 35 uilig sa gCumann Karate anois. Sé Máirtín Ó Súilleabháin an traenálaí.

# CUMANN LÚTHCHLEASAÍOCHTA BUNAITHE.

Bunaíodh Cumann Lúthchleasaíochta i rith na bliana seo - Cumann Lúthchleasaíochta Iorras Aithneach. Bíonn seisiúin thraenála ag baill an Chumainn chuile sheachtain ar pháirc Charna.....cés moite de mhí na Nollag agus Eanáir. Siad Stiofán Ó Cualáin agus Míchéal Ó Maoláin atá ag cur oiliúna ar na lúthchleasaithe óga. Tá Máire Ní Uaithnín ar an gCoiste chomh maith.

**Lúthchleasaithe Charna agus Craobh-Chomórtais Chúige Chonnacht:**

*(ó chlé) - Séamas Ó Flatharta, Adam Ó Maoláin, Gabriel Ó Cualáin, Máire Ní Mhaoláin, Sorcha Ní Bhulguidhir, Ruth Ní Mhaoláin, Máire Bríd Ní Mhaolchiaráin, Caitríona Ní Ghionnáin, Bairbre Ní Mhaolchiaráin.*
*Tá duine de thraenálaithe an Chumainn, Míchéal Ó Maoláin, ar gcúl sa bpictiúr. Chruthaigh lúthchleasaithe óga Iorras Aithneach go maith don chéad bhliain - bhí siad sa leath uachtarach i ndeireadh an lae.*





*Ag coinneáil leo - Adam Ó Maoláin (419) ag coinneáil leis an gcuid is fearr acu i gcomórtas trasna-tíre ar an Rinn Mhóir. Bhain sé áit amach sa rása ceannais.*


# Ionad Oidhreachta Dan O'Hara

**1992 – Duais Náisiúnta – Small farm Enterprise Award**
**1994 – Duais Náisiúnta – A.I.B. Agri-Tourism Award**

- Teachaín Dan O'Hara agus feilm mar a bhí in 1845.
- Crannóg (1500 B.C.) Dolmán (1500 B.C.) agus Leac uaigh 5,000 bliain d'aois
- Nua i mbliana – Seomra Staire, seandeiseanna oibre agus seomra scannán
- Beidh seomra allais agus fualacht fia ann freisin.

***Ar oscailt 1 Aibreán – 30 Deireadh Fómhair 10 a.m. - 6 p.m. chuile lá***

**Leitir Seath, An Clochán, Co. na Gaillimhe. Guthán 095-21246/21808. Facs: 095-21246.**

*Fáil ar sheirbhís trí Ghaeilge*

# Cumann Peile Charna/an Chaisil i Londain.

Thug Cumann Peile Charna/an Chaisil cuairt ar Londain i ndeireadh mhí Dheireadh an Fhómhair. Chaith siad saoire na Samhna i Londain. Chas siad le cuid de mhuintir na háite seo agus d'imir siad cluiche in aghaidh foirne a roghnaíodh as cumainn Londain i bPáirc Pharnell, sa gcathair sin.



**Seo pictiúr de pheileadóirí Charna/an Chaisil i bPáirc Pharnell.**


***Líne tosaigh, ó chlé:*** *Rónán Ó Dubhda, Seán Ó Fátharta, Séamas Ó Clochartaigh, Ciarán Ó Tuathail, Pádraig Ó Caodhna, Seán Mac an Iomaire, Séamas Ó Suilleabháin, Val Ó Féinne, Rónán Mac Craith, Seán Ó Clochartaigh, Colm Ó hUaithmín agus Séamas Ó Catháin.*
***Líne cúil, ó chlé:*** *Tomás Ó Briain, Beartle Ó Cathasaigh, T.J. Ó Conaire, Antoine Ó Conghaile, Seán Ó Mainnín, Nollaig Ó Niaidh, Pól Ó Féinne, Rónán Ó Cualáin, Conchubhar Ó Cadhain, Diarmuid Ó Duinnshléibhe, Seán Ó Cathasaigh agus Pádraig Ó Clochartaigh.*

*Leath ama - Bainisteoir na foirne, Pádraig Ó Clochartaigh, ag cur chomhairle ar fhoireann Charna/an Chaisil. Ó chlé - Seán Ó Mainnín (uimhir 2), Seán Ó Fátharta, Pádraig Ó Cathasaigh, Seosamh Ó Clochartaigh, Séamas Ó Clochartaigh, Diarmuid Ó Duinnshléibhe (a dhroim leis an gceamara) agus Séamas Ó Súilleabháin (ar imeall an phictiúir).*






*Ag doras fhoirgneamh Chumann Pharnell i Londain (ó chlé) - Bríd Uí Chatháin as Gabhla, Bríd Uí Chlochartaigh agus Máire Ní Uaithnín as Muighinis.*





*Bainisteoir fhoireann Charna/an Chaisil, Pádraig Ó Clochartaigh (ar chlé) agus Tomás Ó Conghaile, as an gClochán ó dhúchas.*



*Máire Bean Uí Chualáin, Mary Ferrons as Carna ó dhúchas, agus a beirt mhac ar ch'aon taobh den phictiúr. Seosamh Ó Clochartaigh in éineacht leo.*




*Triúr de pheileadóirí Charna/an Chaisil ag breathnú ar chlár an lae i Londain (ó chlé) - Antoine Ó Conghaile, Colm Ó hUaithnín agus Tomás Ó Briain.*




*Ar an eitleán ag dul anonn. Pól Ó Féinne in aice na fuinneoige. Pádraig Ó Clochartaigh agus Pádraig Mac Craith agus iad gealgháireach go maith.*



*An ordóig - Seosamh Ó Clochartaigh ag deimhniú go bhfuil chuile shórt i gceart! Peileadóirí agus lucht tacaíochta Charna san eitealán ag teacht as Londain.*



*Tart - Diarmaid Ó Duinnshléibhe ar an eitealán ag teacht abhaile.*



*Ag teacht abhaile (ó chlé) - Pól Ó Féinidh, Seán Ó Mainnín agus Breandán Ó Cadhain.*


# TIGH MHEAIC

*Teach Tábhairne agus Brú*

*Ionad Cultúrtha*
*Eachtraíochta*
*Caitheamh Aimsire*

*Suite ar bhruach na farraige faoi bhun an tsléibhe, tránna áille, ciúineas, síochán*

**Fón: 095-32240**

# Na Bairéid i New Orleans.

Is nós linn chuile bhliain roinnt pictiúr ón bhFéile Mhór Cheilteach i New Orleans a chur san Irisleabhar seo. Tosaíodh an ceangal idir New Orleans agus curachaí Chonamara anseo ag Féile Mhic Dara i gCarna. Sé Danny Ó Flatharta as an Aird Mhóir Uachtarán Choiste na Féile i New Orleans agus tá ceangal láidir eile againn leis an bhFéile, sa méid agus gurb é Peter Moylan as an Aird Mhóir a bhíonn i gceannas ar rásaí na gcurachaí ag an bhFéile.

Siad na Bairéid as Leitir Mealláin a bhuaigh craobh New Orleans ag rásaí Chonamara i mbliana. Tá aithne mhaith orthu sa bpobal seo - Maitias, Pádraig agus Dara. I mí Dheireadh an Fhómhair a bhí siad i New Orleans agus thug siad na pictiúir seo anall leo.




*Seaimpíní i gConamara agus i New Orleans - Na Bairéid ag glacadh leis an bpríomh-dhuais ar stáitse Theach Ósta Uí Fhlatharta. Ó chlé: Danny Ó Flatharta, Maitias Bairéad, Pádraig Bairéad, Dara Bairéad agus Peter Moylan.*




*Poll Uí Mhuirinn agus New Orleans - níor lig na mná a gcuid maidí le sruth ach an oiread. Ó chlé: Mary Ann Bairéad, Sally Bairéad agus Eileen Mhic Dhonnchadha, buaiteoirí an rása sé bhuille do mhná ar Loch Ponchartrain.*



*Deoch na Féile - Danny Ó Flatharta ag baint scloig as Corn na Seaimpíní.*



*Scíth - As an Aird Mhóir i gConamara ó dhúchas; ina chónaí i Fort Bragg i gCalifornia....agus ag ligean a scíth i New Orleans, Louisiana....Peter Moylan.*


# Siopa Bia
# Mícheál agus Tina Moylan

An Aird Mhóir

**Búistéara• Nuachtáin • Earraí Tí**

**Gual/Brícíní Móna • Calor Kosangas**

**Beatha Beithíoch**

*Tugann muid earraí go dtí an teach*

**Fón: 095-33542**

# Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.

Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe.
Teil: 095-33489. Facs: 095-33489

**Forbairt Sliogéisc sna cuanta idir Ceann Gólaim agus Inis Leacain**



# CONNEMARA WASTE

**An Clochán**
**Telefón... 1850 - 657 - 657**

Socruithe do bhailiúcháin bruscair na Nollag agus na hathbhliana.

Athrú ar bhailiúchán na Déardaoine.

Ní bhaileófar bruscar ar bith ar an Déardaoin 25ú Nollaig ach, baileófar bruscar ar an Mháirt, an 23ú Nollaig.

Athrú ar bhailiúchain na hAoine.

Ní bhaileófar bruscar ar an Aoine, an 26ú Nolliag ach baileófar bruscar ar an Luan d'ar gcionn, an 29ú Nollaig.

Ní bhaileófar bruscar ar an Aoine, 2ú Eanáir ach beidh bailiúchán ann ar an 5ú EAnáir.

*Nollaig shona agus athbhliain faoi mhaise do chuile dhuine.*

# SAORTHA BÁD CHONAMARA

## Na Saortha Óga

Tomás Mac Con Iomaire

Tá an-teacht ar ais déanta ag báid seoil thraidisiúnta Chonamara, na báid sin ar a dtugtar an húicéara, an leathbhád, an ghleoitoig agus an púcán. Ba iad cnámh droma na heacnamaíochta ar chladaí Chonamara, Árann agus oirthear chuan na Gaillimhe iad tráth. Go deimhin gan na báid seo le lastas a iompar agus le iascach a dhéanamh ní dócha go mbeadh an daonra chomh mór le cladaí an iarthair. Bhí a gcuid cineálacha féin báid ag pobail cósta na tíre agus ba í an húicéara, agus a clann níos lú ná í, a bhí ag pobal an cheantair seo.

Ba é Carna príomhionad tógála na mbád seo tráth. Tá agus beidh cáil ar shaortha an cheantair, na Cathasaigh, na Clochartaigh, na Maoilchiaráin agus cuid mhaith eile. Deirtear sa seanchas gurbh é Seán Ó Laoi a thug an cheird as Leitir Mealláin go Carna ach gurbh iad saortha Charna a chuir barr feabhais agus barr slaicht ar an gceird.

Tá saortha sa gceantar fós. Tá saortha ar fud Chonamara fós go deimhin ach níl siad chomh fairsing is a bhí. Nó ní raibh ba chóra dom a rá. Tá sé dhá bhliain go leith ó shoin ó rinne Cumann Húicéirí na Gaillimhe iarratas ar scéim de chuid an Chomhphobail Eorpaí, Horizon, le scata daoine óga a thraenáil le bheith ina saortha bád. B'fhacthas don chumann ó bhí an teacht ar ais déanta ag na báid gurbh fhiú an cheird a choinneáil beo ó tharla go raibh cabhair ar fáil chuige seo.

Roghnaigh an Cumann beirt shaor agus deichniúr fear óg le dhul i mbun na scéime. Ní aon íontas é gurb iad Colm Ó Maoilchiaráin, Colm Chóilín Joe Bhairbre, as Muighinis, a roghnaíodh le dhul i mbun oibre i gCarna agus gurb é Seosamh Ó Ráinne, Joe Bheachle Mhicilín, as Leitir Calaidh, a roghnaíodh le dhul i mbun traenála i Leitir Calaidh.

Beirt fhear óga iad seo. Bhíodar feiliúnach d'obair thraenála den chineál seo. Bhí dúchas maith i chaon duine acu. Bhí báid déanta agus deisithe ag Colm Ó Maoilchiaráin le blianta anuas agus bhí curachaí déanta agus báid deisithe ag Joe.

I gCarna déanadh socrú le Josie Ó Conghaile i Leitir Ard go mbeadh fáil ar ionad oibre atá ansin aige agus chuaigh Colm agus seachtar fear óg i mbun oibre i dtús na bliana 1996. Bhí Josie ar fáil le comhairle a chur orthu agus maoirseacht a dhéanamh ar an ngrúpa seo. Tamall níos deireanaí nuair a bhíodar níos gnaithí chuaigh saor eile, John O'Malley, i mbun teagaisc ar an scéim ó tharla an grúpa a bheith chomh mór.

Triúr a bhí faoi oiliúint in éineacht le Seosamh Ó Ráinne i Leitir Calaidh. Séard a bhí leagtha amach dóibh go ndéanfaidís chuile obair sa dá bhliain a bhí rompu a dhéanfadh saor bád - deisiú báid thraidisiúnta na háite, deisiú curachaí agus báid iascaigh, déanamh sparaí agus, níos deireanaí, ag togáil curachaí agus ar deireadh thiar thall ag tógáil bád as an nua. Ba í an obair chéanna a bhí ar siúl sa dá ionad ag deisiú agus ag tógáil agus ag síor-fhoghlaim ó na saortha.

I gCarna faoi stiúir Choilm Uí Mhaoilchiaráin bhí seachtar - Dónal Ó hUaithnín, Joe Ó Maoilchiaráin, Kevin Kinnane, Pádraig Ó Cualáin, Mícheál Mac Donncha, Stiofán de Bhailís agus Pádraig Mac Donncha. Níor chríochnaigh Pádraig Mac Donncha an cúrsa ach chríochnaigh an seisear eile.

Triúr a bhí leis an Ráinneach, Pádraig Ó Conghaile, Pádraig Ó Tuathail agus Colm Ó Flatharta.

D'oibríodar chúig lá na seachtaine, níos faide uaireanta. Thugadar cuairt ar ionaid oibre eile. Chonaiceadar tógáil bád i mBriotáin na Fraince agus sa nGearmáin. Go deimhin thugadar bád a thógadar féin i gCarna chun na Gearmáine áit ar déanadh gaisce aisti.

Lá Fhéil' Mhic Dara na bliana seo cuireadh an sméar mhullaigh ar obair na saor agus na saortha óga. Bhí an tAire Stáit sa Roinn Ealaíona, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Éamon Ó Cuív, TD, i láthair sa mbáisteach ar Chéibh an Mhása le dhá bhád nua a tógadh faoin scéim seo a shá go hoifigiúil. Thóg saortha Charna an Colm Cille, leathbhád atá tríocha haon troigh go leith ar fhad. Thóg saortha Leitir Calaidh an Naomh Ciarán, gleoitoig mhór ocht dtroigh is fiche. Bhí údar mórtais ag na saortha agus acu siúd a bhí faoi thraenáil leo agus bhí údar sásaimh ag Cumann Húicéirí na Gaillimhe a bhí i mbun na scéime. Bhí a dhá oiread údar mórtais acu níos deireanaí sa lá nuair a ghrúigh an dá bhád acu an geall ina rabhadar. Ní amháin go raibh an obair go maith ach bhí na báid go maith freisin.

£371,000 a caitheadh ar an scéim seo. Chuir Horizon 75% dhe ar fáil agus chuir Údarás na Gaeltachta an 25% eile ar fáil . Caitheadh suas le £200,000 dhe seo i bpobal Charna. Infheistíocht mhór í seo. Ach más ea agus gurb ea airgead caite go maith é. Tá muid cinnte anois go mbeidh an cheird seo linn glúin eile ar a laghad.

Ach ní taobh le traenáil agus dhá bhád a tháinig as an scéim seo. Beidh cáilíocht faoi Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais, NCVA, ag na fir óga a ghlac páirt sa traenáil seo. Tá ceird anois acu a mbeidh glaoch uirthi agus rud dá bharr acu. Agus is maith an aghaidh orthu é.

Ní féidir dearmad a dhéanamh ar an airgead a chuir an clár Horizon ar fáil agus ní bheadh an scéim ann gan Údarás na Gaeltachta. Agus ná déanaimis dearmad ach an oiread ar mo chomh-choisteoirí a rinne obair mhór agus atá á déanamh fós ar an scéim seo: Shannon McDonagh, Comhordnóir na scéime, Seán Mac Donncha a bhí ina bhainisteoir togra, John Dáirbe Ó Flatharta agus Pádraig De Bhailís. Agus an dream is tábhachtaí ar fad - na saortha a roinn a gceird agus a n-eolas chomh fial, flaithiúil, díograiseach.

*Sé Tomás Mac Con Iomaire atá ina Chathaoirleach agus ina Stiúrthóir Airgeadais ar an scéim Saortha Bád Chonamara.*

# PEIL

## Bliain stairiúil ag Carna/an Caiseal

D'imir Carna/an Caiseal sa ngrád Idirmheánach, den chéad uair i 1997. Bua cinniúnach in aghaidh Chora Finne a thug Carna/an Caiseal ó ghrád na Sóisear go dtí an grád Idirmheánach. Bhí ocht bhfoireann sa ngrúpa a raibh muid ann agus bhí muid sa tríú hait ag deireadh na bliana. D'éirigh le Cora Finne a gcuid féin a fháil ar ais nuair a bhuail siad muid le trí phointe.

Bhí foireann láidir againn sna Sóisir i mbliana freisin. Bhuaigh siad an chéad bhabhta den Chraobh-chomórtas in aghaidh Leitir Móir ach bhuail an Fháirche iad in athimirt sa dara babhta. Bhí Carna/an Caiseal sa tríú háit as seacht bhfoireann sa tsraith-chomórtas. Bhí an Cumann páirteach freisin i gcomórtais na n-ógánach uilig. Go deimhin bhí foireann faoi - 10 amuigh againn.

Tá baill an Chumainn uilig buíoch de chuile dhuine a thug tacaíocht dúinn ar feadh na bliana. Tá buíochas ag dul freisin do chuile dhuine a cheannaigh ticéid Lotto i rith na bliana. Coinnigí oraibh - munar bhuaigh tú aon phingin i 1997 ní bheidh sin le rá i 1998. le cúnamh Dé.

### Torthaí na bliana.

An Chraobh Idirmheánach: Cora Finne 0-13; Carna/an Caiseal 0-10.

**An tSraith Idirmheánach.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Carna/An Caiseal | 1-14; | An Clochán | 0-2. |
| An Spidéal | 0-16; | Carna/An Caiseal | 0-10. |
| Carna/An Caiseal | 0-16; | Eanach Cuain | 1-10. |
| Carna/An Caiseal | 1-17; | Muirbheach/An Rinn Mhóir | 1-11. |
| Bearna | 0-9; | Carna/An Caiseal | 0-5. |
| Carna/An Caiseal | 1-14; | Naomh Mícheál | 1-12. |
| Carna/An Caiseal | 0-11; | Leitir Móir | 0-11. |
| Carna/An Caiseal | 3-19; | Naomh Mícheál | 2-4. |
| Carna/An Caiseal | 2-14; | An Clochán | 3-7. |
| Carna/An Caiseal | 1-10; | Bearna | 0-10. |
| Carna/An Caiseal | 1-8; | An Spidéal | 0-11. |
| Muirbheach/An Rinn Mhóir | 2-8; | Carna/An Caiseal | 0-5. |
| Eanach Cuain | 0-19; | Carna/An Caiseal | 0-5. |

**An Chraobh Shóisireach.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Carna/An Caiseal | 2-7; | Leitir Móir | 1-8. |
| Carna/An Caiseal | 2-6; | An Fháirche | 1-9. |
| Athimirt: | | | |
| An Fháirche | 0-14; | Carna/An Caiseal | 0-11. |

**Comórtas Peile na Gaeltachta.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Carna/An Caiseal | 2-7; | Leitir Móir | 1-8. |
| Na Piarsaigh | 2-9; | Carna/An Caiseal | 0-10. |

*(Sé Colm Ó hUaithnín a chuir an t-eolas seo i dtoll a chéile).*

# Peil na mBan

## Comórtas Sraithe an Chontae ag Carna i 1997

Máire Uí Fhlatharta

Bhí bliain mhaith ag Cumann Peile Chailíní Charna i 1997. D'éirigh leo dhá Chorn a thabhairt siar go hIorras Aithneach.

Bhí comórtais na scoileanna náisiúnta againn i mbliana agus, den tríú bliain as a chéile, d'éirigh le Scoil Chiaráin i gCill Chiaráin Corn Mhic Dhonnchadha a bhuachtáil. Bhí comórtas na gcailíní faoi -10 ann den chéad uair i mbliana freisin. Bhí ard-chaighdeán peile againn agus tar éis am breise bhí an bua ag Scoil na hAirde Móire ar Scoil Mhuighinse. Bhronn Mícheál Mac Oireachtaigh Corn Mhic Oireachtaigh ar chaiptín na hAirde Móire, Sinéad Ní Mhaoilchiaráin.

D'éirigh go maith le foireann faoi -14 chailíní Charna. Bhí samhraidh an-chruógach acu ag imirt cluichí gach seachtain. Bhí siad i gcluiche ceannais an Iarthair in aghaidh Chill Ainnín agus bhí an bua acu ansin. Bhí oíche go maidin againn uilig nuair a shroich muid Carna leis an gCorn.

Bhí an fhoireann shóisir an-chruógach freisin sa samhradh. Bhí cluichí acu gach Dé Céadaoin agus Domhnach. Bhí an mí-ádh orthu i gcluiche ceannais an chontae i dTuaim i mí Lúnasa nuair a chaill siad le haon phointe amháin. B'iad Cill Araoraráin (as taobh Bhéal Átha na Slua) a bhí ina n-aghaidh. Nuair a bhí muid ag imeacht den pháirc an lá sin dúirt muid lena chéile go mbeadh muid in ann an tSraith-chomórtas a bhuachtáil

Rinne muid traenáil an-dian, trí thráthnóna sa tseachtain, agus níorbh fhada go raibh muid i gcluiche ceannais na Sraithe agus is in aghaidh Chill Araoraráin a bhí muid arís. Ar an bhFáirche a bhí an cluiche. D'imir an fhoireann thar barr agus nuair a shéid an réiteoir an fheadóig ag deireadh na huaire bhí an beart déanta againn leis an scór Carna 2-3; Cill Araoraráin 0-6. D'éirigh le Gearóidín Nic Táibhís gradam sár-imreora an chluiche a fháil. Bhronn Cathaoirleach Choiste Peile na mBan sa gcontae, Ursula Gormley, an Corn ar chaiptín Charna, Pauline Ní Chaodhna. Ciallaíonn an bua seo go mbeidh an fhoireann i ngrád na sinsear an bhliain seo chugainn.

**Buíochas**

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug cúnamh dúinn. Thug Pádraig Ó Catháin ón gcomhlacht tógála, Ó Catháin Teo., síntiús dúinn le léinte agus geansaithe a cheannacht don fhoireann. Thug Áras na nGael i Sráid Doiminic i nGaillimh airgead dúinn le málaí (kit-bags) a cheannacht don fhoireann. Thug comhlacht Transmara airgead dúinn le haghaidh geansaithe imeartha don fhoireann faoi -14. Thug Connemara Trails (Willie Leahy) urraíocht don fhoireann le stocaí agus brístí a cheannacht.

Tugann lucht Lotto Chumann Lúthchleas Gael i gCarna cúnamh dúinn chuile bhliain. Ár mbuíochas freisin do na siopaí agus na tithe ósta a thugann spot-dhuaiseanna dúinn. Tugann comhlachtaí eile láimh chúnta freisin.

Nár laga Dia sibh uilig, agus tá súil againn go mbeidh 1998 chomh maith leis an mbliain seo atá ag críochnú anois.




**Mná Charna......an fhoireann a chuaigh chun páirce i gcluiche ceannais Chraobh an Chontae i dTuaim:**
***An líne cúil (ó chlé)*** *- Bairbre Nic an Iomaire, Sinéad Ní Shúilleabháin , May Ní Fhlatharta, Michelle Ní Chuaig, Valerie Ní Chaonaigh, Siobhán Ní Chaonaigh, Caitlín Ní Chuinneagáin, Gráinne Uí Chualáin.*
***Chun tosaigh (ó chlé)*** *- Máire Uí Fhlatharta, Treasa Uí Chartúir, Laura Ní Chlochartaigh, Pauline Ní Chaonaigh, Gearóidín Nic Táibhís, Ann Marie Ní Chathasaigh, Treasa Nic Táibhís.*




**Foireann 7-an-taobh Charna a bhuaigh Corn Uí Mhóráin i gcomórtas an Phléaráca, 1997.**

***An líne tosaigh (ó chlé)*** *- Bairbre Ní Fhlatharta, Gearóidín Nic Taibhís, Aisling Ní Chualáin, agus May Ní Fhlatharta.*
***An líne cúil (ó chlé)*** *- Máire Uí Fhlatharta, Gráinne Uí Chualáin, Bríd Mhic An Iomaire, Treasa Nic Táibhís agus Bairbre Nic an Iomaire.*



**Cailíní a bhí páirteach i gCampa Samhraidh a bhí ag Cumann Peile Mhná Charna i mí Lúnasa.**
***Líne tosaigh (ó chlé)*** *- Sinéad Ní Chuirrín, Sorcha Ní Mhaolchiaráin, Sorcha Ní Bhulguidhir, Róisín Ní Chathain, Michelle Ní Chathasaigh, Orla Ní Chualáin, Bairbre Ní Fhlatharta, Caitríona Ní Chualáin agus Sorcha Ní Chathasaigh.*
***Líne cúil (ó chlé)*** *- Máire Ní Fhlatharta, Maire Ní Chathasaigh, Máire Ní Chaonaigh, Bairbre Nic Con Rí, Déirdre Ní Chatháin, Sorcha Nic Dhonnchadha agus Ruth Ní Chathasaigh.*



*Lá iontach do Charna - Pauline Ní Chaonaigh ag ardú Chorn Sheaimpíní Sraithe na Gaillimhe os a cionn ar an bhFáirche. Ursula Gormley, Cathaoirleach Choiste Peile na mBan i nGaillimh, lena taobh.*



*Bualadh bos - lucht leanta Charna go ríméadach ar an bhFáirche.*



*Sea, a leabhairse! Máire Uí Fhlatharta ag scóráil an chéad chúl do Charna i gcluiche ceannais na Sraithe ar an bhFáirche. Bhí Máire ar fhoireann na Gaillimhe i mbliana freisin.*



*Seampíní faoi-12: Risteárd Mac Donnchadha ag bronnadh Chorn Mhic Dhonnchadha ar Niamh Ní Chuaig, an caiptín ar Scoil Chill Chiaráin a bhuaigh an comórtas idir scoileanna.*

*Scoil na hAirde Thiar a bhí sa gcluiche ceannais do chailíní bunscoile faoi-12. Tá an muinteoir Ó Maille agus Maitias Ó Coirbín (ar dheis sa líne cúil) in éineacht leo.*





*Comórtas eile scoile - Micheál Mac Oireachtaigh ag bronnadh Chorn Mhic Oireachtaigh ar Shinéad Ní Mhaoilchiaráin, caiptín fhoireann na hAirde Móire.*




*Foireann Mhuighinse a bhí sa gcluiche ceannais do Chorn Mhic Oireachtaigh. Na muinteoirí ar gcúl.....Damhnait Bhreathnach (ar dheis) agus Mícheál Ó Cuirrín.*



*An Príomhoide, Máire Uí Bhulguidhir, in éineacht le foireann na hAirde Móire a bhuaigh Corn Mhic Oireachtaigh.*


**An Corn ag Carna.**

***Deirfiúracha (ó chlé)*** *- Dolores Ní Chaonaigh, Pauline Ní Chaonaigh (caiptín Charna) agus Siobhán Ní Chaonaigh. Séamas Ó Coileáin in éineacht leo agus a mhac siúd, Eanna ina gabhail ag Pauline.*




# AG IMIRT IN AGHAIDH UNITED.

D'imir beirt as an bpobal seo ar fhoireann ógánach na Gaillimhe agus Réigiúin an Iarthair a bhuail ógánaigh Mhanchester Utd. ar Pháirc Thír Oileáin i nGaillimh san Aibreán - Mac Dara Mac Fhlannchadha as Cill Chiaráin agus Séamas Ó Catháin as Gabhla.



*Sé Séamas Ó Catháin an ceathrú duine ó chlé sa líne cúil sa bpictiúr seo agus sé Mac Dara Mac Fhlannchadha an cúigiú duine ó dheis sa líne cúil. Tá an bheirt acu ag freastal ar Scoil Phobail Charna agus imríonn siad do Ghaillimh Aontaithe.*



# Iomróirí na hAirde Móire.



**An mbuafaidh siad Craobh New Orleans amach anseo?**

**Chruthaigh foireann curachaí na hAirde Móire thar cionn i mbliana.**

***Ó chlé*** *- Pádraig Ó Ceannabháin, Máirtín Ó Clochartaigh agus John Joe Ó Donnchú.*

# Club Árus na nGael

*Oscailte Luan go Satharn ó 8 i.n.*

*Seisiún gach Aoine & Satharn*

*45 Sráid Doiminic, Gaillimh*

Fón: 567824 Facs: 563699 e-phoist conradh@bradan.iol.ie



# Dr. Micheál Ó Cathasaigh

**Carna**

| | | |
|---|---|---|
| IONAD SLÁINTE CHÁRNA: | 10.00 a.m. - 1.00p.m. | Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine |
| IONAD SLÁINTE CHILL CHIARÁIN: | 10.00 a.m. - 1.00 p.m. | Dé Luain |
| | 3.00 p.m. - 6.00 p.m. | Déardaoin |
| IONAD SLÁINTE AN CHAISIL: | 3.30 p.m. - 4.30 p.m. | Dé Céadaoin |

*Glacfaidh sé le daoine de réir socruithe roimh ré ón 3-6 a chlog i gCarna ar an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin agus ar an Aoine*

**Uimhreacha Teileafóin**

Ionad Sláinte Charna/Baile: (095) 32281/32243/32304/32305
Cill Chiaráin: (095) 33429
Caiseal: (095) 31161

**SEIRBHÍSÍ**

Comhairle Leighis • Cuairteanna baile • Géar-thástáil ar an gcroí • Scamhóga • fuil • Mion-obráidí • Pleanáil chlainne • Tástáil "Allergy" • Seirbhís cógaisí leighis • Instealladh do ghasúir agus do dhaoine a bheadh ag taisteal agus seirbhísí eile.

# SAIGHDIÚIRÍ



*Marcas Mac Cormaic.....Marcas an Bhádóra......as Leitir Ard, in éide Arm na hÉireann.*



*Máirtín Ó Maoilchiaráin ar chlé (uncail do Phádraig Ó Maoilchiaráin - Pádraig an Chaiptín) agus fear de mhuintir Mhic Dhonnchadha as Cloch na Rón, ar dheis. Bhí siad in éineacht in Arm na hÉireann.*



*Bairbre Bhreathnach as Caladh bhFuínse - an bhean a bhí pósta ag Seán Ó Féinnidh i mBoston.*



*Seán Ó Féinnidh as Caladh bhFuínse. Throid sé i gCabhlach Mheiriceá sa gCéad Chogadh Mór. Bá é Seán athair mór John agus Choleman Ó Féinnidh.*

# ÁRAS CHARNA

Ba ar 1 Nollaig, 1997 a cuireadh tús leis an gcéad chúrsa léinn faoi scáth Ollscoil na hÉireann, Gaillimh san Áras athchóirithe de chuid na hOllscoile sin i gCarna. Is foirgneamh breá é seo a ceannaíodh ón gCoiste Gairmoideachais roinnt bhlianta ó shin agus atá anois á fhorbairt mar Ionad Oideachais agus Cultúir trí mheán na Gaeilge i bPobal Charna.

Ní gníomh aonrach é seo de chuid na hOllscoile ach cuid de phlean straitéiseach a bhfuil obair cupla bliain caite á leagan amach. Tá Coiste Rialaithe an Choláiste tar éis glacadh le plean d'Ollscolaíocht trí Ghaeilge agus táthar ag súil le hacmhainní a fháil ón Stát leis an bplean seo a fheidhmiú. Ní hamháin go mbeidh cúrsaí léinn trí mheán na Gaeilge á gcur ar fáil ar champus na hOllscoile, ach beidh chomh maith, cúrsaí tríú leibhéal á múineadh in ionaid taobh amuigh de champus na hOllscoile agus tá Carna roghnaithe mar cheann de na ceantair sin.

Tá Dámh na hEolaíochta sa Choláiste tar éis glacadh le siollabas don Árd Dioplóma sa Bhitheolaíocht Mhuirí agus beidh an cúrsa sin faoi stiúir na nOllúna Pádraig Ó Céidigh agus Micheál Ó Gadhra ar siúl in Áras Charna roimh dheireadh 1998.

Is £186,000 atá caite ar dheisiú na Gairmscoile agus tá an Ollscoil tar éis £100,000 eile a chur ar fáil faoin teideal "Ciste Forbartha na Gaeilge". I dteannta leis na cúrsaí Dioplóma a bheidh ar siúl faoi scáth Ranna Eolaíochta, tá i gceist freisin, ag Scoil na Gaeilge Dioplóma sa Ghaeilge a chur ar fáil agus tá Sochtheangeolaí Feidhmeannach le ceapadh go luath agus beidh de chúram ar shealbhóir an phoist sin, i measc rudaí eile, cuidiú le pleanáil teanga mar acmhainn fhorbartha do phobail sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di. Beidh an obair seo á déanamh ar chonradh agus táthar ag súil go mbeidh áisínteachtaí mar Cumas, Meitheamh Forbartha na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus dreamanna nach iad sásta cuidiú le pobail a bheith in ann pleanáil teanga a dhéanamh mar chuid dá bplean forbartha ceantair trí acmhainní dá gcuid a roinnt leo.

De bhárr éilimh ó Choistí Pobail sna Gaeltachtaí, facthas don Ollscoil gurbh fhiú di agus gurbh fhéidir léi, Ollscolaíocht trí Ghaeilge a lonnú i measc na bpobal Ghaeilge. Beidh sin ar siúl i gCarna, ar an gCeathrú Rua agus in ionaid eile in am agus i dtráth. Ma tá an Coláiste sásta acmhainní a chur ar fáil i bhforbairt an oideachais tríú leibhéal trí Ghaeilge, tá sé riachtanach chomh maith go mbeidh na córais agus na forais a dhéanann freastal ar an bpobal, ag féachaint ar an nGaeilge mar acmhainn freisin, lena chinntiú nach ndéanfar aon bheart a lagóidh an acmhainn nádúrtha, luachmhar seo atá ag pobal na Gaeltachta. Níl dream is fearr le gardáil a dhéanamh ar an acmhainn sin ná an pobal a bhfuil seilbh acu ar an acmhainn sin. Tá muid ar fad ag súil gur i gcomhar le pobal na Gaeltachta agus leis an stát agus a acmhainní uile a éireoidh le hathréimniú na Gaeilge, agus gur fearr de muid ar fad go dtarlóidh sin go luath le cabhair an oideachais agus na hoiliúna.

*Peadar Mac An Iomaire*


TAIGHDE MARA TEO.

**Taighde agus Forbairt Saothrú Mara**
***Maricultural Research and Development***


Cárna, Co. na Gaillimhe.
Fón: 095-32225. Facs: 095-32300

# NIVECTRON..........AG SÚIL LE 30 POST AMACH ANSEO.

Tá Caoimhín Ó Nuadháin, atá i bhfeighil chomhlacht Nivectron, ag súil go dtiocfaidh méadú mór ar an bhfostaíocht sa tionscal atá tosaithe aige i gCarna. Bhí ochtar ag obair ansin nuair a bhí muid ag ullmhú na hIrise. Tá Caoimhín Ó Nuadháin ag súil go mbeidh siad ag teannamh isteach i monarcha an Údaráis ar an Eastát Tionscail i Roisín na Mainíoch go luath san athbhliain. I dTeach Údarás na Gaeltachta i gCarna atá siad lonnaithe anois.

Tá an comhlacht ag déanamh pairteanna do ríomhairí. Plean forbartha dhá bhliain go leith atá leagtha amach ag Caoimhín Ó Nuadháin le Údarás na Gaeltachta. Tá súil aige go mbeidh thart ar dheich gcinn fichead de phostanna sa tionscal i gCarna ach a mbeidh an phlean uilig curtha i bhfeidhm.

# TIONÓL GAELTACHTA I gCARNA I 1998



*Peadar Mac Fhlannchadha*

Tionólfar Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge i gCarna i mí Iúil seo chugainn, ó Déardaoin, 9 Iúil go dtí Dé Domhnaigh, 12 Iúil.

Eagraíonn Conradh na Gaeilge Tionól, nó teacht le chéile, gach bliain i nGaeltacht difriúil. An aidhm atá leis an Tionól ná deis a thabhairt do bhaill Chonradh na Gaeilge bualadh le chéile i gceantar Gaeltachta agus aithne a chur ar phobal na Gaeltachta. Tá sé mar aidhm freisin cuidiú leis an gceantar trí shlua daoine a thuigeann tábhacht na Gaeltachta a thabhairt chuig an gceantar.

Is ócáid mhór shiamsaíochta freisin í ar ndóigh, agus tá na himeachtaí ar fad oscailte don phobal uilig. Go deimhin is cuid an-tábhachtach den Tionól é páirtíocht an phobail áitiúil.

Cuireadh tús leis an Tionól i 1991 i Ros Muc, áit ar fhreastal thart ar leathchéad cuairteoir ar an gcéad ócáid, agus d'éirigh thar cíonn leis. Arís chuidigh tacaíocht an phobail áitiúil. Chomh maith leis an gcur síos ar stair na háite fuaireamar blas de chultúr na háite Tigh Mhaidhcó gach oíche, áit a raibh Comhaltas Charna i measc na gceoltóirí.

I 1992 tugadh aghaidh ar cheantar álainn thuaisceart Mhaigh Eo, nuair a heagraíodh an Tionól i gCeathrú Thaidhg. Póca beag Gaeltachta is ea Ceathrú Thaidhg, ceantar ina bhfuil an daonra ag titim. Is ceantar é nach bhfuil tarraingt ag turasóirí air, rud a chiallaigh go raibh socruithe faoi leith le déanamh le muintir Cheathrú Thaidhg chun lóistín a chur ar fáil don slua a d'fhreastail ar an Tionól.

Bá í 1993 bliain chomórtha an chéid, comóradh bunú Chonradh na Gaeilge in 1893, agus is i nDún Chaoin a heagraíodh an Tionól. An bhliain dar gcionn tugadh aghaidh ó thuaidh nuair a heagraíodh an Tionól i nGaoth Dobhair.

I 1994 chuamar thar sáile den chéad uair, go hInis Oírr. Bhí tábhacht faoi leith le Tionól Inis Oírr. Idir áilleacht an oileáin agus na himeachtaí a bhí eagraithe don deireadh seachtaine, mealladh breis agus céad duine is caoga chun freastal ar an ócáid. Lean an lucht tacaíochta sin an Tionól ó shin agus ní raibh aon lóistín gan líonadh i mBaile an Sceilg i nGaeltacht Uí Ráthaigh, Co. Chiarraí, i mí Iúil, 1996. Is easpa lóistín an t-aon deacracht a bhí againn i mbliana nuair a heagraíodh Tionól Gaeltachta 1997 in Inis Meáin, áit go raibh an t-ádh orainn go bhfuaireamar an deireadh seachtaine is deise sa bhliain.

Tá tábhacht faoi leith le pobal an cheantair in eagrú an Tionóil agus i roghnú imeachtaí an Chláir. Is i bpáirt leis an bpobal a dhéantar na socruithe ar fad agus tá súil agam go mbeidh rian Charna le feiceáil ar Thionól 1998. Níl amhras ach go mbeidh slua ag tarraingt ar Charna don ócáid. Tríd an Oireachtas, tá an-aithne agus meas ar fhonnadóirí Charna. Tá aithne forleathan orthu freisin.

Ar ndóigh maidir le Conradh na Gaeilge i nGaillimh tá an-chuid daoine as ceantar Charna atá bainteach le hobair an Chonartha. Is as Muighinis d'Eibhlín Ní Chlochartaigh, Bainisteoir Oifig Eolais an Chonartha i Sr. Doiminic. Tá a deirfiúr Bríd ag obair le hÓgras i nGaillimh agus is iomaí duine eile as Iorras Aithneach atá nó a bhí ag obair linn, daoine ar nós Nóra de Búrca, Catherine Ní Ghuairim, Páraic agus Úna Ní Churraoin, Úna Ní Chlochartaigh, Treasa Ní Chualáin, Bridget Ann Ní Dhunáird agus Ann McTavish.

Le tacaíocht na ndaoine seo, an pobal áitiúil agus baill Chonradh na Gaeilge, beidh ard-dheireadh seachtaine againn i mí Iúil seo chugainn.

*Peadar Mac Fhlannchadha*

# Áras Mháirtín Uí Chadhain

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595101/595038. Facs: 091-595041



Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta ó Bhearna go Carna.

Cúnamh i labhairt na teanga don chlann gan Ghaeilge.

Dianchúrsaí i Labhairt na Gaeilge do Dhaoine Fásta.

Pacáiste Féin-Teagaisc i bhfoghlaim na Gaeilge.

Ranganna Ríomhaireachta trí Ghaeilge

Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs

Seomraí ar fáil do choistí.

## Áras Chárna
## Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cúrsa sa Bhitheolaíocht Mhuirí, i nGaeilge, i bhForbairt Phobail, i dTeicneolaíocht na Fáisnéise agus i réimsí eile cultúir, oideachais agus oiliúna mar chuid de chlár buanaithe Gaeilge na hOllscoile.

UCG Coláiste na hOllscoile Gaillimh

# *Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.*

Tadhg Ó Conghaile

**Cúlra:**

Bunaíodh Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. i 1984 agus é mar aidhm aige forbairt a dhéanamh ar na beirtreacha nádúrtha oisrí agus muiríní i gcuanta Chill Chiaráin agus na Beirtrí Buí i nDeisceart Chonamara. D'eascair an Comharchumann as Coiste Iascaireachta Chonamara a bunaíodh bliain roimhe sin. Bhíodh oisrí agus muiríní le fáil go nádúrtha sa cheantar leis na glúnta ach i dtús na n-ochtóidí bhí an acmhainn in ísle brí. Bhí cearta ag Gael Linn ar na beirtreacha ach theip ar na hiarrachtaí na hoisrí a fhorbairt cheal tacaíocht áitiúil. Ar deireadh shocraigh na hiascairí áitiúla iad féin a eagrú agus tabhairt faoin acmhainn a fhorbairt le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Cheannaigh Údarás na Gaeltachta na cearta iascaireachta ó Gael Linn ar chostas £176,000 agus chuir siad ar léas chuig an gComharchumann iad. Fuair an Comharchumann cuid mhór tacaíochta ó Thaighde Mara agus ón Saotharlann Taighde Sliogéisc i gCarna sna chéad bhlianta freisin.

**Dul Chun Cinn:**

Tá dul chun cinn an-suntasach déanta ag Comharchumann Sliogéisc Chonamara ó bunaíodh é agus is fiú tagairt a dhéanamh dhóibh seo:

(1) Eagraíocht áitiúil bunaithe (C.S.C.) agus aitheantas faighte aige ón bpobal, ón Stát agus ón tionscal sliogéisc i gcoitinne.

(2) Réimeas bainistíochta curtha i bhfeidhm ag C.S.C. ar nós dúnadh na mbeirtreacha sliogéisc ar feadh trí shéasúr iascaireachta, 1984, 1985, 1988/1989 agus 1995/'97 (muiríní).

(3) Clár forbartha á fheidhmiú ó 1984 le tacaíocht láidir ón Údarás. De bharr na hinfheistíochta seo méadaíodh go mór an stoc oisrí ar na príomhbheirtreacha.

(4) Smacht iomlán ag C.S.C. ar dhíolachán oisrí ó 1989 ar aghaidh.

(5) Bainisteoir lánaimseartha fostaithe ó 1987 agus fostaíocht shéasúrach cruthaithe freisin.

(6) Ceadúnas Iascaigh 10 mbliana faighte ó Roinn na Mara i 1987.

(7) Méadú suntasach tagtha ar thábhacht an tséasúr oisrí mar a léiríonn na sonraí seo leanas:

| Séasúr | Iascairí Pairteach | Méid Tonnaí | Meánluach/Kg | Láimhdeachas |
|---|---|---|---|---|
| 1989 | 63 | 31 | £3.00 | £ 93,000 |
| 1990 | 106 | 52 | £4.30 | £223,600 |
| 1991 | 170 | 66 | £3.50 | £230,000 |
| 1992 | 179 | 52 | £2.92 | £151,840 |
| 1993 | 123 | 57 | £2.16 | £123,120 |
| 1994 | 120 | 58 | £2.40 | £139,200 |
| 1995 | 121 | 57 | £2.75 | £156,750 |
| 1996 | 143 | 77 | £3.33 | £256,835 |

De bharr an mhéadaithe seo tá ioncam na n-iascairí ó iascach oisrí dúbáilte ó 1992 go dtí 1996.

# muínteoras

## togra oideachais gaeltachta

Leitir Móir, Gaillimh. Fón: 091-551145/551155/551300. Facs: 551277

*Le tacaíocht ó*

Údarás na Gaeltachta

Coimisiún na gComhphobal Eorpach

An Roinn Oideachais

An Crannchur Náisiúnta

**Ar Son Óige na Gaeltachta**

*Ag obair i gCorca Dhuibhne,*
*i gConamara, i Maigh Eo,*
*i dTír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta*

## Clár Forbartha:

I dtús na bliana seo caite chuir an Comharchumann plean forbartha le chéile agus cheadaigh Údarás na Gaeltachta cúnamh airgid chun an plean seo a chur i bhfeidhm thar thréimhse 4 bliana. Na príomhgnéithe den phlean seo ná:

(1) Beirtreacha nua a fhorbairt i gcomhair fás oisrí. Deantar é seo tré shean bheirtreacha a ghlanadh agus oisrí beaga a thógáil ón máithreacht agus iad a athleagan orthu. Tugann seo seans níos fearr do na hoisrí seo fás mar bíonn níos mó bia le fáil san uisce acu.

(2) Polasaí iascaireachta agus cuóta a chur i bhfeidhm.

(3) Sliogán diúilicíní a chur ar an ngrinneall chun síol oisrí a bhailiú.

(4) Frámaí agus stocaí a úsáid chun síol a bhailiú.

Tá dul chun cinn sásúil á dhéanamh leis an bplean seo agus ba chóir go mbeadh níos mó oisrí, agus oisrí níos fearr, le fáil amach anseo.

**Muiríní:**
Bhí titim suntasach tagtha ar an líon muiríní atá sa gCuan le deich mbliana anuas agus chuige sin bheartaigh an Comharchumann, le cúnamh airgid ó Údarás na Gaeltachta, plean forbartha muiríní don Chuan a chur i bhfeidhm.

Is é an phríomhobair a rinneadh i rith an chláir forbartha seo ná:

(1) Síol muiríní a cheannacht isteach agus iad a chur ag fás i dtrádairí sa gCuan. Nuair atá na muiríní saghas aithrid (breis agus 50mm) iad a scaoileadh amach ar an ngrinneall ag súil go mbeidh ar a gcumas fás agus síolrú. I rith tréimhse cheithre bliana, tá breis agus 1.8 milliún síol curtha amach sa gCuan.

Mar chomhartha tacaíochta don fhorbairt seo chinn an Comharchumann gan aon iascach muiríní a dhéanamh ar feadh tréimhse dhá bhliain 1995-1997 agus polasaí iascaigh maidir le cuota agus saghas an fháinne a chur i bhfeidhm.

**Foirgneamh:**
Tá foirgneamh ar cíos ag an gComharchumann i gCoill Sáile. Tá súil ag an gComharchumann an foirgneamh seo a fhorbairt go luath sa mbliain 1998.

**Ceadúnas:**
Sa mbliain 1987 thug Roinn na Mara ceadúnas 10 mbliana sa limistéar farraige a bhfuil an Comharchumann ag feidhmiú as. Tá iarratas déanta anois ag an gComharchumann ar an gceadúnas a athnuachan ar feadh tréimhse eile ar an limistéar céanna.

Tá gá ag an gComharchumann le limistéir mhóra farraige chun a chinntiú nach mbeidh aon ghalar tagtha isteach sa gceantar.

**Ginearálta:**
Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. ó bunaíodh é agus tá a bhuíochas sin ag dul do Choiste an Chomharchumainn agus do na hiascairí agus na heagraíochtaí stáit a thacaigh leis an gComharchumann.

Ag breathnú siar ar an stáid oisrí i 1979 nuair a tógadh dhá thonna oisrí sa gCuan agus ag déanamh comparáide idir é agus an 77 tonna a tógadh i 1996 agus an méid tonnaí a tógadh san idirlinn (féach aguisín leis seo) tá go leor moladh le tabhairt dóibh siúd a thug faoin bhforbairt seo an chéad lá ariamh í dtús na n-ochtóidí.

### Aguisín 1
**Iascaireacht Oisrí i Limistéar C.S.C. 1979 - 1996**

| Bliain | Méid Tonnaí |
|---|---|
| 1979 | 2 |
| 1980 | 2 |
| 1981 | 32 |
| 1982 (meastachán) | 280 (Iascaireacht mhídhleathach) |
| 1983 | Beirtreacha dúnta |
| 1984 | Beirtreacha dúnta |
| 1985 | 45 |
| 1986 | 40 |
| 1987 | 20 |
| 1988 | Beirtreacha Dúnta |
| 1989 | 31 |
| 1990 | 52 |
| 1991 | 66 |
| 1992 | 52 |
| 1993 | 57 |
| 1994 | 58 |
| 1995 | 57 |
| 1996 | 77 |

# Ceiliúradh agus Cuimhní Cinn.

*Tharla sé i 1997 go raibh roinnt mhaith ceiliúrtha ar bhunú ionaid oibre tionscail agus oideachais sa bpobal seo.*

* 100 bliain ó shin - nó roinnt blianta lena chois - a tógadh an chuid is sine de bhunscoileanna an cheantair seo - tá cuntas againn ar na chéad bhlianta i scoil na hAirde Thiar.

* 50 bliain ó shin a tógadh an bhunscoil nua i gCill Chiaráin.

* 50 bliain ó shin a bunaíodh tionscal Arramara i gCill Chiaráin.

* 25 bliain ó shin a bunaíodh Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna - an comhnascadh idir Meanscoil Chlochar na Trócaire agus an Ghairmscoil.

Beidh muid ag caitheamh súil ar na scéalta a bhaineann leis na hionaid agus leis na scoileanna sin uilig sa gcuid seo d' Irisleabhar "Iorras Aithneach '97".


# Adhmad Teo.

Casla

**KITCHEN UNITS**

•

**CÓFRAÍ**

Troscán do chineálacha eile

*Togha na hoibre*

**Casla, Conamara. Tel: 091-572290**

# An Gorta Mór - Slad ar an bPobal.

Rinne an Gorta Mór slad ar an daonra. Feicfidh tú anseo agus ansiúd gur árdaigh an daonra i gcúpla baile, cibé cúis a bhí leis sin. Ach idir chuile shórt is titim an-mhór a bhí ar líon na ndaoine. Bhásaigh siad leis an ocras agus leis an tinneas. D'imigh tuilleadh acu le súil agus go mbeadh an saol níos fearr thar sáile. 150 bliain go ham seo a bhí an Gorta Mór sa tír seo.

| Baile | Daonra 1841 | Daonra 1851 |
|---|---|---|
| An Aird Thoir | 255 | 199. |
| An Aird Thiar | 191 | 170. |
| An Aird Mhóir | 236 | 143. |
| Beagh Chatha | 7 | 0. |
| Caladh an Chnoic | 30 | 24. |
| Caladh bhFuínse | 203 | 123. |
| Carna | 134 | 94. |
| An Coillín | 104 | 136. |
| Doire Iorrais | 132 | 47. |
| Dúleitir | 14 | 17. |
| Duibhithir | 358 | 353 |
| Gleann na Rud | 12 | 0. |
| Glionnán | 5 | 0. |
| Glinsce | 170 | 172. |
| Gabhla | 106 | 29. |
| An Gabhlán Thoir agus Thiar | 96 | 10. |
| An Leath-Mhás | 59 | 81. |
| Cill Chiaráin | 444 | 431. |
| Coill Sáile | 272 | 149. |
| Leitir Ard | 545 | 257. |
| Leitir Deiscirt | 81 | 60. |
| Leitir Peidhbream | 24 | 11. |
| Loch Con Aortha | 150 | 89. |
| An Más | 157 | 166. |
| Muighros | 392 | 100. |
| Roisín na Mainíoch | 411 | 211. |
| Roisín an Bholgáin | 13 | 6. |
| Seanach Domhnaill | 2 | 0. |
| Fínis | 66 | 50. |
| An tOileán Máisean | 98 | 64. |
| Muíghinis | 649 | 471. |
| Roisín an Chalaidh | 53 | 24. |
| Oileán Mhic Dara | 9 | 12. |
| **Iomlán** | **5,478** | **3,699.** |

B'shin 32.5% de laghdú.

# SCOIL NA hAIRDE - NA BLIANTA TOSAIGH

Séamas Mac Donncha

Mar is léir ó fhoinsí atá ar cumhdach sa gCartlann Náisiúnta, tá scoil na hAirde níos sine ná mar a ceapadh dhi. Ba ar an 21ú Samhain 1881 a rinne Father Flannery, sagart pobail Charna, iarratas ar airgead stáit don scoil - *'Application for aid towards maintaining a school in the county of Galway to be called the Ard National School'*. Bhí an foirgneamh ar an láthair agus an scoil i mbun oibre nuair a thug an cigire ceantair cuairt, ar an 12ú Nollaig 1881 - is deacair a ainm a dhéanamh amach sa láimhscríbhinn. Scríobh sé ina thuairisc: *'The above proposed National School is newly built and slated, and is situated in the midst of populous villages, and is sure to command at all times a very large attendance. The attendance presently is over ninety-six pupils. It is stated that some time ago there was a national school in the above village but (it) was disqualified owing to the incompetency of the teacher as well as (to) the school falling into disrepair'.*

I dtaobh na seanscoile siúd scríobh an cigire: *'I cannot definitely ascertain when the school ceased to be in connection with the Board. The only reference I can find amongst the District records is that in the Inspector's report of 1.3.'74; "The Manager was asked if it was his intention to reopen the school." It appears the last teacher was incompetent and the Manager failed to find a satisfactory successor'.*

I nóta eile faoi dháta 13.1.1882 tá ráite: *'There was an Ard school, roll number 10082, which was struck off the Rolls from 1.7.'73 by B(oard) O(rder) of 4.4.'76. It was struck off because an incompetent teacher was in charge'.*

Anois, tá a fhios againn ó ráite na sean-mhuintire go raibh máistir de Chlann Dhonncha san Aird ins na seascaidí, a dtugaidís Seán na Scoile air. De réir tuairisce b'as Gleann Iarchonnacht ina aice Uachtar Ard é, agus bhí cáil air go mba togha múinteóra é le Béarla, Matamaitic agus Tíreolaíocht - dá chruthúnas sin d'fhág sé scoláirí paiteanta ina dhiaidh. Soir go Camas a chuaigh sé as an Aird, am éigin timpeall 1870 is dóigh. Pé'r bith cé a tháinig ina dhiaidh i bhfus, seans maith go mb'eisean a bhí *'incompetent'* de réir na tuairisce agus a ba chiontach le diúltú aitheantais don scoil.

Is suimiúil a mheabhrú freisin go raibh seanscoil 'cois claí' sa Más blianta fada roimh aimsir Sheáin na Scoile, má ba roimh aimsir an droch-shaoil é sin nó ina dhiaidh, níltear cinnte. Ba soir ins na Roisíní taobh thoir den bhóthar a bhí sí, deirtear, agus fear de na Barrys ba ea an máistir. Níor chuala mé má bhí aon bhaint aige don fhear den ainm a raibh siopa aige i gCarna am éigin ins na triochaidí ach nach bhfuil a thuairisc i liostaí an *Griffith Valuation*. Is beag cuimhne a coinníodh ar an máistir Barry thar aon phointe amháin. Deirtí go mba draíodóir nó easarlaí de chineál éigin a bhí ann, a raibh sé de chumhacht aige, má b'fhíor, neacha ón saol eile a thabhairt i láthair - b'fhéidir gur *'medium'* a thabharfadh lucht eolais ar a leithéid inniú. Ach fágtar an béaloideas - ar ais linn go dtí scoil na hAirde.

De réir tuairisce ní raibh aon léas ar láthair na scoile nua *'.....but the site is a long time devoted to the purpose of a school'* (ó aimsir na Máirtíneach is dóigh) *'without disturbance or demand for rent...'*. Scoil aon tseomra a tógadh, 30'x15'x12'. Ní raibh aon teach cónaithe ann don mháistir, ná an clár dubh féin sa scoil.



*Séamas Bhearchla Mac Donncha (ar chlé) i gcuideachta Phádraig agus Phat Uí Chosgordha (1951).*

Fear óg darbh ainm *Michael Newell* a céad-cheapadh mar mháistir; thosaigh sé san Aird ar an 14ú Samhain 1881. Isteach as scoil Thír na Cille i nGleann an Mháma a tháinig sé; ní raibh oiliúint múinteóra air agus ba ghearr a théarma san Aird - d'fhág sé an áit ar an 31ú Lúnasa 1882. De réir nóta faoí dháta 18.1.1882; *'Mr. Michael Newell who has charge of this school has been pronounced by the*

*Board ineligible for appointment in any national school on account of his having been convicted of an assault upon a Pilot named Fahy while he, Newell, was in charge of the Tiernakill National School, county Galway, for which he was imprisoned for one month with hard labour'.*

Diúltaíodh iarratas an tsagairt ar aitheantas don scoil go dtí go gceapfaí máistir a mbeadh an Bord sásta leis. Is cosúil nach fanacht fada a bhí orthu. '......*As from 12 April a grant of £35 salary with Results Fees was sanctioned for Mr. Michael Haughey. Also a grant for free stock of the value of £4.10.0 on condition that a sale stock of the value of £1.7.6. be purchased'.*

I dtús na bliana dár gcionn rinne an bainisteoir iarratas eile '...' *for aid towards salary of teacher Brigid King, aged 18 years....'* a thosaigh mar chúntóir neamh-oilte sa scoil ar an 19ú Feabhra 1883. Ba de Chlainn Mhic Conraoí Dhubhithir í, agus dhearbhaigh an cigire ceantair *Edmund Downey* gur cheistigh sé í ar an 9ú Aibreán, '.....*and I can certify that she is fit for the office'.* Ceapadh £27 de thuarastal bliantúil di. Ach níorbh fhada a chaith sí san Aird den chor sin - chuaigh sí soir go scoil Fhídhinse ar an 1ú Meán Fómhair 1884, gur chaith ceithre bliana ann sar ar fhill sí.

Bhí múinteoirí ag teacht agus ag imeacht le cúl a chéile ins na blianta úd. D'imigh Michael Haughey an lá deireanach den Mhárta 1885, agus thosaigh Peter Lavin sa scoil an lá dar gcionn. B'í Elizabeth O'Connor a tháinig in áit Bhríd Nic Conraoí, 8.9.'84. Luaitear an sloinne - Coleton, gan dáta, príomhoide gan amhras. Ansin bhí P. Quinn ina phríomhoide 1.11.'87 go dtí 30.10.'88, agus C. MacDermott ina dhiaidh siúd go dtí 30.9.'89. Níl aon tuairisc ins na cuntais faoi mháistreás de na MacDevitts a chaith téarma éigin ann timpeall dheireadh na n-ochtóidí, mar a chualamar ón dream a tháinig romhainn.

Is cosúil gur i ndiaidh MhacDermott a tháinig Michael MacNally; níl aon dáta curtha síos dó, ná aon eolas faoi cé as a dtáinig sé don Aird, ach go ndeireadh sé féin go mba as condae Mhuineacháin ó dhúchas é. Bhí Bríd Nic Conraoí ar ais ina cúntóir ó dheireadh na bliana 1888, agus am éigin tar éis don mháistir nua a theacht pósadh an bheirt. Dá réir sin rinne an sagairt nua paráiste Father MacHugh iarratas 7.12.'92 - ar iasacht airgid le teach múinteora a thógáil le hais na scoile. Ó tharla gan aon léas a bheith ar an áit b'éigean dó dearbhú mar leanas: '.....*I beg to say that the plot of ground on which it is proposed to build this house has been in my occupation and that of my predecessors for the past thirty years. It was given about that time by the landlord as a site for a school house and has continued since in the undisturbed possession of the Parish Priest of Carna'.* Bhí an teach críochnaithe i dtús Feabhra 1896. Iasacht £250 a frítheadh lena thógáil, ach níl aon chíos luaite, ná cén chaoi a raibh an t-aisíoc le déanamh. Pé'r bith scéal é, thóg Michael MacNally agus Bríd muirín mór, agus iad bocht go leor go deimhin, fearacht a lán dá leithéidí ins na blianta crua úd. Le fírinne a dhéanamh, saol corrach go leor a bhí ag 'Mack' bocht, mar a tugtaí air coitianta, san Aird. Bhí údaráis an Bhoird Oideachais anuas air ó thosach. Cuireadh mí-éifeacht agus mí-chneastacht i mbun a dhualgas ina leith; dearnadh gearáin air thairis sin, agus b'é deireadh an scéil gur briseadh as a phost é ón 31ú Márta 1907. Chuaigh Bríd amach ar pinsean de bharr mí-shláinte ar an 1ú Aibreán 1908. Solas na bhFlaitheas dóibh beirt.



*Seán Ó Conchubhair*

Faoi dheireadh na bliana 1907 ceapadh Patrick McGrath ina phríomhoide, ach de bharr aighnis áitiúil chuir sé suas don phost agus d'imigh leis. B'éigean an scoil a dhúnadh. Is cóir a rá anseo go mba scoil mheasctha a bhí san Aird ó thosach. Ach Lá Bealtaine 1904 dealaíodh amach na cailíní faoi uimhir rolla dóibh féin. Níor mhair an socrú nua ach go dtí an chéad lá d'Aibreán 1907, nuair a cuireadh an dá scoil le chéile arís. Ach is dóigh gur dúnta a bhí an scoil formhór an ama go tús na bliana dár gcionn, nuair a ceapadh Patrick Purcell - an chéad mháistir ar tuairiscíodh faoi go raibh Gaeilge mhaith aige. Aniar as Inis Airc a tháinig sé, gur thosaigh san Aird ar an 13ú Eanáir 1908. Is cosúil nar fhan sé aon achar, agus ba ina dhiaidh a ceapadh Seán Ó Conchúir, ach níl sé soiléir ó na tuairiscí cén dáta go díreach ar thosaigh an Conchúrach.

B'as Cill Mheáin i gcondae Mhaigh Eo Seán Ó Conchúir, nó 'John Connor' mar atá ins na tuairiscí oifigiúla, fear óg a bhí tar éis cáiliú mar mhúinteoir as Coláiste Phádraig, Droim Conrach i samhradh na bliana 1907. Bhí sé ina phríomhoide i Scoil na mBuachaillí i gCarna ón 30ú Samhain 1903 go dtí an 12ú Meitheamh 1905, nuair a ceapadh i Scoil Thír an Fhia é ar choinníoll go rachfadh sé ar chúrsa oiliúna. Ar theacht as an gColáiste dhó a fuair sé príomhoideacht na hAirde, agus b'ann a chaith sé an chuid eile dá shaol múinteoireachta.

Bhain an Conchúrach agus a bhean chéile - Bríd Ní Flatharta as an gCeathrú Rua - cáil mhór amach dhóibh féin san Aird mar mhúinteoirí díograiseacha, éifeachtacha. Is féidir a rá le fírinne gur fhágadar lorg rathúil ina ndiaidh, agus go bhfuil líon mór dá n-iarscoláirí faoi chomaoin acu, agus buíoch dhíobh dá réir. Ar dheis Dé go raibh siad beirt.

Chomh fada 's is léir, ní thagann a bhfuil ar fáil sa gCartlann Náisiúnta de na croinicí scoile seo níos faide ná 1910 nó mar sin. Le cur leo caithfear braith ar an Roinn Oideachais, agus sílim nach mó ná sásta atá siad scarúint lena bhfuil acu. Is cuid thábhachtach de sheanchas pobail ar bith croinicí scoile, agus is maith is fiú iad a chur ar shlí shábhála. Tá moladh dá réir tuillte ag Coiste na hIrise as an méid atá curtha i gcló go dtí seo in *IORRAS AITHNEACH*, ach níl ann ach tosach.

Is mór agamsa an deis a fháil le mo bhrobh féin a chur leis an mbeart.

# BANC NA hÉIREANN

## *(Bank of Ireland)*

### Clochán

Fón: (Clochán) 095-21111/21290 : Facs 095-21453.

## Seirbhísí an Bhanc Taistil

• Cuntais Taisce •
• Infheistiú Téarmúil •
• Cuntais "Golden Years" •
• Cuntais Iasachtaí Téarmúla •
• Iasachtaí Pearsanta agus Gnó/Ligean ar Léas •
• Taisce i gCumann Tógála an ICS •
• Cuntais dóibh siúd nach gcónaíonn sa tír •
• Malartú Airgid Eachtrannaigh •
• Cártaí "Access" agus "Visa" •
• Pleanáil Árachas Saoil • seirbhís saor in aisce le fáil •
• Árachas Baile •
• Chomh maith le Réimse Leathan de Sheirbhísí Eile •

### DÉ MÁIRT

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 10.10 r.n. - 10.20 r.n. |
| Ros Muc | 10.30 r.n. - 11.40 r.n. |
| Crosbhóthar Ros Muc | 11.45 r.n. - 12.30 i.n. |
| Earraí Cniotáilte | 1.30 i.n. - 1.40 i.n. |
| Tí an Mháille | 1.45 i.n. - 1.55 i.n. |
| Loch Con Aortha | 2.00 i.n. - 2.15 i.n. |
| Coill Sáile | 2.20 i.n. - 2.45 i.n. |
| An mhonarcha | 2.50 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉ CÉADAOIN

| | |
|---|---|
| Cill Chiaráin | 10.15 r.n. - 11.15 r.n. |
| Tí Kheane | 11.15 r.n. - 11.30 r.n. |
| An Aird Mhóir | 11.40 r.n. - 12.10 i.n. |
| Tí Leavy | 12.10 i.n. - 12.45 i.n. |
| Ruisín na Mainíoch | 1.45 i.n. - 2.10 i.n. |
| Carroll's | 2.15 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉARDAOIN

| | |
|---|---|
| Carna | 10.15 r.n. - 12.30 i.n. |
| | 1.30 i.n. – 3.00 i.n. |

### DÉ hAOINE

| | |
|---|---|
| An Sraith Salach | 10.00 r.n. - 10.20 r.n. |
| Caiseal | 10.30 r.n. - 10.45 r.n. |
| Tí Bhoulger | 10.50 r.n. - 11.25 r.n. |
| Tuaim Beola | 11.35 r.n. - 11.50 r.n. |
| IDA Cloch na Rón | 12.00 r.n. - 12.30 i.n. |
| Cloch na Rón | 1.30 i.n. - 3.00 i.n. |

## Rang na Bliana 1987

Cé ar a bhfuil daoine óga an pharóiste seo ag díriú anois mar shlí bheatha? Tá tábhacht leis an gceist sin ar bhealaí go leor. An bhfuil siad ag fanacht sa mbaile? An bhfuil siad ar thóir na gcáilíochtaí a d'fheilfeadh do thionscail na mara, mar shampla?

Shocraigh muide go gcaithfeadh muid súil ar an gcosán a thóig na gasúir a chríochnaigh a gcuid oideachais bunscoile i 1987 - deich mbliana ó shin.

Siad Máire Ní Fhéinidh agus Caitlín Ní Chuinneagáin a rinne an obair thaighde, mar chuid de scéim obair shamhraidh na mac léinn, a bhí faoi stiúir Chomharchumann Chonamara Thiar.

## Cá bhfuil cónaí ar Rang na Bliana 1987?

| | |
|---|---|
| Carna/Cill Chiaráin | 10. |
| Gaillimh/Áiteacha eile i gConamara | 7. |
| Áiteacha eile in Éirinn | 6. |
| Sasana/An Bhreatain Bheag | 4. |
| Meiriceá | 3. |
| Mór-Roinn na hEorpa | 2. |

## Cé na cúrsaí oideachais Tríú Léibhéil a rinne siad?

| | |
|---|---|
| Dream nach ndearna cúrsa tríú léibhéal ar bith | 20. |
| Dioplóma/Teastas | 6. |
| Céimeanna Ollscoile | 6. |

(Tá triúr acu fós ag staidéar).

## An deichniúr as rang na bliana 1987 atá fanta sa mbaile.

*Slite Beatha*

| | |
|---|---|
| Ag obair i dtionscail na feilméireachta éisc | 3. |
| Mná tí | 3. |
| I mbun gnó agus féinfhostaithe | 1. |
| Ag obair i monarcha | 1. |
| Dífhostaithe | 2. |

*Nóta.*
*32 a bhí sna ranganna a chríochnaigh a gcuid oideachais bunscoile i gceantar Charna/Cill Chiaráin i 1987. Ní raibh rang 6 ar bith i Scoil Mhuighrois an bhliain sin.*

## An cineál staidéir a rinne siad.

*An dream a fuair Dioplóma nó Teastas.*

| | |
|---|---|
| Eolaíocht | 1. |
| Scileanna Óstáin | 1. |
| Staidéar Gnó | 2. |
| Riarachán Oifige | 1. |
| Scileanna Ríomhaireachta | 1. |

*Lucht na gcéimeanna.*

| | |
|---|---|
| B.A. | 2. |
| Bainistíocht Óstáin | 1. |
| Innealltóireacht Shibhialta | 1. |
| Innealltóireacht Mheicniúil | 1. |
| Eolaíocht na Mara | 1. |

Tá ceathrar de lucht na gcéimeanna ag staidéar fós. Tá siad i mbun staidéir ar na hábhair seo a leanas:

| | |
|---|---|
| H. Dip | 1. |
| L.L.B. | 1. |
| B.A. | 1. |
| Eolaíocht na Mara | 1. |

## Cén cineál slite beatha atá ag Rang na Bliana 1987?

| | |
|---|---|
| Ag obair in óstáin | 4. |
| Oibrithe i dtionscail na feilméireachta éisc | 3. |
| Obair rúnaíochta | 3. |
| Mná tí | 3. |
| Oibrithe tógála | 4. |
| Oibrithe monarchan | 2. |
| Gnó dá gcuid féin | 1. |
| Múinteoirí | 1. |
| Saighdiúr cabhlaigh i Meiriceá | 1. |
| Ag dul le gairm na hinnealltóireachta | 1. |
| Tionscail na ríomhaireachta | 2. |
| Dífhostaithe | 3. |
| Fós ag staidéar in Ollscoileanna | 4. |

# Gaelic Seafoods Ireland

PRODUCERS OF THE FINEST
ATLANTIC SALMON

IONAID OIBRE

Leitir Ard, san Aird, ar an Sraith Salach, i Leitir Mealláin agus i Tully Mountain

Ag tacú leis an gceantar agus ag seasamh leis an gceantar

*Comhghairdeachas leis an gcoiste*
*agus guímíd gach deá-rath ar a gcuid oibre*

***Chúig bhliana fichead go ham seo a bunaíodh an Phobalscoil i gCarna. Cés móite de chúpla mí, i dtús aimsire, sé Roibeárd Ó hÉilí atá ina Phríomh-oide ann, ariamh ó shin.***


***Phléigh Roibeárd Ó hÉilí a chuid smaointe faoin oideachas, agus faoi ábhair eile, le Máirtín Ó Catháin.***

Bhí an chaint faoi scoileanna pobail tosaithe go láidir. Ba mhór i gceist na ceangail idir scoileanna i mBaile Bhlainséir agus i dTamhlacht i mBaile Átha Cliath. Bhí an bhearna idir na meanscoileanna traidisiúnta agus na gairmscoileanna ag laghdú. Ní raibh an ceantar seo aon bhlas ar gcúl san athrú sin. Bhí an phraicticiúlacht i gceist freisin. Dhá scoil dara leibhéal i gceantar beag go maith, ó thaobh daonra de. Nárbh fhearr Scoil an Chlochair agus an Ghairmscoil a chomhnascadh? Ceist mhór go maith a bhí inti. Bhíothas ag cur oideachas meanscoile ar dhéagóirí sa gClochar le scór bliain roimhe sin. Ní raibh sa nGairmscoil ach girseach óg i gcomparáid leis an gClochar; ní raibh leathscór bliain féin slánaithe aici i gCarna. Ach déanadh an beart. Thosaigh Pobalscoil Mhic Dara i gCarna ag feidhmiú i bhFómhar na bliana 1972 - chúig bhliana fichead go ham seo.

"Fiche cúig bliain", a deir Roibeárd Ó hÉilí agus é ag díriú a shúile i dtreo na spéire. "Cá ndeachaigh siad?" Scairt gháirí. Sin é. Beidh chúig bhliana fichead déanta ag Bob ina Phríomhoide ar Phobalscoil Mhic Dara an mhí seo chugainn.

"Bhí Míchéal Ó Conaill (ón nGairmscoil) agus an tSiúir Pius (an Clochar) ag láimhsiú cúramaí na meanscoile eatarthu sa gcéad téarma. D'éirigh siad as agus fógraíodh post an Phríomhoide. Mise a fuair é......agus tá mé anseo ó shin". Tá sé i gCarna ón mbliain 1967, nuair a tháinig sé as Gaillimh ina fhear óg mar mhúinteoir eolaíochta sa nGairmscoil. Tá go leor uisce goite le fana ó shin.

"Is dóigh go bhfuil 1100 nó 1200 dalta feicithe agam ag teacht agus ag imeacht sna blianta ó 1972", a deir Bob. "Tá cuid acu ar shlí na fírinne féin". Níl aon chuimhe aige ar an lá ab fhearr ná an lá ba mheasa. "Bhí gach saghas lá ann", a deir Bob. Thart ar 160 a bhí sa bPobalscoil sa gcéad bhliain sin, chomh maith le scata cailíní a bhí fanta fós sa scoil chónaithe sa gClochar. Cuireadh deireadh leis an scoil chónaithe ina dhiaidh sin. Idir 170 agus 180 dalta a bhí ann ar feadh i bhfad ach tháinig ardú suntasach ar na huimhreacha thart ar leathscór bliain ó shin. Bhí 230 cláraithe sa scoil bliain amháin. Bhí cupla cúis leis sin, a deir Roibéard Ó hÉilí.



*An Leas-Phríomhoide i gCarna, Tomás Ó Nídh.*



*Príomhoide Phobalscoil Charna le 25 bliain, Roibeárd Ó hÉilí, agus a bhean, Nóra.*

"Sílim go raibh go leor ag filleadh as tíortha thar lear le gasúir óga an uair sin", a deir Bob. "Ar ndóigh bhí muintir Ros Muc ag teacht anoir go láidir an uair sin freisin. Tá a gcúrsa Ardteistimeireachta acu féin anois". Tá 190 dalta sa bPobalscoil anois agus ceapann Bob gur dóigh gur ag laghdú de bheagán a bheas na figiúirí. Ta an claonadh sin sa daonra.

Cuireadh go leor ranganna agus cúrsaí do dhaoine aosta ar fáil in imeacht na mblianta ach tá athrú an-mhór anois sa gcuid sin d'obair na scoile. "Bhíodh trí scóir ban ag ranganna eagsúla anseo san seachtóidí", a deir Bob. "Bhíodh fir agus mná ann - ranganna miotalóireachta, adhmadóireachta, Yoga, corpoiliúint agus go leor eile. D'eagraigh mé rang ríomhaireachta anuraidh agus níor thainig ach cúigear. Tá an saol athraithe". Aisteach go leor, ceapann Bob go bhfuil an t-oideachas sa bPobalscoil ar cheann de na cúiseanna atá lena laghad glaoch atá ar ranganna oíche. "Cuimhnigh go bhfuil an oiliúint san adhmadóireacht, miotalóireacht srl. faighte ag daoine ag dul chun na scoile dóibh anois; ní theastaíonn na ranganna oíche uathu níos deireanaí".

Tá réimse na n-ábhar sa scoil méadaithe go mór, a deir Bob. Luann sé an aclaíocht, seirbhís gairmthreorach, múinteoir feabhais agus cúrsaí ríomhaireachta. Tá seomra sa Teach Mór in aice na scoile múnlaithe ina Sheomra Ríomhairí. Ach ní éalaíonn Bob ón trioblóid. "Bíonn sé an-deacair múinteoirí a fháil anseo, scaití", a deir sé. An chúis? "Ní bhíonn siad in ann teagasc trí Ghaeilge". Bhí Bob ar thóir múinteoir tráchtála níos túisce i mbliana. Labhair sé le 40




*Rúnaí na Pobalscoile, Bairbre Uí Neachtain.*

múinteoir ar fud na tíre sula bhfuair sé duine a rugadh agus a tógadh san áit agus a tháinig ar ais. "Ní raibh duine den 40 eile in ann an t-ábhar a láimhsiú trí Ghaeilge". Tá cuimhne ag Bob ar an ré a caitheadh nuair nach raibh polasaí chomh láidir sin i bhfeidhm.

"Ní raibh Gaeilge ar bith agamsa nuair a tháinig mé ag múineadh sa nGairmscoil anseo i 1967. Bhí tuiscint neamh-oifigiúil eicínt ann gur cheart do dhuine a bheith in ann a ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge tar éis bliana. "Phassáil mé!" Céard faoin nGaeilge anois? "Is léir nach bhfuil sí chomh líofa ag daoine óga agus a bhí sí san aimsir a caitheadh. Ach ceapaim go labhrann go leor acu siúd a d'iompaigh ar an mBéarla sa scoil Gaeilge lena ngasúir féin, níos deireanaí. Ach ní féidir leis an scoil éalú ó athruithe teanga ná athruithe sóisialta eile atá ag tarlú taobh amuigh den sconsa sin".

Dúnadh an Ghairmscoil deich mbliana ó shin agus méadaíodh an scoil ag an gClochar. Tá na daltaí ar aon láthair amháin ó shin. Tá an Ghairmscoil ag oscailt anois mar Ionad Oideachais agus Cultúir faoi stiúir Ollscoil na Gaillimhe. Cuireann sin áthas ar Bhob. Bhí sé páirteach sna hiarrachtaí pobail leis an bhfoirgneamh breá sin a oscailt arís.




**Foireann Chispheile na Pobalscoile i 1988.**
***Líne cúil (ó chlé)*** *- Colm Ó Dúbhda, Val Ó Guairim, Séamas Mac an Iomaire, Sean Mac Táibhís, Marcas Ó Conghaile, Pádraig de Búrca (múinteoir).*
***Líne tosaigh (ó chlé)*** *- Éamon Ó Cuinneáin, P. J. Mac Donnchadha, Pádraig Ó Coirbín, Gearóid Ó hÉilí agus Réamon de Brún.*



*Máire Geoghegan-Quinn ag oscailt an spáis bhreise a cuireadh leis an bPobalscoil i 1988.*

Beidh imeachtaí ceiliúrtha ag an bPobalscoil le linn na bliana. Ach is beag duine a thuigfidh na trioblóidí, na deora a sileadh, na rachtanna gáirí a cluineadh go hard, na haislingí a chonaic daoine rompu ná na driseacha a leag cuid acu ar a gcosán, le Bob Healy, Príomhoide Phobalscoil Mhic Dara, Carna, le chúig bhliana fichead.

Ina dhiaidh sin féin tá sé ar a chosa fós.......agus go mba fada mar sin é.



Follántas! Pictiúr de thriúr dalta nár chaill lá amháin scoile ar feadh chúig bhliana.
***Ó chlé*** *- Gearóid Ó hÉilí, Nicola Ní Iarnáin agus Clíodhna Ní Chualáin. Roibeárd Ó hÉilí, Príomhoide, ar gcúl. I dtús na naochaidí a tógadh an pictiúr.*

# Cúrsaí Feamainne



*Macdara Ó Cuaig*

Is fiú £4 mhilliún in aghaidh na bliana tionscal na feamainne sa tír seo ach is beag an méid é sin i gcomparáid le chomh mór is atá an tionscal ar fud an domhain. I 1993 baineadh 6.36 milliún tonna feamainne sa domhan uilig. Sa tSeapáin agus i gKorea d'fhás siad luach US$1.5 billiún sleabhcáin léi féin!

Sé Arramara an comhlacht feamainne is mó sa tír seo. Tógann siad isteach 35.000 tonna d'fheamainn fhliuch chuile bhliain lena próiseáil. Easpórtáileann siad an fheamainn mhillte chuig NutraSweet/Kelco International in Albain, áit a mbaintear alginate aisti. Úsáidtear an t-alginate le ábhair a ghreamú le chéile, i ndéantús uachtar reoite, lipstick srl. Fiú an ceann a bhíonn ar bheoir sé an t-alginate a chinntíonn nach dtiteann sé "flat". Is fiú £1.5 milliún obair Arramara in aghaidh na bliana ach is cosúil go bhféadfadh sé a bheith i bhfad níos mó.

Rinne an Roinn Luibheolaíochta san Institiúid Mhuireolaíochta i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, staidéar cuimsitheach ar an méid feamainne buí atá le fáil ar chósta Chonamara agus Dhún na nGall agus fuair siad torthaí suimiúla. De réir a gcuid figiúirí d'fhéadfaí 130.000 tonna a bhaint ar na cóstaí seo in aghaidh na bliana (ag glacadh leis go bhfágfaí cos na feamainne gan baint). Sin 95.000 tonna níos mó ná mar a baintear faoi láthair. Ach sí an cheist "cé a bhaineas an fheamainn seo?"

Dé réir suirbhé a rinne mé féin an Samhradh seo caite tá bainteoirí na feamainne ag dul in aois. Sa gceantar ó Ros a' Mhíl go Leitir Fraic tá an chuid is mó de na bainteoirí (88%) os cionn dhá scór bliain d'aois agus den 12% eile níl ach 3% acu faoi thríocha bliain d'aois. Chuir na figiúirí seo iontas orm féin agus ar lucht ceannaithe na feamainne. Cé a choinneoidh feamainn le Arramara scór bliain ó inniu? Is léir



*Máirtín Ó Cualáin ( an dara duine ó dheis) agus Aire na Mara, Michael Woods (ar a chlé) ag céiliúradh Arramara. Ardfheidhmeannaigh de chuid an chomhlachta in éineacht leo.*

## Arramara Teo.

Ní raibh mórán oibre i gCill Chiaráin nuair a bunaíodh Monarcha na Feamainne. Bhíodh daoine as an bparáiste ag plé le feamainn roimhe sin ach síos Béal an Daingin a thugaidís í, áit a dtugtaí ar leoraí isteach Gaillimh í. Bhí céibh i gCill Chiaráin ag an am ach ní raibh a fhios ag na húdaráis tada fúithi. Ba ghearr gur chuir na fir as an bparóiste ar an eolas iad. Nuair a chuala Mr. Cleary, mar thug Peter Thomas air, faoin gcéibh, dúirt sé go n-inseodh sé an scéal do Mr. Anderson agus ní hé amháin sin, ach go dtabharfadh sé amach ina charr féin go Cill Chiaráin é an lá dár gcionn le cigireacht a dhéanamh ar an gcéibh. Sé Mr. Cleary a bhí i gceannas na hoibre i mBéal an Daingin agus Mr. Anderson a bhí ina chaiptín ar an St. Rule — an soitheach a thugadh an fheamainn go hAlbain. Tháinig Mr. Cleary agus Mr. Anderson go Chill Chiaráin i gcarr Mr. Cleary an mhaidin dár gcionn. Rinne Mr. Anderson cigireacht ar an gcéibh agus nuair a bhí sin déanta aige dúirt go raibh sí chomh maith nó ní b'fhearr le céad caladh a dtáinig sé agus nach raibh tada le bualadh ag bád inti ach láib agus mar a dúirt Peter Thomas, "ní raibh, níl agus ní bheidh go brách."

I Lúnasa na bliana 1947 tháinig Mr. Robb go Cill Chiaráin i mbád agus mar dúirt sé féin an mhonarcha i mbroinn na loinge aige. Tháinig muintir na háite agus thóg siad féin agus Mr. Robb an mhonarcha. Ar phíosa talún a cheannaigh Muintir Mháirtín Mhóir na Gaillimhe ó Phat McDonagh a rinneadh an mhonarcha. Bhí fiche fear as an áit ag obair ann. Rinne siad an mhonarcha agus gan acu ach geanntracha, oird, dinimít agus stuaim agus neart a lámh. Agus bhí siad ann — fir bhreátha láidre luathlámhacha. Peter Thomas, Colman Mheáirt Cóilín agus Pateen Anna, Muintir Niaidh agus Muintir Mhaidín as Cill Chiaráin, na Gaibhne agus Frank Seoighe as Aill na Brún agus tuilleadh le cois. Bhí an obair críochnaithe i bhFeabhra na bliana 1948. Ceithre phunt deich sa tseachtain a bhí na fir a bhí ag obair ann a fháil. Tharraingeodh cuid acu ceithre phunt ar an dole ach b'fhearr leo ag obair. Dá laghad dá raibh siad a fháil ba ghearr go raibh rothair ag go leor acu ag teacht chuig an obair agus ba mhór an chompóirt é sin dóibh.

Triúr oifigeach a bhí ag cuidiú le Mr. Robb sa monarcha — Paddy Nee, Pat McDonagh agus Owen Walsh. Le slata mara a thosaigh siad ag obair sa monarcha. B'iad ab fhearr mianach le haghaidh na mine a bhí ag teastáil ó Chomhlacht Algenate in Albain. Níor tosaíodh ar thriomú agus meilt na feamainne buí go dtí 1964. Sa mbliain 1956 a tosaíodh ar an gcarraigín. Chuirtí carraigín go Sasana agus go dtí an Mhór Roinn ach ní raibh sé ag íoc agus d'éirigh siad as. Ó Redmond Flaherty a ceannaíodh

31



*An chéad deatach in Arramara Teo.*

an talamh ar tógadh monarcha an charraigín air. Bhí an mhonarcha ag plé le slata mara go dtí deireadh na seachtóidí ach is le feamainn bhuí amháin a bhíonn siad ag plé anois, cé go stóráltar slata mara ann go fóill ar a mbealach go hAlbain. Le carr agus capall a tharraingidís na slata mara chuig an monarcha ar dtús.

Bhain na slata mara céanna a dhóthain gáire as Meiriceánach lá. Níl a fhios agam an gnó nó pléisiúr a thug an Meiriceánach céanna go dtí an mhonarcha ná fiú go bhfuil a fhios agam a ainm. Ach bhí sé thíos san oifig in éineacht le Mr. Robb. Ag breathnú amach sa bhfuinneog a bhí sé nuair a chonaic sé an pictiúr. "I have not seen such a sight in my born days, it is quite beyond my imagination, it is incredible, what a picture, come here Mr. Robb and have a look." D'éirigh Mr. Robb agus bhreathnaigh amach an fhuinneog. Céard a bhí ach carr slata mara agus maoil air agus thabharfá maoil uirthi ag teacht aníos an chéibh. Bhí Stephen Nee chun tosaigh idir an dá sheafta agus é ag tarraingt an chairr agus Michael agus Johnny Madden chun deiridh agus iad ag brú leis.

"I have seen it all now," a deir an Meiriceánach, agus creidim gur taispeáineadh an pictiúr a thóg sé ar fud Mheiriceá. Ach ar ndóigh bhí míniú ar an scéal mar a bhíonn ar chuile scéal. Luan a bhí ann, agus ar an Domhnach chuaigh capall Stephen ar cheart di a bheith faoin gcarr in ionad Stephen ar aitheolas. As an gCaiseal a tháinig sí ar dtús agus is ar an gCaiseal a chuaigh sí an Domhnach sin. Ach ní raibh a fhios ag Stephen go ndeachaigh sí ar an gCaiseal ná in aon áit eile go ndeachaigh sé á hiarraidh le cur faoin gcarr maidin Dé Luain. Ní raibh fáil uirthi ach ní ligfeadh Stephen síos an mhonarcha ná Mr. Robb. Chroch sé féin agus

32

Michael agus Johnny leo an carr agus fuair an Meiriceánach a phictiúr.

Ag deireadh na seachtóidí chuaigh an saol in olcas. Níor éalaigh an mhonarcha. Tosaíodh ag caint ar dhaoine a leagan amach. Bhí feamainn le fáil níos saoire i Meiriceá Theas. Bunaíodh monarcha chomh fada ó bhaile le Oileán Falklands.

Timpeall an ama seo ghlac Comhlacht Meiriceánach — Merck — forlámhas ar an monarcha cé gurbh é an fóchomhlacht Kelco a bhí i mbun na monarchan i gCill Chiaráin. Leagadh daoine amach ach fágadh an mhonarcha oscailte agus tá sé oscailte fós agus chuile shúil le Dia go mbeidh. Ní dóigh go mbeidh deich bhfeara fichead ag obair arís choíche ann ná go mbeidh idir dhá chéad agus trí chéad fear ag obair dá bharr ó Cheann Léime i gCo. an Chláir go Ceann Mhalainne i nDún na nGall ach tá deatach ag teacht as na simléir, tá daoine ag obair ann, tá feamainn á tarraingt ann, tá min á tabhairt go hAlbain as — ní ar bháid anois ach ar leoraithe, tá daoine fós ag baint fheamainne agus mar gheall ar fheabhas na mine sin a dhéantar as an bhfeamainn níl aon bhaol dúnta ar an monarcha agus cé aige a bhfuil a fhios nach mb'fhéidir gurb é an chaoi a bhfeabhsódh rudaí.

I 1955 baisteadh Arramara Teo. ar an monarcha, tá an t-ainm sin le feiceáil ar an monarcha fós. Go mba fada buan é.

*Agallamh le Peter Thomas, Pat McDonagh agus Mr. Robb.*

*As an Leabhrán a foilsíodh nuair a hosclaíodh Ionad Pobail Chill Chiaráin.*

33

nach bhfuil na daoine óga ag tabhairt faoin gceird, tá siad ag dul ag coláiste agus ag fáil postanna níos éasca. B'fhéidir go bhfuil dóchas éigin le fáil sa 12% sin faoi dhá scór. Daoine iad seo atá ag déanamh ceird lánaimsireach de bhaint na feamainne, ag dul i dtrá chuile rabharta. Tá go leor den chuid eile a bhaineann corr-leoraí anseo agus ansiúd.

Is cinnte dá mbeadh bealach meicniúil ag na daoine lánaimsireacha seo go mbeadh siad lán-tsásta an mhonarcha a choinneáil lán. Tá deiseanna acu san Ioruaidh le haghaidh an fheamainn bhuí a bhaint ach gur ar chladaí míne, réidh a oibríonn siad. Chaithfí athruithe a chur orthu seo lena gcur i bhfeiliúint do chladaí garbha, clochacha an chósta seo! Tá tionscal bunaithe acu ar dheis eile sa bhFrainc, An "scoubidou" a thugann siad air. Séard é féin croisín meicniúil agus é ag obair as crane. Tá sé in ann an choirleach a bhaint agus an bád a luchtú agus a dhíluchtú. Baineann na Francaigh 55,000 tonna coirlí in aghaidh na bliana le haghaidh thionscail an alginate. Níl fáth ar bith nach bhféadfaí tionscail den tsórt seo a lonnú anseo bunaithe ar an teicneolaíocht chéanna. Bhí coirleach á baint ariamh!!

Ach ní hé tionscal na coirlí atá ag teacht chun cinn sa gceantar ach tionscal "shaothrú" na feamainne...fás feamainne ar rópaí. Tá a fhios ag duine ar bith a d'fhág rópa i bhfarraige seáirse go bhfásann feamainn air ach tá sé seo níos teicniúla ná sin. Sna trialacha a rinne siad i gCuan na hAirde chuir siad síolta feamainne ar na rópaí agus ansin thóg tomhais orthu de réir mar a bhí siad ag fás. Bhí toradh sásúil ar na trialacha agus anois tá súil acu feilm fheamainne a lonnú in áit chóiriúil. Níl baol ar bith nach mbeidh postanna



*Cuid d'fhoireann Arramara*

i bhfeilméireacht fheamainne amach anseo. Ach ní mór dúinn a chinntiú nach gcuirfidh sé isteach ar na tionscail atá againn faoi láthair, iascach ríbí róibéise, mar shampla.

Tá an-deis againn forbairt a dhéanamh ar thionscal na feamainne sa taobh seo tíre ach ní mór dúinn a bheith cúramach. Caithfear a chinntiú go mbeidh an taighde cheart agus an réamh-phleanáil cheart déanta roimh ré. Tá na cuanta is glaine san Eoraip againn agus ba cheart dúinn forbairt a dhéanamh orthu - ach gan iad a scrios.

MACDARA Ó CUAIG


# Stanley & Sons



Clochán 095-21039

## Togha Síopa Éadaígh

Earraí Olna, Línéadach agus Criostal Éireannach
Earraí Iascaireachta agus Spóirt agus neart eile freisin

Is cáirde linn iad muintir phobal Chárna le fada an lá

***Nollaig mhaith dhíbh uile***

# Daltaí Bhunscoil Chill Chiaráin i dtús na gcaogaidí.



**Seo pictiúr de na daltaí a bhí ag freastal ar Bhunscoil Chill Chiaráin i dtús na gcaogaidí.**

***Chun tosaigh (ó chlé)*** *- Nancy Ní Chlochartaigh, Cóilín Ó hAllmhúráin (Ros Muc), Séamas Ó hAllmhúráin, Josie Ó Cuirrín, Gertie Ní Chuaig, Máire Nic an Iomaire, Áine Ní Chlochartaigh, Máire Ní Eidhin, Máirtín Mac Fhlannchadha agus Maggie Ní Chlochartaigh.*

***Líne láir (ó chlé)*** *- Seosamh Ó Cuaig (Coill Sáile), Andy Ó hAllmhúráin, Pádraig Ó Catháin, Neil Ó Dochartaigh, Seán Sheáinín Mac an Iomaire, Seosamh Ó Clochartaigh, Brian Mac Fhlannchadha, Tomás Sheáinín Mac an Iomaire, Roger Lee (as Maigh Cuilinn - col ceathrar do Phádraig agus do Julia Keane), Stiofán Ó Cuirrín.*

***Líne cúil (ó chlé)*** *- Máire Nic an Iomaire (Josie Chóil), Mairéad Ní Mhaoilchiaráin (Mharcais Mhorgan), Olive Bhreathnach, Nora Ní Laoí (as Maigh Cuilinn - col cearthrar do na Catháin), Siobhán Ní Chatháin, Rita Ní Dhunáird, Máire Ní Chuirrín, Áine Nic Fhlannchadha, Bríd Ní Fhlathartaigh (Áill na Brún), Nancy Ní Chuaig agus an muinteóir, Pádraig Ó Cosgordha.*


# Ó Catháin Teo.

*BUILDEÁIL*


Gabhla

Fón: (095) 31017

*Cébí cineál obair thógála atá ar intinn agat cuir scéala chuig*

Paddy Keane, Ó Catháin Teo.

# Ag an ócáid i mBunscoil Chill Chiaráin i 1947.



*Ó chlé - an tAthair Ó Corcoráin, Sagart Pobail Charna; Bean Uí Eidhin as Cill Chiaráin; Maitias Mac Donnchadha (athair Joe Mc Donagh, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael) agus an tAthair Tóibín, Séiplíneach Chill Chiaráin.*

## TOM TOOLE

Níorbh áilleagán sa *yard* í,
Ba chosúla le neach beo
An *football* nua. Ceann leathair.
Nuair a scaoiltí í ag na leads mhóra
Tráth *out to play* Dé Luain.

Tús Samhraidh a d'fhághadh an máistir dóibh í,
Scilling ón bhfear a bhailítí.
Is ba dhraíocht geall leis
Ag breathnú uirthi ag teacht chun beatha ---
An bolgán ag líonadh, teannas sna greamanna,
An bharriall á fáisceadh le díocas.
An tseoid a láimhsiú, a mhúirniú,
Boladh úr an leathair a shú.

Báire, creideamh nua an *yard*
Ar feadh tréimhse geal an tSamhraidh.
An liathróid an dia beag bréige
Á greadadh suas anuas an cnocán ---
Cosa boinn an uair úd an faisean
Bonnbhualadh is ordóga sciochta,
Trácht na coise dearg, ataithe de bharr teangmhála.

Ní raibh sé ann níos aicseanaí
Ná Tom Toole. Ba é ba phaiteanta ---
Dar linne pataírí na mbunrang á bhfaire ---

Tom a fríothadh caillte ar a leaba inné i Londain,
Dhá scór is dhá bhliain. Bheadh sé sin.
Tabharfar a chorp abhaile Dé hAoine.

*Micheál Ó Cuaig.*
*"Clocha Reatha", 1986.*

# Mo thréimhse múinteoireachta i Scoil Chill Chiaráin

Dé hAoine, an chéad lá de mhí Iúil, 1955 an chéad lá a thosaigh mé a' múineadh scoile i gCill Chiaráin. Lá breá grianmhar samhraidh a bhí ann. Ní raibh mé taobh istigh de tháirseach na scoile nuair a bhí máistreás na scoile, Áine Bean Uí Eidhin, tagtha a' fáiltiú romham. Ba í an crann taca í a bhí a' m i rith na mblianta a raibh mé a' múineadh sa scoil agus ní raibh ag múinteoir scoile ariamh comhleacaí ná cúntóir níb fhearr ná í. Go maire sí an céad.

An rud ba mhó a thug mé faoi deara an lá sin ab ea an líon mór scoláirí a bhí sa scoil - go hard ós cionn cheithre scóir, a dhá oiread is a bhí i gceachtar den dá scoil a raibh mé ag múineadh iontu roimhe sin. Agus marab ionann agus an dá scoil chéanna úd, ba Gaeilge a bhí le cloisteál thimpeall orm an lá sin, agus chuile lá ina dhiaidh sin - go dtí gur chroch mé mo chuid seolta arís! Labhairt na Gaeilge - ní rud é, ceapaim, ar thug mé mórán suntais dó ag an am. Ba chuid de ghnáth-shaol na háite é, nó ghlac mise leis gurbh ea - bhí eisceachtaí, admhaím. Ar aon nós, nuair a bhíonn roinnt den óige agat creidim go mbíonn rudaí níos tábhachtaí sa saol ná bheith cromta mar a déarfá cluais le claidhe féachaint cén teanga atá an lucht comhrá ar a' taobh eile a labhairt!

Ar chaoi ar bith, an lá sin bhí an scoil a' dúnadh le haghaidh saoire an tsamhraidh. Ardrang na bliana sin -Rang a' Seacht - ba é an chéad lá agus an lá deireanach sa rang sin ag a' gcuid ba mhó acab é. Bhí a ndóthain feicthe acab den stráinséir.

Tá suíomh breá ag baile Chill Chiaráin - agus ní mise an chéad duine dá rá sin. É suite ós cionn na farraige; céibh agus caladh maith ann; amharc breá soir uaidh - ar Leitir Calaidh, ar an Oileán Iarthach, Inis Treamhair, Ros Muc, Cnoc Mordáin, agus anoir uaidh sin. Ar a' dóigh chéanna tá suíomh breá ag an scoil - suite ar áit chrochta, fheiceálach, a haghaidh ó dheas amach ar a' gcuan. Bhí cuma na maitheasa ar a' mbaile (agus tá i gcónaí - ba dheacair an slacht a bhaint den bhaile). Bhí obair sheasta in Arramara ag cuid mhór de mhuintir na mbailte, agus ba mhór an rud é sin.

Rud eile, i ndeireadh an fhómhair, nuair a bhí arbhar agus fataí bainte, thosaíodh séasúr na muiríní ar a' gcuan. Is iomaí béile breá blasta muiríní a fuair mé ó Phen Keane corr thráthnóna a mbeannaínn faoin doras ann tar éis lá scoile. Go ndéana Dia Grásta uirthi.

Ag an am sin bhíodh an cuan - ach an oiread le Cuan na Beirtrí - breactha le báid, idir curachaí agus báid seoil. Ach bhí an saol ag athrú ós comhair ár súl. Tháinig an t-inneall agus dhíbir sé an maide rámha agus an seol, agus (mar dúirt an file fadó) "mar bharr ar gach mí-ghreann" tháinig meath ar na muiríní. Ach níor tháinig aon mheath ar an líon scoláirí i scoil Chill Chiaráin! Faoi cheann cúpla bliain bhí an tinreamh ardaithe, agus spás sna seomraí ranga gann go maith.

Bhí breis páistí faiona cúram anois ag Bean Uí Eidhin, agus gnó dá dícheall aici a' múineadh na mbunrudaí dóibh. Ach, míle buíochas le Dia, níor chuala mé focal clamhsáin as béal na mná ariamh. Ag am lóin ba mhinic gur ar chuid d'eachtraí agus ealaín an tseantsaoil a bhíodh an comhrá.

Ar ndóigh, tugtaí cothrom na féinne do ghnóthaí na scoile freisin - b' aisteach an rud mara ndéanfaí. Bhí clár teagaisc le múineadh agus caighdeáin oideachais le feidhmiú agus cigirí a' bualadh isteach ó am go chéile le breith a thabhairt ar an obair. Fear acab sin ba ea Pádraig Ó hEidhin. Bhí neart de chigirí na linne cáinte - agus fáth maith leis go minic - ach ba scoth an duine uasail é Pádraig Ó hEidhin. Tá sé imithe ar shlí na fírinne le roinnt blianta. Go lonraí an solas síorraí air.

Thug duine de bhoic mhóra na Roinne sciúird trí Chonamara díreach roimh an gCáisc bliain amháin. Ba gheall le Clark Gable é agus cáilíochtaí dá réir aige! Tháinig sé ar cuairt chugainn, chaith beagán ama le chaon duine a'inne, d' imigh agus lean ar aghaidh siar. An oíche sin bhí mé féin agus cúpla duine eile thuas sa Zetland agus cé d'fheicfinn a' teacht amach doras an tolglainn cuairteoirí (nó visitors lounge) ach mo dhuine agus barróg aige ar bheirt bhan! 'Spáineann sé go gcuireann na clocha glasa fonn suirí ar chuairteoirí freisin - cigirí scol ina measc!

Tá cúpla gnó de shaol na scoile go gcaithfidh mé labhairt fúthu - agus sin mar bhaineann siad le na scoláirí a bhí faoi mo chúram féin.

Bhíodar múinte, béasach - b'fhéidir corr dhuine nach raibh, uaireanta, ach bhí ardchíos le n-íoc ag a' té nach raibh! Bhí an - tsuim ag na buachaillí sa bpeil - agus ní raibh ríochan a' bith leo thréis do Ghaillimh craobh na hÉireann a ghnóthú sa mbliain 1956. Rinneadar bia éanachaí d'fhoirne na scoltacha eile sna cluichí bhí eatarthu!

Bhí an - chumas scríbhneoireachta i gcuid acab agus an - chumas fonnadóireachta i gcuid eile. Triúr de na fonnadóirí sin a bhfuil ainm déanta acab dóibh féin ó shin 'sea Risteard Ó hEidhin, Beartle Breathnach agus Peadar Ó hAllmhúráin. Bhí siúl fada ar chuid de na scoláirí - clann Phat Jim aniar as an mBántrach Ard agus clann Johnny Tom Cooke agus clann Phaddy Dundas anoir as Coill Sáile. Droch - mhaidineachaí geimhridh b' fhearr le duine a bheith i ngreim sa tlú ná i ngreim sa bpeann! Bhí an-chumas scríbhneoireachta i mbeirt dearthár as Áill na Brún - Micheál agus Seosamh Ó Cuaig. Ach cá bhfagfaidís é! Cuireann sé árd - áthas orm go bhfuil Micheál ina Phríomhoide sa scoil anois.

Ach bhí tráithnín a' tsiúil faoi mo chosa agus ar an Aoine 18ú lá de mhí Feabhra 1961 chríochnaigh mé an chaibidil sin de mo shaol múinteoireachta agus thug mé m'aghaidh soir - mar rinne Éamonn a' Chnoic fadó!

Seosamh Mac Con Rí

# CEANGAL LE SCOILEANNA THAR LEAR

Tá cónascadh idir scoil na hAirde Móire agus dhá scoil sa bhFrainc, dhá scoil sa bPortaingéil, scoil sa bhFionlainn agus scoil na Tulaigh. Is iad Léargas atá i gceannas ar an gcónascadh seo agus tagann airgead ón Eoraip chun plean oibre a chur i gcríoch. Tá roinnt mhaith meanscoileanna ceangailte le scoileanna san Eoraip agus le roinnt blianta anuas tá méadú mór tagtha ar an líon bunscoileanna atá cónasctha le scoileanna eile freisin.

Bíonn go leor cumarsáide idir na scoileanna ar an idirlíon. Mairfidh an tionscnamh seo ar feadh trí bliana agus tá muid anois sa dara bliain.

Sa gcéad bhliain den tionscnamh thug múinteoirí na Fraince agus na Portaingéile cuairt ar an scoil sin againne agus ar scoil na Tulaigh. Thug mise agus Philomena Uí Dhúill as scoil na Tulaigh cuairt ar dhá scoil sa bPortaingéil i mí Márta seo caite. Bhí sé seo thar a bheith suimiúil agus d'fhoghlaim muid go leor faoin gcóras oideachas sa tír sin.

Bhí go leor teangmhála idir na scoileanna anuraidh, chuir muid caiséid amhrán ag a chéile chomh maith le fístéipeanna den scoil agus den cheantar. Freisin rinne muid dhá nuachtlitir idir na scoileanna, chomh maith le pictiúir agus cairteanna a chur ag a chéile. Cuireadh tuairisc faoin aimsir ag na scoileanna chuile sheachtain.

I mbliana tá sé i gceist go mbeidh níos mó teangmhála idir na gasúir scoile. Tá siad ag scríobh ag a chéile. Freisin tá sé i gceist go mbeadh na gasúir ag scríobh ag a chéile ar an e-mail agus ag cur nuachta ag a chéile.

Thug mé fhéin agus Mairéad Ní Choistealbha cuairt ar na scoileanna sa bhFrainc i mí Dheireadh Fómhair. Tá an dá scoil a dtug muid cuairt orthu sa Bhriotáin. Chaith muid seachtain ar fad sa Bhriotáin agus bhí sé thar a bheith suimiúil. Nuair a bhí muid thall, thug muid cuairt ar réamhscoil, agus ar mheanscoil, chomh maith leis na bunscoileanna. Casadh múinteoirí feabhais agus síceolaí orainn a bhíonn ag obair sna scoileanna. D'airigh muid go leor ceol Briotánach agus chaith muid oíche amháin ag Fez Nos nó céilí, áit a raibh an-chraic go deo againn.

Is i mbliana a tháinig an scoil as an bhFionlainn isteach sa tionscnamh agus tá sé an-spéisiúil cloisteáil faoin gcóras oideachais atá acu sa tír sin.

Máire Uí Bholguidhir

WESTBIC

**Ionad Forbartha Gnó**

**san Iarthar agus an Iar-Thuaisceart**

*Ag tacú le*
*Fiontraíocht Áitiúil*

Westbic, Teach Hardiman, 5 An Fhaiche Mór, Gaillimh
Fón: 091-567974 Facs: 091-567980 Int: +353 email: bicgwy@iol.ie
Oifig: Maigheo • Roscomáin • Dún na nGall • Tuaim

# 24. Bean Láidir De Chonaire

*Mícheál Mac an Iomaire, An Cuillín, Carna.*

Nuair a bhíodh an cheilp dóite acu thart anseo, aimsir na ceilpe fadó, is iondúil gurb éard a dhéanaidís go minic, dhá mbeadh fear a mbeadh bád mór aige nó bád réasúnta mór, b'fhéidir go dtabharfadh triúr nó ceathrar a gcuid ceilpe ar an gCaiseal nó go Cill Chiaráin, nó go Cloch na Rón. Ach an lá seo ar chaoi ar bith, bhí an bheirt fhear seo, bhí ceilp le cur acu ar an gCaiseal agus chuadar ag comhrá le fear a raibh bád mór aige agus thóg sé an cheilp uathu agus thugadar a n-aghaidh ar an gCaiseal. Bhí cúigear nó seisear ins an mbád uilig, is bhí bean freisin, bhí sí ins an mbád.

Ach bhí an-lucht acu ar chaoi ar bith is chuaigh an bád ar charraig orthu agus é ina chrónachán oíche agus b'éigean do chuile fhear acu a dhul amach faoin mbád, féachaint an gcuirfidís den charraig í agus by Dad bhí sé ag cinnt orthu í a chur den charraig.

"Ach t'anam dhon diabhal agaibh," a dúirt an bhean, a dúirt sí, "ní féidir go bhfuil muid fanta anseo," a dúirt sí, "go maidin," a dúirt sí, ag dul amach faoin mbád agus nuair a chuaigh an bhean amach, thug sí a gualainn don bhád agus chuir sí an bád den charraig. Agus ba mhór an jab í a chur den charraig mar séard a bhí ann taoille trá.

Ach chuadar ar an gCaiseal ar chaoi ar bith leis an gceilp agus bhíodar ann faoi cheann píosa den oíche agus ní raibh aon cheilp le bheith á meáchan ann, mar a déarfá, go dtí maidin lá arna mhárach. Is é an chaoi a mbíodh an cheilp ansin, is é an chaoi a mbíodh sí ina gráfaí móra, píosaí, b'fhéidir go mbeadh chúig chéad meáchain i bpíosa ceilpe, is b'fhéidir píosa eile nach mbeadh ann ach leithchéad meáchain nó céad meáchain. Ach bhí an píosa mór seo curtha isteach ins an mbád ar chaoi ar bith. Is dóigh liom go raibh triúr nó ceathrar fear á leagan isteach ins an mbád. Agus dúradar nár mhaith leo é a bhriseadh ar chaoi ar bith. Is d'fhiafraigh fear acu, fear dá raibh ins an mbád, "meastú an bhfuil duine ar bith ins an mbád," a dúirt sé, "a d'iompródh," a dúirt sé, "an píosa ceilpe seo?"

Agus bhí fear mór láidir ann, fear de Bhúrcach, agus dúirt sé go dtriáilfeadh sé féin é a iompar. Agus ní raibh sé gaibhte ach sé coisméigeacha ón mbád nuair a dúirt sé leis na fir a dhul faoi, nach raibh sé in ann é a iompar. D'fhiafraíodh ar an mbeirt an raibh duine a raibh in ann. "Bhoil níl aon duine in ann é a iompar," a deir an bhean, a dúirt sí, "anois," a deir sí, "ná in ann é a thriáil," a deir sí, "ach triáilfidh mise é," a dúirt sí. Bean de mhuintir Chonraí a bhí inti. Agus ardaíodh uirthi é agus níor lig sí scíth agus níor lig sí osna gur leag sí thuas í ag an áit a raibh an scála ag meáchan na ceilpe. Thug sí í tuairim's os cionn céad slat go maith. Leagadh isteach ins an scála an píosa ceilpe agus céard a mheáigh sé ach chúig chéad go leith meáchain. Ba é an meáchan ba mhó é a bhíodar a cheapadh a d'iompair aon bhean thart anseo mórán riamh roimhe sin.

Ach séard a bhí inti, bean mhaith a bhí ins an chuile bhealach inti. B'fhearr í ná fear. Agus bhí sí in ann braon poitín a ól ins an áit a mbeadh ól agus bhí sí in ann deoch leanndubh a ól freisin. Ach nuair a bhí chuile fhear réitithe agus an cheilp meáite agus iad íoctha, chuadar isteach i dteach ósta a bhí ann agus seisear nó seachtar acu a bhí ann. Ach bhíodar ag fáil . . . chuile dhuine ag fáil deoch ar an turn. Agus bhí an bhean í féin ag glaoch deoch. Ach is gearr go raibh na fir, bunáite ar fad, ná rabhadar in ann ól níos mó agus iad cineál . . . faighte roinnt dallta. Agus séard a d'ól an bhean chúig phionta dhéag leanndubh. Agus d'iompraigh sí cuid de na fir agus chaith sí isteach ins an mbád iad agus is í a thug abhaile an bád.

---

*I mBéal na Farraige*
*Price: £7.50*
*Published by Cló Iar Chonnachta*
*Available in local shops*





# Tigh Mhóráin

Carna

**TEACH ÓSTA AGUS SIOPA**

*Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig an bpobal uile.*

Teileafón: 095-32244/32763



## Johnny Joe Mhaitiais.

Bhásaigh Seán Ó Cathasaigh - Johnny Joe Mhaitiais - as an Más, ina fhear óg, an Samhradh seo caite. Bhí cáil air mar sheoltóir agus mar fhear báid den scoth, i bhfad agus i ngearr. Seo pictiúr de agus a chompás dírithe aige ar an Oileán Máisean.

Tá súil againn go bhfuil leoithne gaoithe ar muir agus an ghrian ar dhroim na dtonn sna cuanta ina bhfuil sé ag seoladh anois.



## An tSiúir Angela.

Sí an tSiúir Angela Ní Dhíomasaigh a bhí i gceannas ar an Ionad Lae i Scoil Ghlinsce ó cuireadh tús leis an tseirbhís i 1991. Rinne sí an obair seo uilig gan pingin ná leathphingin. Tá idir scór agus deich nduine fhichead ag dul chuig an Ionad, atá faoi stiúir Dhochtúir Charna, Mícheál Ó Cathasaigh.

D'éirigh an tSiuir Angela as a curamaí ceannais i bhFómhar na bliana seo. Ach beidh sí isteach agus amach anois agus aríst. Tá obair iontach déanta aici don ghlúin daoine atá ag teannadh amach sna blianta.

Seo pictiúr di féin agus den Dr. Ó Cathasaigh nuair a rinneadh bronnadh uirthi as ucht a cuid oibre.



## Róisín Elsafty.

Duine de na buaiteoirí is óige ariamh i gcomórtais amhránaíochta an Oireachtais - seo í Róisín Elsafty as Bearna. Bhuaigh Róisín an dara háit i gComórtas Uí Riada ag an Oireachtas i mBéal Feirste i mbliana.

Cá bhfágfadh sí é, a deir tú? Iníon í Róisín le Treasa Ní Cheannabháin as Cill Chiaráin, bean a bhuaigh Craobh na mBan ag an Oireachtas í féin.

Máire Ní Fhéinidh. Leitir Deiscirt. Carna.
Aois. 20 Bliain.
Ag déanamh B.A. i gColáiste Mhuire gan Smál...(Ollscoil Luimní)....sa tríú bliain...ar thaithí oibre le Raidió na Gaeltachta ar feadh bliana.
Ábhar .....Gaeilge. na Meáin. agus Cumarsáid....(media and communication studies).



# *Caitheamh Aimsire i gceantar Charna.*

Mar dhuine óg as ceantar Charna. tá diomá orm a rá nach bhfuil mórán rud ar bith le déanamh ag daoine óga sa gceantar seo.

I mo thuairimse. teastaíonn iarracht faoi leith a dhéanamh le níos mo áiseannaí caitheamh aimsire a chur ar fáil. Mar mhac léinn i gcathair mhór Luimní le dhá bhliain anuas. airím uaim na háiseannaí agus na deiseannaí atá ar fáil do mhuintir óg na cathrach nuair a thagaim abhaile.

Bíonn rud éigin le déanamh i gcónaí sa gcathair. cuma cén sort aimsire atá ann. Is féidir leat dhul ag snámh am ar bith is mian leat sna linnte snámha. is féidir leat dhul go dtí an t-ionad spóirt agus gach saghas cluiche a imirt. nó dhul ag an bpictiúrlann. srl. Agus cé gur thaithnigh liom theacht abhaile ar an deireadh seachtaine agus an tráth gairid sin a chaitheamh le mo mhuintir in áilleacht na tuaithe. d'fhulaing mé go mór mar nach raibh tada eile le déanamh ach dhul go dtí na títhe ósta. rud a chosnaíonn go leor airgid agus rud nach bhfuil go ró-fhairsing ag mic léinn an tsaoil seo.

Tá a fhios agam nach n-aontóidh chuile dhuine liom ar an bpointe seo agus tuigim é sin. ach céard eile. inis dhom atá le déanamh ag dream óg an cheantair seo?. Dhul go dtí an pháirc agus peil a imirt nó go dtiocfaidh dath gorm ort?. Céard a tharlóidh má bhíonn an aimsir mar bhíonn sí go hiondúil. chomh dona is nach gcuirfeá luch as poll ná diabhal as ifreann?!!

Sílim féin go dteastaíonn ionad de shaghas éigin a thógáil i gCarna le beocht eicínt a chruthú sa gceantar aríst. Ionad a mbeadh áiseanna aclaíochta agus caitheamh aimsire ann. Ionad a mbeadh citheanna agus teas lárnach ann. Ionad a bheadh oscailte ar feadh na bliana agus ionad a mba mhaith le daoine cuairt a thabhairt air go minic.

D'fhéadfaí. b'fhéidir. caifé. leabharlann. cógaslann. nó naíolann a thógáil mar chuid don ionad seo chomh maith. Ar ndóigh is rudaí iad seo a bheadh oscailte ar feadh na bliana agus atá ag teastáil go géar sa gceantar cheana fhéin. Tá caint go mb'fhéidir go dtógfaí áiteachaí mar seo sa gceantar amach anseo. Nach n-oibreodh rudaí amach i bhfad níos fearr. agus i bhfad níos saoire. dá dtógfaí ar an láthair chéanna iad?

Thiocfadh feabhas ar chúrsaí forbartha dá dtógfaí áit mar seo i gceantar Iorras Aithnigh mar go gcuirfeadh sé roinnt fostaíochta ar fáil. Is áit álainn agus is áit an-saibhir í an áit seo ach bímís fírinneach linn fhéin ar an gceist seo. An bhfuil an timpeallacht álainn atá againn le haghaidh daoine óga a choinneál i gCarna. nó ón imirce. nó ó alcól agus ó dhrugaí?. Ní cheapfainn é..

Tarlaíonn na rudaí seo go minic mar gheall nach bhfuil mórán le déanamh ag daoine. Cén fáth nach bhfuil mórán le déanamh acu meastú? Shílfeá go raibh neart oibre le déanamh ag ár sinsir romhainn nuair a bhí siad óg agus cinnte dearfa ní chloisfeá iad ag clamhsán mar nach raibh tada beo le déanamh! Ach tá saol an lae inniú athraithe go mór agus teastaíonn caitheamh aimsire éigin ó dhaoine anois. Tá níos mó brú ar dhaoine óga an lae inniú ó thaobh oideachais dhe, srl. Téann a bhformhór ar aghaidh go Coláiste nó ar chúrsaí eile le súil is go dtabharfaidh sé seans níos fearr dhóibh fostaíocht a fháil sna blianta atá le theacht. Teastaíonn uathu cuairt a thabhairt ar áit mar seo le cuid den bhrú a chrochadh díobh agus dearmad a dhéanamh ar scrúduithe agus a leithéide ar feadh scaithimh.

Agus oícheantaí fada an gheimhridh buailte orainn anois níl mórán le déanamh ag aon duine ach fanacht istigh ag breathnú ar theilifís nó dhul amach ag ól. Agus fiú amháin má tá suim faoi leith agat i gcúrsaí spóirt níl na háiseannaí cearta ann le haghaidh na gcluichí éagsúla a imirt. Go deimhin tá sár-lúthchleasaithe sa gceantar seo cheana féin ach níl de dheis acu feabhas a chuir ar a gcuid scileanna ós rud é nach bhfuil na háiseanna ceart ann.

Ach má thógtar ionad mar seo agus má cuirtear na háiseannaí seo ar fáil. an mbainfear úsáid astu?. Sin í an cheist mhór? Níl a fhios agamsa an mbainfear nó nach mbainfear agus ní féidir le duine ar bith é sin a rá ós rud é nach raibh na háiseannaí seo againn ariamh. Cinnte chosnódh sé go leor airgid ionad mar seo a thógáil ach tá mé féin ag ceapadh gur fiú airgead a chaitheamh i gcás mar seo.

Nuair a tógadh Ionad Pobail Chill Chiaráin, bhí meanmna ag chuile dhuine, go mór mhór an dream óg......Shíl siad go mbeadh ionad dhóibh fhéin acu ar deireadh thiar thall, ach anois faraoir is iad na cúrsaí Gaeilge a bhaineann úsáid as den chuid is mó. Cé gur maith ann na Gaeilgeoirí, agus nílimse ag fáil locht ar bith orthu, mar is tionscal ann féin iad, sílim go mba cheart go mbeadh seans ag muintir na háite na háiseannaí seo a úsáid freisin. Tuigim go mbíonn cúrsaí á reachtáil ann i rith na seachtaine sa nGeimhreadh do dhaoine fásta ach faraoir ar an deireadh seachtaine ní bhíonn solas ná léargas ann nuair a theastaíonn sé. Ní bhíonn ag déagóirí ach a bheith ag siúl na mbóithre nó ag ól cannaí.

Nílimse ag iarraidh go ndéanfaí cathair bheag de Charna mar is aoibhinn le chuile dhuine an suaimhneas, ach mar sin fhéin níl mé ag iarraidh go ndéanfaí reilig de ach an oiread. Ba mhaith liomsa go gcruthófaí beocht éigin sa gceantar sula mbeidh sé ró-dheireanach, sula mbeidh na daoine óga uilig bailithe go dtí na cathracha nó thar lear, sa tóir ar rud éigin nach bhfuil le fáil i gCarna.

# LACKAGH - QUARRY GROUP

**Teach Hardiman, An Fhaiche Mhór, Gaillimh.**

**Teileafón 091-562862**
**Facs 091-565646**

***Blocanna do thíthe - Gaineamh - Readymix Concrete - Clocha Briste - Ábhar líonta d'urláir.***

---

***Tá Coiléar againn ar an Sraith Salach i gConamara.***

**Teileafón ansin**
**095-34614**

***Ba í bliain an duaircis í, ar bhealaí go leor, in Iorras Aithneach. Bhásaigh daoine go hóg, agus bhásaigh daoine ar bhealaí tragóideacha. Gortaíodh daoine i ndroch-thimpistí freisin.***

Guíonn muid suaimhneas orthú siúd atá imithe agus ar na daoine atá fágtha ina ndiaidh. Tá súil againn gur biseach iomlán atá in ann dóibh siúd a tháinig slán beo as droch-thimpistí.

Ba i gCarna a lonnaíodh an chéad cheann de na meaisíní speisialta croí -defibrillator - i gceantar tuaithe sa tír seo. Cheithre bliana ó shin a tugadh an mheaisín luachmhar seo go Carna.

Bailíodh ionann's £16,000 uilig; bhí grúpa ag obair sa mbaile agus grúpa eile i mBoston i Meiriceá. Bhailigh grúpa Bhoston $14,000. Murach iad, ní fhéadfadh muid an mheaisín a cheannacht.

Bean óg d'arbh ainm Mary Teresa Beatty Uí Dhubháin a bhí ina Rúnaí ar an gCoiste i mBoston. Ní raibh a fhios againne é sin sa mbaile. Níor iarr Coiste Bhoston aon bhuíochas agus níor tharraing siad aon áird orthu féin. Faraíor, bhí Mary Teresa Beatty Uí Dhubháin imithe ar shlí na fírinne nuair a fuair muid fáisnéis cheart ar an obair iontach a rinne sí, ag bailiú an airgid sin i mBoston.

Theangmhaigh an mí-ádh do Mhary Teresa Beatty Uí Dhubháin; a fear, Máirtín Ó Dubháin agus a dtriúr clainne ar an 28 lá de mhí Lúnasa agus iad ag dul i dtreo na Sionnainne, ar an aistir abhaile go Boston. Bhí trí seachtainí caite acu i gCarna agus in áiteacha eile in Éirinn.


Bhásaigh Mary Teresa agus a beirt clann iníon, Elaine (10) agus Christina (8) i dtimpíst cairr ar bhóthar Mhaigh Cuillinn.... díreach taobh amuigh de chathair na Gaillimhe. Gortaíodh Máirtín Ó Dubháin, a iníon Brenda (5) agus an naoinán, Micheál. Tháinig biseach orthu ach is deacair dóibh aghaidh a thabhairt ar an saol aríst, théis na tragóide seo.

Tá súil againn uilig go bhfaighidh siad sólás ón ualach uafásach bróin a theangmhaigh dóibh ar an ócáid thragóideach seo.


Beidh buíochas mhuintir Iorras Aithneach dlite go deo do Mhary Teresa Beatty Uí Dhubháin as an obair a rinne sí i mBoston don phobal seo.



*Mary Teresa Beatty......... pictiúr a tógadh roinnt blianta ó shoin.*



*Pictiúr de chailíní Mhary Teresa agus Mháirtín Uí Dhubháin a tógadh trí bliana go ham seo.........ó chlé - Christina (R.I.P.), Elaine (R.I.P.), agus Brenda.*



Mary Teresa Beatty agus Tommy Walsh, a col cúigear. Pictiúr a tógadh i Ruisín na Mainíoch cupla bliain ó shoin.

# An chéad duais ag scoil na hAirde Móire sa Taibhdhearc.

Bhuaigh scoil na hAirde Móire an chéad duais i gcomórtas drámaíochta do bhunscoileanna sa Taibhdhearc i nGaillimh le dráma grinn a chum beirt de dhaltaí na scoile - Sarah Beth Moylan agus Mary Teresa Moylan. Is iontach a chruthaigh an bheirt chailíní seo, ó tharla gur i Detroit i Meiriceá a rugadh agus a tógadh iad....nó go dtáinig siad ar an Aird Mhóir cupla bliain ó shin. Bhí seacht gcinn déag de scoileanna sa gcomórtas. Leagan greannmhar den "Riverdance" a bhí i ndráma lucht na hAirde Móire. Puddledance a bhaist siadsan ar an taispeántas a bhí acu féin.

***Seo iad compántas na hAirde Móire:***



***An líne cúil (ó chlé)*** *- Máirtín Mac Donnchadha, Shane Breathnach, Máirtín De Búrca, Maitias Ó Cathasaigh, Pádraig Ó Conaire, Máirtín Ó Droighneáin, Siobhán Ní Éighnigh, Máire Bríd Nic an Iomaire, Mary Teresa Ní Mhaoláin, Bairbre Ní Fhátharta, Sarah Beth Ní Mhaoláin, Sorcha Bolger, Uinseann Breathnach, Bernadette Nic Dhonnchadha, Seán Mac an Iomaire agus Bairbre Ní Ghionnáin.*
***An líne tosaigh (ó chlé)*** *- Déirdre Ní Fhlatharta, Pádraig Ó Droighneáin, Máire Bríd Ní Mhaolchiaráin, Breda Bhreathnach, Bairbre Ní Mhaoilchiaráin, Irene Bhreathnach, Róisín Ní Chuirrín agus Déirdre Nic Dhonnchadha.*



*An chéad duais - Crochann Sarah Beth Ní Mhaoláin an Corn léi thar ceann dhaltaí na hAirde Móire.*



*Puddledance - Pádraig Ó Droighneáin, ar chlé (Mícheál Ó Bumpy...in áit Mhichael Flatley) agus Maitias Ó Cathasaigh (an sleazy manager).*

## *Seaimpín an Domhain a leag crainnte Ghleann na Rud.*

I Christiantad, i ngar do Mhalmo, sa tSualainn a rugadh agus a tógadh Richard Pearrson. I nGleann na Rud, Cill Chiaráin, a chaith sé an chuid is mó den Samhraidh seo caite ag leagan crainnte a chuir lucht na foraoiseachta ansin 35 bliain ó shin.

Bhuaigh Richard Pearrson an "World Harvester Championship" cupla bliain ó shoin agus tá an chraobh leagan crainnte tugtha leis aige sa tSualainn trí nó ceathair de bhabhtaí. Sin é an t-údar ar tugadh Pearrson go Gleann na Rud.




Tá pictiúr de Richard Pearrson ina mheaisín anseo againn. Sí an mheaisín a dhéanann formhór na hoibre. Níl ach trí mheaisín den chineál seo sa tír.

Tá ríomhaire beag sa meaisín - leagtar agus feanntar an crann agus ansin gearrtar ina bhlocáin é. Déanann na mheaisín an obair seo uilig.

Bhíodh Richard ag obair ón 7 a chlog ar maidin go dtí an 9 a chlog san oíche.

Thaithnigh Conamara go mór leis - 'shíl mé gur sna Flathis a bhí mé' a deir Richard.

Beidh Richard ar ais aríst, a deir sé. Ba mhaith leis tréimhse laethanta saoire a chaitheamh ag siúl i sléibhte Chonamara.

# Pádraic Ó Madaoin

**Uimh. Ghutháin: 095-33420**

Seirbhís Hymac

Réiteach Suíomhanna

Réiteach 'Lawns'

# Taibhdhearc na Gaillimhe

Amharclann Náisiúnta na Gaeilge Teo.

180 Suíochán    Seó Samhraidh

Áiseanna Cleachtaidh    Seirbhísí Riaracháin

DRÁMAÍOCHT DO GACH DUINE!

Má tá aon eolas uait faoi imeachtaí nó áiseanna na Taibhdhearca, faigh i dteangbháil linn nó buail isteach:


Taibhdhearc na Gaillimhe
An tSráid Láir, Gaillimh.
Teil: (091) 562024 (oifig); 563600 (1-6 áirithint)
Faics: (091) 563195



## *Seaimpín Marcaíochta.*

An capall a bhuaigh an Chraobh Marcaíochta ag seó Chapaillíní Chonamara i mbliana - "Callowfeenish Buachaill". Sí Barbara Hoffman as Béal an Átha Fada an marcach.

Ba ag Seán Ó Maoilchiaráin i gCaladh bhFuínse a bhí sé ina shearrach.



## *Seaimpín an tSeó.*

Craobh Sheó an Chlocháin 1997 ag "Coral Misty". Sé John Bolger - mac le Bobby as Baile Conghaile a 'speáin an capall.


# TIGH LEAVY

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin
Conamara, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 32230

**Grósaera agus Beár**

*Bialann den Scoth*

# T. Ó MÁILLE TEO.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera •

• Crua-Earraí, Éadach •

• Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

# Comharchumann Chonamara Thiar Teo.

**Cill Chiaráin**
**Fón: 095-33436 Facs: 095-33413 Oifig Ros Muc: 091-574341**

**STÓR**
Earraí Feirme, Ábhar Tógála, Crua-Earraí
**SIOPA AN PHOBAIL**
**FORBAIRT PHOBAIL**
**SCÉIMEANNA FORBARTHA**
**EAGRAÍOCHT PHOBAIL – DON PHOBAL**

*Beannachtaí na Nollag*

# IS FIÚ SMAOINEAMH AIR!

## *Ionad Aclaíochta/Caitheamh Aimsire*

Tá an smaoineamh seo luaite cupla uair ag lucht an Fhóraim do Phobal Charna. Sí an tuairim atá ann ná go gcuirfeadh sé go mór leis an saol sóisialta dá mbeadh Ionad ann (ní gá dó a bheith an-mhór) a bheadh eagraithe go maith, a thabharfadh deis do dhaoine roinnt aclaíochta a dhéanamh. Chuirfeadh sé go mór leis dá mbeadh áit ina bhfaighfi braon tae/béilí éadrom gar go láthair. Tá sé an-deacair reachtáil ionaid mar seo a fhágáil ar oibrithe pobail. B'fhéidir go mbeadh sé i bhfad níb fhearr duine a bheadh sásta gnó príobháideach a dhéanamh de a chur ag obair air. Dá mbeadh gnó eile san Ionad a d'fhágfadh go bhféadfadh an áit aclaíochta a bheith oscailte de ló agus d'oíche ba é an chaoi ab fhearr é.

Tá Máire Ní Fhéinidh ag trácht ar fhorbairt den chineál sin in alt san Iris seo. Caitheamh aimsire do dhaoine óga atá i gceist ag Máire. Chuile sheans go bhféadfaí chuile thrá a fhreastal san Ionad atá ar intinn againne.

Ach chosnódh forbairt mar seo roinnt mhaith airgid. Ansin chaithfeadh ardchaighdeán teasa agus compóirde a bheith ann.......agus bheadh costas reachtála i gceist.

Is fiú a bheith ag smaoineamh air.

## *TITHÍOCHT*

Idir an praghas atá ar shuíomhanna agus costas tógála, tá an saol crua go maith ar dhaoine atá ag iarraidh tithe a thógáil. Sa mullach air sin, tá na rialacha pleanála an-ghéar sa gceantar seo.

Cuir i gcás go bhfaighfí píosa cóiriúil den chimín gar don bhóthar ar a bhféadfaí tithe a thógáil - arbh fhiú roinnt suíomhanna tí a mharcáil amach ansin agus iad a dhíol ar phraghas réasúnach le daoine óga sa gceantar?

Ar ndóigh chaithfeadh na tionóntaithe a bheith sásta scaradh leis an gcimín ar phraghas réasúnach, sula bhféadfaí aon bhlas a dhéanamh. Caithfí a bheith réasúnta cinnte freisin go dtabharfaí cead pleanála.

Is fiú a bheith ag smaoineamh air.

## *T na G - níor chuir daoine óga Iorras Aithneach suim i bpostanna ann.*

Chuile sheans gur chuir roinnt céadta daoine isteach ar phostanna iriseoireachta agus láithritheoireachta i dTeilifís na Gaeilge nuair a thosaigh an tseirbhís. De réir a bhfuil fáighte amach againne, níor chuir duine amháin as an bpobal seo isteach ar na postanna sin. B'fhacthas dúinn go raibh sé sin cineál aisteach.

Is fiú a bheith ag smaoineamh air.

## *Feilméireacht Éisc - Slí bheatha?*

Cé go bhfuil sé cuid mhaith de scór bliain ó tosaíodh an Fheilméireacht Éisc sa bpobal seo níl duine ar bith as an áit goite i mbun poist eolaíochta ná bainistíochta sa tionscal.

Is fiú smaoineamh air.


*" Ó Mo Dhúchas"*

le Seosamh Ó hÉanaí

agus scothcheol agus amhráin traidisiúnta eile ar CD

CEOL . CÚRSAÍ GAEILGE
SLÓGADH. DÍOSPÓIREACHTAÍ
SPRAOÍCHEIST . CAIDREAMH
IRISÍ OIDEACHASÚLA srl.

**gael-linn**

26 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath, 2.
Teil: 01-6767283 Facs: 01-6767030

# JOHNNY GREENE - DORNÁLAÍ MHUIGHINSE



Bhí cáil mhór i gcónaí ar Johnny Greene sa bpobal seo - scoth an fhir, a deir siad. Tá sé de cháil air nach maith leis mórán a rá faoin ngaisce a rinne sé féin sa bhfáinne. Ach fuair muid láimh chúnta óna iníon Mairéad (Mairéad Allen) leis an bpíosa seo a chur le chéile. D'éirigh lena iníon Máire an dá phictiúr atá anseo a thabhairt léi gan bhuíochas dó.


Rugadh Johnny Greene, nó Johnny Shéamais Dhiarmaidín, mar is fearr aithne air, ar an gCéibh, Cartúr, Muighinis, ar an 11ú lá de Shamhain, 1911. Chaith sé a óige ansin, ag freastal ar an scoil i Muighinis, ag cabhrú lena athair ag iascach agus na jabanna eile a bhí le déanamh timpeall an tí.

Nuair a bhí Johnny naoi mbliana déag d'aois, bhuail fonn siúil é agus thug sé a aghaidh ar Bhoston Mheiriceá. Sheol sé amach as Cóbh Chorcaigh ar an long Brittanic agus thug a aghaidh ar a shaol nua sna Státaí. Is ar thóir oibre a bhí Johnny ar dtús ar nós go leor eile as Conamara. Nuair a shroich sé ceann scríbe ní raibh sé chomh héasca sin jab a fháil mar gheall ar an 'Depression' a lean an Chéad Chogadh Domhanda, agus seachas a aghaidh a thabhairt ar Éirinn arís chuimhnigh sé ar phlean eile.

Chuir sé an-suim sa dornálaíocht mar chaitheamh aimsire agus d'fhreastal sé ar Gym Kelly agus Hayes i mBoston. Thaithin an spóirt go mór leis agus rinne sé traenáil phrofisiúnta ansin ar feadh i bhfad. Thosaigh sé ag troid freisin agus ag taisteal timpeall na Státaí. Bhain sé an-taitneamh as an saol agus is iomaí corn agus duais a bhuaigh sé. I measc na ndornálaithe a throid sé bhí Johnny Risho, "The Cleveland Rubber Boy" , Conor Kelly agus Jimmy Moloney as South Boston. Bhí Johnny ag troid i roinn an mheánmheáchain. Rinne sé roinnt taistil sna boxing booths. Le linn dó a bheith ag troid i Meiriceá sea bhuaigh sé an gradam mór na Golden Gloves agus go leor eile a bhfuil dearmad déanta aige orthu anois.

D'fhill Johnny ar Éirinn sa mbliain 1932. Chaith sé cupla bliain sa mbaile agus sa mbliain 1934 liostáil sé sa gCéad Chath ar an Rinn Mhóir i nGaillimh. Saol iontach a bhí aige ansin agus, ar ndóigh, lean sé leis an dornálaíocht. I measc a chairde bhí an dornálaí cáiliúil as Ros Muc, Mike Flaherty agus An Fear Mór, Cóilín Breathnach as Leitir Mealláin. Bhí an traenáil dian go leor san arm freisin ach bhí sé i measc Gaeilgeoirí agus cairde. Deir sé go raibh togha na beatha le fáil aige fiú má bhí air mílte a rith go luath ar maidin. Bhí Éirinn neamhspléach le dhá bhliain déag, bhí spiorad iontach san arm agus neart craic agus comhluadair i nGaillimh. Tá cuntas ar an saol seo le fáil sa leabhar Saol Saighdiúra ag Domhnall Mac Amhlaigh a chaith tréimhse sa gCéad Chath é féin.

Throideadh Johnny dó nó trí de chuarta sa tseachtain le linn dó a bheith san arm. I measc na ndaoine a throid sé bhí



Paddy Barry as Corcaigh, an Garda Mulligan, an Garda Ernie Smith, P.J. Murphy, Private Herlihy, M.J. O'Connor agus liosta fada eile. Is cuimhin leis fear darbh ainm Lydon a bheith ina réiteoir. Mhaireadh chuile bhabhta dhá nóiméad agus sé bhabhta a bhíodh i gcluiche.


Bhí poiblíocht mhór ag baint leis an dornálaíocht ag an am. Tharraingíodh cluiche na sluaite go dtí an Beairic fhéin, nó go dtí an Pavillion i mBóthar na Trá. Ar ndóigh thaisteal Johnny ar fud na tíre ag troid. Is cuimhin leis a dhul go Cill Chaoi, Collins Barracks, Finner Camp, Áth Luain agus Portebello Barracks i mBleá Cliath. Bhí an traenáil go maith in Éirinn agus i Sasana ag an am, a dúirt sé.

Ag cuimhniú siar ar na dornálaithe a chonaic sé fhéin, bhí cuid acu níos fearr ná a chéile. I Meiriceá bhí Tommy Laughton as Philladelphia (meánmheáchan), Mickey Walker nó Toy Bulldog as New Jersey, Jimmy McLeren as Vancouver (a chonaic sé sa gym). Bhí an-mheas aige ar Mhummahad Ali agus ar Henry Cooper, ar Mháirtín Thornton, ar Bharry McGuigan, ar Steve Collins agus ar Mhichael Carruth. Ceapann Johnny go raibh na dornálaithe trom-mheáchain níos fearr an uair sin. Ceapann sé go bhfuil an teilifís agus na meáin chumarsáide á milleadh le iomarca poiblíochta agus le iomarca airgid.

Ó Dubhda, Tógálaí

Carna, Conamara
Fón/fax : 095-32247

Cártaí
Mháirín



Siopa Dowd, Statoil

# Pobal Iorras Aithneach - An taobh eile den Celtic Tiger

Áit aoibhinn chiúin le oíche nó dhó a chaitheamh ann má tá tú ar laethanta saoire.

Seachas áilleacht an cheantair agus na hacmhainní nadúrtha atá ann, mar shampla, tránna, farraige, locha, oileáin agus sléibhte níl aon áis eile ann chun turasóirí a mhealladh.

Níl an Chomhairle Contae sásta stádas an Bhrait Ghoirm a thabhairt d'aon trá sa gceantar. Tá tástáil déanta ar an uisce ar "Thrá Chaladh bhFuínse" le cupla bliain anuas agus tá an t-uisce an-ghlan, ar chaighdeán ard, ach fós tá an Chomhairle Contae ag rá go gcosnódh sé iomarca airgid an stádas seo a thabhairt don trá, cé go bhfuil tionscal na turasóireachta ar cheann de na tionscail is luachmhaire sa tír.

Níl tada den Celtic Tiger le feiceáil sa bPobal seo. Marach an fheilméaracht éisc agus tionscal na feamainne, na hóstáin, cupla siopa, cupla comhlacht agus monarcha, bheadh an ceantar seo an-bhuailte ar fad. Tá an t-iascaireacht fhéin buailte ar an gcloigeann. Bhí na hiascairí ag fáil an phraghas céanna ar a gcuid éisc deich mbliana ó shoin agus atá siad a fháil anois.

Mar gheall ar an leibhéal ard dífhostaíochta atá sa gceantar bhíodh na daoine ag brath ar an bhfarraige agus ar an iascaireacht mar shlí mhaireachtála, ach níl sé sin fhéin anois acu.

Tá neamhaird déanta ag polaiteoirí ar an gceantar seo. Marach corr-chasaoid ar Raidió na Gaeltachta ní bheadh fhios agat a raibh muid ann nó as. Tá bailte fearainn sa bPobal seo fós i 1997 nach bhfuil aon soláthar uisce iontu - an rud is bunúsaí ar fad. Tá an fhadhb seo pléite go mion agus go minic ag coistí deonacha sa gceantar le polaiteoirí agus gan aon réiteach ar an scéal.

Níl aon Ionad Pobail anseo i gCarna a bhféadfadh daoine a theacht le chéile, go háirithe ár ndaoine óga. Mar thoradh air seo tá gach rud dírithe ar an mbeár agus ar an ól.

Tá fadhbanna móra le sárú ag an bPobal seo má táthar chun aon dul chun cinn a dhéanamh. Teastaíonn instealladh mór airgid. Chomh maith leis sin teastaíonn misneach, fuinneamh, foighid, eagar, comhoibriú agus am chun díriú isteach ar na nithe atá de dhith ar an bPobal seo. Mar sin bíodh muid aontaithe le chéile faoi aon ghlór amháin, aon phobal amháin - Pobal Iorras Aithneach.

Máire Uí Chuinneáin.



*Sclaig a líonadh - ach tá go leor le déanamh fós, a deir Máire Uí Chuinneáin.*

# An Pobal Thar Sáile

*Bá é an bád bán agus eitealán na Sionnainne a bhí i ndán do chuimse de mhuintir an phobail seo in imeacht na mblianta. Is beag deis oideachais, ná deis oibre, a bhí acu sa mbaile. Cé gur beag a bhí tugtha ag an tír seo dóibh, chruthaigh muintir an phobail seo thar cíonn sna tíortha a ndeachaigh siad. Tá tuairiscí ar éachtanna éagsúla a rinne cúigear as an bpobal seo i Meiriceá agus san Afraic le bliain anuas sa gcuid seo den Irisleabhar.*



COMMUNITY NEWS — Sun-Journal, Lewiston, Maine, Tuesday, April 23, 1996

## Local woman to carry Olympic flame

LEWISTON – Margaret Craven, community respite coordinator at the John F. Murphy Homes, is a hero who will carry the Olympic flame through part of its journey to Atlanta this summer.

Craven, who lives in Lewiston, was exactly the sort of "American hero" the Olympic Committee was looking for when it proposed running the torch, a half-mile at a time, through 42 states using community volunteers.

A native of Ireland, Craven came to America looking for opportunities for work and a fresh start. Her nomination letter, written by "her lucky, lucky friend Penny Hilton," sums up her hero qualifications.

"The U.S. received a gift when Margaret's poor Irish family sent her by herself, at 17, with an eighth-grade education, to find a better life. A long list of volunteer work in foster care, hospice work, fund-raising for hunger organizations, advocacy for the mentally disabled, immigrant sponsorship, religious education and vigorous political participation barely suggest the constant flow of love, care and respect that Margaret has put into practical action for people in every corner of her life since her very first days here. Her success – which includes marriage, two children, education past a BA, a professional career in service to the mentally handicapped, and running marathons – has been translated at every step into greater skills applied to Margaret's passionate stand for dignity and respect for everyone. She's lively, compelled to grow, and compelled to serve. She doesn't just do good work – she does good life."

Craven landed in Boston and found work as a domestic, "something I wasn't very good at," she remarks."

"I met my husband (who works at General Electric) because he was living in the same apartment building. We've been married 28 years and moved to Maine many years ago. I think it's very important to be willing to put your face out, to really stand up for what you think is important. Local people are very involved in the Lewiston-Auburn area, and they know something: volunteering is fun," Craven said.

Craven has just a little Irish lilt, but a big laugh. She is proud of being one of Maine's 10 torch-bearing volunteers and is delighted that local groups have already asked her to participate in local walks and runs for charity.

"I'm really looking forward to it. It's going to be great fun. I'm having to practice running around my neighborhood with a three and a half pound weight up above my head, though," she says.

Olympic torchbearers are provided with a running uniform and a running escort when they carry the 3.5 pound torch on their segment. They can also purchase their torch as a memento of their part in Olympic history.

A total of 5,500 "community heroes" will have the opportunity to run the torch across America. Local United Ways were invited to solicit their communities for volunteer nominations, and other community heroes will be found through different groups.

More than 10,000 people will run the torch along its 1,500 route for 84 days, beginning April 27 when the flame lands in Los Angeles. The Olympics begin with the official opening ceremony July 19 in Atlanta.

Other Maine runners are: Richard Johnson of Wells; George Van Deventer of Washington; Francis Kleeman, MD, of Biddeford; Susan Cary of Orr's Island; Bill Griffin of Saco; James Street of Eliot; Tim Furrow of Bangor; John Portela of Brunswick; and Tina Crawford of Alfred. Former Olympians Dan Bolduc, an ice hockey player, and Rob Parisien, a skier from Auburn, will also run.



Margaret Craven tries on her Olympic T-shirt and practices with a paper flame as she prepares to carry the Olympic flame. She will run about a half mile on the torch route planned near Boston, the closest that the flame comes to Maine, on June 15.

As Leitir Ard í Maireád Ní Chonghaile (Mairéad Mhattie Sheáinín) .... nó Margaret Craven, mar a tugtar uirthi i Maine i Meiriceá. Chríochnaigh sí a cuid oideachais i Rang 7 i Scoil Náisiúnta Ghlinnsce. 'Speáineann an tuairisc páipéir nuachta as Maine gur chuir sí go mór leis an gceantar a ndeachaigh sí ann. Bhí an oiread sin ómóis di gur hiarradh uirthi Lasair na gCluichí Olimpeacha a iompar píosa den bhealach, i dtreo Atlanta.

---

As an Aird Mhóir é Danny Ó Flatharta.....Danny Mhichael Coleman. D'fhág sé an baile agus é fós sna déaga. Bhí sé féin agus a dheartháir, Pádraig, ar fud Mheiriceá agus i dtíortha chomh fada ó bhaile leis an tSéalainn Nua agus Iosrael. Tá gnó aige i New Orleans agus sé a thosaigh an Fhéile Idirnáisiúnta Cheilteach i Stát Louisiana. Rinne sé éacht sa bhFómhar nuair a rinne sé a bhealach - 32 míle uilig - trasna Loch Ponchartrain ag iomradh curaigh.



*Danny Ó Flatharta (chun tosaigh) agus Robyn James Jones.*


**Sé STATOIL an t-aon chomhlacht ola a fuair an príomh-ghradam as a gcaighdeán feabhais sa tír seo.**

Siad muintir **Sweeney** a dhíolann an branda **STATOIL** i gConamara.
Tabharfaidh Tí Sweeney seirbhís mhaith dhuit agus ní bheith aon mhoill ort.

**Tá siad éifeachtach agus tá siad suáilceach.**

Ná téigh thar dhoras Tí Sweeney, An Clochán.

*Tá muid anseo ar mhaithe leatsa.*




# Sweeney Oil Ltd.


**AN CLOCHÁN. FÓN: 095-21777**

# ANN MARIE NÍ MHADAOIN

As Coill Sáile i gCill Chiaráin í Ann Marie Ní Mhadaoin. Tá trí bliana go leith caite anois aici a chúnamh don eagraíocht fhorbartha don Tríú Domhan. APSO. Tá sí ag obair mar mhúinteoir bitheolaíochta agus matamatice i scoil Mutero i gceantar Gutu in Zimbabwe. Mar a bhíodh an saol san aimsir a caitheadh i gConamara atá saol na linne seo i Gutu. Uisce ón tobar, cuartaíocht, ceol...agus bochtanas.



*Ann Marie in éineacht leis na gasúir ar thuras bus. Tá an bochtanas chomh dona sin go dtéann cuid acu chun na scoile sa gcaoi agus go bhfaighidh siad a mbéilí.*




*An chéad lá de Lúnasa, 1977 - ar bharr an chnoic is airde san Afraic - Gilmans Point.*




*Tír na gréine freisin - tá na 'pam-pams' saor in aisce!*



*Ann Marie (ar dheis) agus a cara san Afraic.*

# Seanchaí.



*Beartla Rua Ó Guairim as Leitir Ard. Seanchaí den scoth a bhí ann. Tógadh an pictiúr seo thart ar aimsir an Dara Cogadh Domhanda. Ag tabhairt a aghaidh síos le trá a bhí Beartla.*

# Dánta Mháirín

*Ní ligean Máirín Uí Dhúbhda bliain ar bith thart gan a cuid smaointe a chur i ndánta. Seo cupla ceann nár foillsíodh cheana.*

## Ciúnas - tréis an chluiche

*Solas na gréine*
*Tríd an bhfuinneoig daite*
*Ag soillsiú na maidne*
*Ag soillsiú am teampall*
*Resurrexit sicut dixit*

*Ceol na n-éan amuigh*
*Monmhar na bpaidreacha istigh*
*Dath buí, bán-dearg*
*Meas tú cén fath buí ?*
*Resurrexit , mar a dúirt Sé.*

*Fuacht arís, clocha sneachta*
*Cá bhfuil an t-Earrach inniu*
*Cúl, cúilín - coinnigh leis*
*Tá fear anseo leis fhéin.*
*dAiseirí Sé, mar a dúirt Sé.*

*Casacht bhog,'flú arís*
*Ná h-abhair go bhfuil sé ar ais*
*Dia dhá réiteach, nár lige Dia*
*Shíl mé go raibh agam*
*Tiocfaidh Sé arís, beidh Sé linn go brách*

*Bhí cluiche maith ann*
*-Ach an cúilín sa second deire*
*Aithimirt faoi cheann seachtaine*
*Sciúirseáil arís an ea?*
*Tugaigí grá dá chéile, sin í mo chéad achainní.*

Sí Beag Sí Mór

## Driseacha

Ag siúl ar chosáin dom ar maidin
Ag machtnamh go doimhin ar chúrsaí an tsaoil
'Sea scríob na driseacha mo loirgne go fíor-ghéar
Dom dhúiseacht go bord is go tobann.

Ná h-abhair go bfásann sméara agus blátha
Áit nach n-airím ach deilgne gránna
Ní féidir go bhfuil milseacht agus áilleacht
Áit mach mothaím ach pian agus fiántas.

Dá mbeadh ár súile ar oscailt
Mara mbeadh muid claonta 'gus dall
Ba leor dúinn an cumhrán 'san milseacht
Ar an sceach is ísle ag fás.

Sí Beag Sí Mór

## An Trathnóna

Scamall dubh dorcha corcra
Anuas ar an gcnoc
Loinnir buí-gheal gréine
Ag éalú amach.

Dá mbeadh scuaibín agam anocht
Is páipéar le dathú
Leagfainn a lorg ar an gcairt
Is bheinn ag breathnú

Sí Beag Sí Mór

LEADER II

MEITHEAL FORBARTHA NA GAELTACHTA TEO

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-593410, Faics: 091-593728
e-mail: mfgghaillimh@tinet.ie

*Comhghairdeachas le Iris Iorras Aithneach*

# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Carna

*Eolas iomlán ar fáil*

**Rúnaí Áitiúil**
Rita Mhic an Iomaire
Cill Chiaráin
Conamara

**Stiúrthóir**
Dónall Mac Mathúna
Inis Bheag
Cill Mháille

# ARRAMARA TEO.

**Cill Chiaráin, Conamara**

**Teil: 095-33404/33417**

**Facs: 095-33494**

# *Lá Fhéil Mhic Dara, 1997*


***Tháinig sé ina ghleáradh báistí ach níos stop sin an searmanas traidisiúnta ar Oileán Mhic Dara. Seo roinnt phictiúr a tógadh ar Oileán Mhic Dara ar an 16ú Iúil.***



*Sagart Pobail Charna (i lár baire), príomh-cheiliúraí an Aifrinn agus an tAthair Pádraig Ó Niaidh as Caladh bhFuínse, a bhí sa mbaile as an Afraic, ar chlé.*



*Colm Sheáin Jeaic Mac Donnchadha (ar dheis) ag comhrá le Beartle Ó Ráinne as Leitir Calaidh.*



*Risteárd Mac Donnchadha as na hÁirdeanna.*



*Johnny Bailey agus Nan Bean Uí Niaidh as Caladh bhFuínse.*



*Micheál Ó Cuaig, Joe John Mac an Iomaire, Pádraic Tom Photch , Risteárd Ó hEidhin, Johnny Mháirtín Learaí, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin agus ar chúl an phictiúir, Beairtle Breathnach - Cór Charna ag sochraide Sheáin Chóilín i Ros Muc.*



*Lá Fhéile Mhic Dara, 1997*

# Aghaidh na ndaoine.




*Dara Ó Maoláin as an Aird Mhóir - go ndéana Dia trócaire air - agus Bríd Bn. Uí Chatháin.*



*Micheál Ó Catháin - Michaeleen Soney Josie as Gabhla.*



*Áine Bean Mhic Dhonnchadha as Glinsce - go ndéana Dia trócaire uirthi.*



*Is minicí ar an taobh eile den cheamará é! Séamas Ó Dubháin as an Aird Mhóir.*

# Ionad Níocháin na Ceathrún Rua

Cuileán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-595222

**Laundrette & Dry Cleaners**
**Seirbhís Níocháin 7 Deisiúcháin**

***Níochán Cairpéidí***

# MuirÁis Teo.

**Leitir Ard, Caiseal, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 095-32354 nó 087-455935**

Saortha Báid agus Innealtóireacht Mhara

***Déanamh Báid Nua agus Deasú Sean Bháid Adhmaid***
***Inneall Nua agus Dara Láimhe***
***Deasú sean innill freisin***
***Seirbhísí do Thurasóirí Mara***

Uimhir Chláraithe 230669. Uimhir C.B.L.I.E. 8230669R



Pádraig Ó Ceannabháin



Ó chlé: Roisín Nic Dhonnchadha, Maighréad Ní Chuaig agus Eileen Ní Mháille.



Noel Hill (sa lár) in éineacht le Annie Devane agus Pádraig Tom Photch.



*Éamon Ó Cuív agus Seosamh Ó Cuaig.*



*Ag ceiliúradh 50 bliain Arramara.*



*Niamh Ní Chuaig (ar chlé) agus Ruth Ní Chathasaigh ag na Cluichí Pobail.*




**Foireann Scoile Chill Chiaráin - Trá Chaladh Fhidhinse i dtús na n-ochtóidí.**
***Cúl:*** *Colm Ó Cadhain, Seán Seosamh Ó Tuathail, Cormac Mac Donncha, Gearóid Ó Madaoin, Máirtín Ó Tuathail.*
***Tosach:*** *Pádraic Ó Conghaile, Micheál Ó Dunaird, Seosamh Ó Madaoin (RIP), Cathal Ó Cuaig, Seosamh Ó hEidhin.*



**Maraton Chill Chiaráin i tús na n-ochtóidí.**
***Líne tosaigh ó chlé:*** *Mac Dara Ó Cuaig, Pádraic Ó Coirbín, Cathal Ó Cuaig.*
***Dara líne:*** *Niall Ó hÉilí, Méabh Mairéad Nic Dhonncha (An Cheathrú Rua), P.J. Mac Donncha.*
***Triú líne:*** *Séadhna Florres, Diarmad Ó Clochartaigh, Máire Áine Ní Chuaig.*



*Obair na Saortha Óga i Leitir Árd - An Colm Cille*





*An Bheirtreach Bheag ag Teach Ghlinnsce*



*Tuilleadh den obair atá ar siúl i Leitir Ard faoi stiúir Choilm UÍ Mhaoilchiaráin.*
*Tá alt san Iris ag Tomás Mac Con Iomaire.*

# FOCAL ÓN EAGARTHÓIR



*Máirtín Ó Catháin.*

Seo í an t-ochtú ceann d'fhoilseacháin "Iorras Aithneach" as a chéile. Bíonn súil ag daoine léi faoin Nollaig anois.... go deimhin aithnítear Iris Iorras Aithneach mar chuid den Nollaig thart anseo. Tugann sé seo uilig misneach don dream a bhíonn ag plé léi agus iad ag tosnú ar an obair bliain i ndiaidh bliana. Tá obair throm ag baint leis an Iris - obair a mhaireann ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí an Cháisc dar gcionn. Ní bhíonn déanta ach leath na hoibre nuair a shroicheann "Iorras Aithneach" na siopaí. Bíonn go leor eile le déanamh i dtaobh bailiú airgid, íocaíocht do phriondálaithe, pictiúir a thabhairt ar ais do dhaoine, srl, sular féidir le Coiste na hIrise a gcuid maidí a ligean le sruth.

Cé go bhfuil obair throm ag baint le foilsiú na hIrise seo ó thús na naochaidí i leith feictear do chuid mhaith againn go bhfuil tábhacht mhór ag baint léi i gcónaí. Coinníonn sí súil ar na hathruithe atá ag tarlú agus dúisíonn sí ceisteanna. Ní ligeann sí an cultúr agus an bealach maireachtála a bhain leis an gceantar san aimsir a caitheadh i ndearmad ach an oiread. Baineann sí leis an bpobal - sa mbaile agus thar lear. Tá a fhios againn go seoltar go leor leabhra acu seo chuig muintir an phobail atá as baile agus thar sáile aimsir na Nollag. Seolann Coiste na hIrise a mbeannachtaí chuig muintir an phobail atá i dtíortha i gcéin.

Tá cúnamh go leor faighte againn aríst i mbliana ó dhaoine ar fud an phobail. Tá muid faoi chomaoin go mór ag daoine a scarann le pictiúir luachmhara as a dtíthe féin le cur san Iris seo.


Tá obair mhór déantar aríst i mbliana ag Seosamh Ó Cuaig ag léamh na bprofaí. Tá ár mbuíochas dlite do na clóscríbhneoirí, Ann Marie Ní Fhlatharta agus Máire Treasa Ní Chéidigh, agus do Geraldine Kane i gClódóirí Lurgan a rinne an leagan amach ar an Iris.

Thug Rannóg Ealaíon Chomhairle Contae na Gaillimhe láimh chúnta dúinn i mbliana den chéad uair agus is mór an t-aitheantas é sin. Bhí ceangal láidir ag Comharchumann Chonamara Thiar leis an obair i mbliana agus tá ár mbuíochas dlite don Bhainisteoir, Éamon Ó Domhnaill.

Ba mhaith liom labhairt go speisialta faoi May Lyons a bhíodh ag cuidiú linn i gcónaí leis an gcomhaireamh ar an daonra. Bhí labhartha againn léi aríst i mbliana agus cé go raibh an saol sách crua uirthi le blianta beaga anuas bhí athas uirthi bualadh faoin gcomhaireamh daonra aríst. Rug an tinneas uirthi an lá dar gcionn. Sé an teachtaireacht atá againn di - coinnigh do mhisneach agus go dtuga Dia biseach duit.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas le Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Máire Uí Chuinneáin, Seosamh Ó Cuaig agus le Ann Marie Ní Fhlatharta - Coiste "Iorras Aithneach '97" . Tá sí foilsithe aríst! Ní abróidh muid aon bhlas faoi '98, ná faoi bhliain ar bith eile anois. Fágfaidh muid inseacht na scéalta sin ag an aimsir!

- Máirtín Ó Catháin.



## *LÉIRIÚ AR SHAOL POBAL MARA*

Ag tús an togra Atlantis deineadh cinneadh go n-eagrófaí togra grianghrafadóireachta chun léiriú a thabhairt ar shaol phobal na mara i gceantar Charna. Tugadh cuireadh do Amelia Stein, grianghrafadóir, teacht go dtí an ceantar chun gnéithe áirithe den saol áitiúil a tharraingt. Caith sí trí dheireadh seachtaine sa cheantar as ar tharraing sí trí shraith de phictiúirí: Áilleacht Tíre - pictiúirí den taobh tíre le béim faoi leith ar shaol na mara ar nós na mbád agus na farraige, an ghlúin chríonna a chaith a saol i measc pobal mara; agus an ghlúin óg a thógfar le hoidhreacht agus le todhchaí na farraige. Tugadh cuireadh do Eddie Bheartla Ó Conghaile as Leitir Ard titim cainte a chur le gach pictiúr. Foilseofar an saothar seo mar leabhar álainn go luath san Earrach.

Titim Cainte leis an bpictiúr
*Tá an bád seo ag déanamh pléisiúir*

Fidelma Mullane 12.12.'97




Clódóirí Lurgan Teo. (091) 593251/593157